



Raidió Teilifís Éireann Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais an Ghrúpa 2009



Clár

Buaicphointí	1	Tuairisc Chomhaltaí an Bhoird	50
Struchtúr ár nEagraíochta	2	Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird	51
Cad a dhéanaimid	3	Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleáigh	52
Ráiteas an Chathaoirligh	4	Ráiteas Airgeadais	53
Athbhreithniú an Phríomh-Stiúrthóra	6	Beartais Chuntasaíochta	60
Athbhreithniú Oibriúcháin	10	Nótaí atá ina gcuid de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa	66
Athbhreithniú Airgeadais	38	Cairt	92
An Bord amhail an 31 Nollaig 2009	44	Eolas Staitisticíúil Eile	100
Feidhmeannas	45	Stair Airgeadais	103
Rialachas Corparáideach	46		


Bord Raidió Teilifís Éireann

An naoú Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais an Ghrúpa is daichead do na 12 mí dar críoch 31 Nollaig 2009, arna chur i láthair an Aire Chumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádrtha de bhun alt 109 den *Acht Craolacháin 2009*.

Is é fíis RTÉ cur le muinín mhuintir na hÉireann as an tseirbhís mar fhoinsé eolais agus inspioráide a léiríonn agus a shaibhríonn a saol.

Is é misean RTÉ:

- Éagsúlacht chultúrtha agus réigiúnach mhuintir na hÉireann go léir a chothú agus a léiriú
- Cláir agus seirbhísí sainiúla uailmhianacha de shárchaighdeán a chur ar fáil, agus béim a chur ar léiriúcháin bhaile
- Muintir na hÉireann a choinneáil ar an eolas leis an tseirbhís nuachta chuimsitheach neamhspleách is fearr is féidir
- Rannpháirtíocht náisiúnta i ngach mórimeacht a éascú



Buaicphointí



Cibé Éire ag buachan an Chaitheirín Mhór nó Bernard Dunne ag buachan na craibhe domhanda; i rith 2009 lean RTÉ ag soláthar **imeachtaí spóirt beo** agus anailís **saor-go-haer** do gach duine



Thug comóradh Heaney At 70 san Aibreán ar fud seirbhísí RTÉ **aitheantas speisialta** agus oiriúnach do dhuine de na daoine is cruthaithí in Éirinn



Bhí clúdach cuimsitheach RTÉ ar na tuille i mí na Samhna ina léiriú soiléir ar **thiomantas RTÉ do phobail áitiúla**



Thabhaigh RTÉ **easnamh de €16.5* milliún** in 2009 bunaithe ar ioncam de €375 milliún



San Aibreán sheol RTÉ an **RTÉ Player**, seirbhís súil siar teilifíse ar líne RTÉ atá go mór chun cinn sa tionscal




Baineadh amach coigiltis de **€71.1 milliún** ar **chostas oibríochta foriomlán** in 2009, laghdú costais de **15%** nach mór i gcomparáid le 2008

* roimh Mhír Eisceachtúil (Muirear Athstruchtúrtha) de €11.3 milliún

Struchtúr ár nEagraíochta

Seo a leanas struchtúr eagraíochta RTÉ:



Déanann Feidhmeannacht RTÉ Rannáin Chomhtháite Gnó RTÉ (IBDanna) agus Seirbhísí Comhroinnte an Ghrúpa a bhainistiú ó lá go lá. Tá an Príomh-Stiúrthóir ina chomhalta ex officio de Bhord RTÉ, ar chuir Rialtas na hÉireann freagracht air maoirsiú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí Ghrúpa RTÉ.

Cad a Dhéanaimid

Teilifís RTÉ

Oibríonn RTÉ dhá chainéal teilifíse comhlántacha saor-go-haer:

- RTÉ One - bunsraith chlúdach údarásach nuachta agus cúrsaí reatha teilifíse le scéalta náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cuirtear le raon cuimsitheach de chláir fhíorasacha, siamsaíochta, drámaíochta agus stíl mhaireachtála le hábhair ar leith a cheannaítear.
- RTÉ Two - cainéal ilchineálach atá tarraingteach do sain-lucht féachana feadh an sceidil. Is iad leanaí agus spórt an príomhfhócas i rith an lae; díritear ar chur chuige óg sa tráthnóna le drámaíocht nuálach, siamsaíocht agus príomhghnóthachtálacha.

Raidió RTÉ

Feidhmíonn Raidió RTÉ ceithre phríomhstáisiún náisiúnta agus seacht stáisiún atá go heisiach digiteach. Is féidir na príomhstáisiúin a fháil ar FM, ar raidió digiteach (DAB) agus ar líne; tá stáisiúin dhigiteacha le fáil ar raidió digiteach agus ar líne. Tá RTÉ Radio 1 le fáil ar LW.

Príomhstáisiún

- RTÉ Radio 1 - le nuacht agus cúrsaí reatha; ealaíona, dramaíocht agus snáitheanna clár faisnéise; siamsaíocht, spórt agus ceol
- RTÉ 2fm – caint agus siamsaíocht, ceol pobail agus ailtéarnach do dhaoine faoi 45
- RTÉ lyric fm – cainéal saincheoil agus clasaiceach
- RTÉ Raidió na Gaeltachta – seirbhís Ghaeilge, a bhfuil an t-ábhar a ndéileáiltear leis cosúil le hábhar RTÉ Radio 1 ach le hairead faoi leith ar cheol traidisiúnta agus ar nuacht áitiúil sna pobail Ghaeltachta éagsúla

Stáisiúin Dhigiteacha

- RTÉ 2XM – ceol rap agus pop do mhic léinn le béim ar cheol nua agus Éireannach
- RTÉ Choice – an chuid is fearr de raidió poiblí idirnáisiúnta agus de chartlanna gnéchláir RTÉ
- RTÉ Junior – an chéad stáisiún raidió do leanaí in Éirinn; ag casadh ceoil agus scéalta 7 a.m. go dtí 9 i.n.
- RTÉ Chill - seirbhís cheoil chomhthimpeallach do na tráthnóna
- RTÉ Gold – ceol coitianta gan bhriseadh do dhaoine os cionn 35 bliain d’aois
- RTÉ Pulse – ceol damhsa leictreonach
- RTÉ Radio 1 Extra – seirbhís choinneáil suas agus ábhar roinnte do RTÉ Radio 1

Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ

Soláthraíonn RTÉ cláir nuachta agus cúrsaí reatha neamhspleácha, chruinne agus neamhchlaonta, sa dá theanga, ar fud na seirbhísí go léir, lena n-áirítear Raidió, Teilifís agus RTÉ.ie.

Líonra RTÉ

Soláthraíonn RTÉNL (RTÉ Transmission Network Limited) líonra tarchuir náisiúnta do Raidió agus Teilifís RTÉ, TG4, TV3 agus Today FM. Tugann sé spás túir ar a chraoin ar cíos do stáisiúin raidió áitiúla agus do raon eintiteas a bhfuil baint acu le leathanbhanda, líonraí fóin póca, na seirbhísí éigeandála srl.

Foilsitheoireacht RTÉ

Oibríonn Foilsitheoireacht RTÉ ceithre cinn de na seirbhísí meán is mó in Éirinn:

- RTÉ.ie – an láithreán gréasáin meán is mó a bhfuil tóir air in Éirinn a chuireann raon seirbhísí ar líne láithreán-bhunaithe ar fáil saor in aisce
- RTÉ Guide – an iris sheachtainiúil is mó díol in Éirinn
- RTÉ Aertel – an tseirbhís teilitéacs saor-go-haer is mó atá chun cinn
- RTÉ Player - Seirbhís súil siar teilifíse ar líne RTÉ

Grúpaí Oirfide RTÉ

Cuireann RTÉ go mór leis na healaíona in Éirinn, agus oibríonn sé cúig ghrúpa oirfide:

- Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ
- Ceolfhoireann Cheolchoirme RTÉ
- Ceathairéad Vanbrugh RTÉ
- Cór Fiolarmónach RTÉ
- Cór na nÓg RTÉ

Ráiteas an Chathaoirligh

In 2009 bhí an tionchar a bhí ag an ngéarchéim eacnamaíochta ar fud an domhain agus anseo sa mbaile ar Éirinn, ar eacnamaíocht bheag oscailte í, an-tromchúiseach. Tháinig ardú mór ar dhífhostaíocht, chuaigh sé crua ar ghnólachtaí a theacht slán agus b'éigean don rialtas cinntí crua a dhéanamh. Fearg, milleán agus breith ar aiféala ba mhó a bhí le braistint sa pholaitíocht agus sa díoschúrsa poiblí i rith na bliana agus bhí go leor daoine a raibh cuid mhaith le cailleadh acu ag aireachtáil an-leochaileach agus bhí faitíos orthu go raibh a raibh uathu dóibh féin agus óna muintir ag imeacht le sruth uathu.

Ráiteas

Sa chomhthéacs sin tháinig RTÉ chun cinn i rith na bliana mar fhóram lárnach do dhíospóireacht agus do phlé. Bíonn ról tábhachtach ag meáin na seirbhíse poiblí le linn tréimhsí crua agus le linn tréimhsí a mbíonn éiginnteacht ag baint leo. I rith 2009, bhí tábhacht leis an muintir a bhí ag an lucht féachana in RTÉ le blianta mar go raibh níos mó agus níos mó daoine ag baint leas as na seirbhísí atá againn le súil léargas a fháil ar na himeachtaí corraitheacha a bhí ag múnlú an tsaoil thart orthu.

Mar chraoltóir atá démhainithe agus a bhraitheann ar ioncam tráchtála agus ioncam ó tháillí ceadúnais, ba bhliain an-chrua a bhí inti do RTÉ chomh maith. De bharr meascán de bhrúnna eacnamaíochta éagsúla anseo ag baile chomh maith le tionchar an chúlú dhomhanda is doimhne a facthas leis na déaga blianta tháinig laghdú mór ar an gcaiteachas ar fhógraíocht, go háirithe fógraíocht ar an teilifís, i rith 2009. Mar thoradh ar an laghdú sin, agus mar a thuairiscítear sa tuarascáil seo, tháinig titim ollmhór ar ioncam tráchtála RTÉ. D'éiligh sé sin gníomh cinnte agus gníomh crua ón mBord agus ón bhFeidhmeannacht chun costais a laghdú agus ioncaim a chosaint, agus ag an am céanna bhíomar ag iarraidh ár n-oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh, ár sceidil a chosaint agus fostaíocht a choinneáil a mhéid agus a d'fhéadamar. Trí roinnt beart d'éirigh le RTÉ an t-easnamh mór a ceapadh a tharlódh a athrú go heasnamh oibríochta don bhliain, easnamh a d'fhéadfaí a láimhseáil. Ba mhór an ní é sin a bhaint amach.

Mar chuid de na coigiltí a baineadh amach is údar mórtais dom a thuairiscíú gur bh é RTÉ, in Iúil 2009, an chéad chomhlacht poiblí a d'aontaigh agus a chuir laghdúithe ar phá bunúsach i gcás na foirne ar fad i bhfeidhm. Agus muid á dhéanamh sin, léirigh an fhoireann ní hamháin tuiscint agus léargas soiléir ar na deacrachtaí atá roimh an eagraíocht ina bhfuil siad ag obair, ach léirigh siad tuiscint agus léargas freisin ar na deacrachtaí atá ag go leor dár lucht féachana chomh maith.

Is í an tuiscint sin ó thaobh ár lucht féachana a chuir ar chumas RTÉ, i gcomhthéacs cúlra airgeadais atá crua, leanúint ar aghaidh in 2009 leis na cláir agus an t-ábhar is fearr a thionscnamh agus a chur ar an aer, ar an scáileán agus ar líne. Mar shampla in 2009: seoladh ardán ar líne iomlán nua, an RTÉ Player; rinneadh athnuachan ar an seó cainte teilifíse is faide ar an bhfód ar domhan; cuireadh fóraim iomlán nua ar fáil do dhíospóireacht ar chúrsaí reatha oícheanta Luain; agus – gach ráithe – bhí figiúirí éisteachta RTÉ Raidió ag ardú. Ag tráth a bhfuil an iomaíocht níos líonmhaire ná riamh agus na hacmhainní laghdaithe, bhí gá le níos mó táirgiúlachta, cruthaitheachta agus seiftiúlachta ón bhfoireann ar fad le go mbeimis ábalta leanúint ar aghaidh ag comhlíonadh ár gcuspóra phoiblí agus chun seachadadh a dhéanamh chuig ár lucht féachana. Léirítear go leor faoi eagraíocht nuair a leanann an fhoireann ar aghaidh ag tabhairt tús áite don phobal agus coigeartuithe crua pá, ciorruithe buiséid agus míchaoithiúlachtaí de bharr daoine ar an bhfoireann a bheith ag imeacht ag goilliúint orthu.

Trí roinnt beart d'éirigh le RTÉ an t-easnamh mór a ceapadh a tharlódh a athrú go heasnamh oibríochta don bhliain, easnamh a d'fhéadfaí a láimhseáil. Ba mhór an ní é sin a bhaint amach



Is príomhthosaíocht straitéiseach é ag RTÉ **rogha digiteach inmharthana** in áit tharchur analógach a bhunú

Rinneadh dlí den *Acht Craolacháin 2009* (Acht) i mí Iúil 2009. Fáiltíonn an Bord roimh an achtachán agus roimh chomhdhlúthú na reachtaíochta craolacháin ar fad in Acht amháin. Tá réimse suntasach de bhearta san Acht, bearta a mbeidh tionchar acu ar RTÉ ó thaobh airgeadais de agus ó thaobh peirspictíocht rialachais. Tógfaidh sé scaitheamh sula rachaidh tionchair iomlána an Achta i bhfeidhm ar chraoltóirí ach tá súil ag an mBord, i gcomhthéacs na mbrúnna tráchtála faoi láthair ar an earnáil, go ndéanfar na forálacha airgeadais roghnacha san Acht a bhreithniú go cúramach. Guím gach rath ar Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) nua agus táim ag tnúth le caidreamh dearfach a fhorbairt idir an tÚdarás agus RTÉ.

Is príomhthosaíocht straitéiseach é ag RTÉ rogha digiteach inmharthana in áit tharchur analógach a bhunú. Ciallaíonn an mhoill a tharla i rith 2009 ó thaobh comhaontú a dhaingniú le hoibrítheoir tráchtála DTT go bhfuil moill mhór curtha ar na príomhchéimeanna i dtreo rogha digiteach inmharthana láidir a bhunú don phobal. Agus an spriocam de 2012 ó thaobh an tarchur analógach a chasadh as ag druidim níos gaire dúinn, tá súil ag an mBord go bhféadfar dul chun cinn tráthúil a dhéanamh i rith 2010 lena chinntiú go mbeidh rochtain ag lucht féachana na hÉireann ar na teicneolaíochtaí digiteacha is fearr atá ar fáil, saor-go-haer.

Mheasfadh go leor gur drochbhliain a bhí in 2009 chun pleananna uailmhianacha fadtréimhseacha a sheoladh ó thaobh athfhorbairt champas RTÉ i nDomhnach Broc ach de bharr chomh tapa agus a athraíonn nádúr na teicneolaíochta léiriúcháin agus craolacháin bíonn orainn pleanáil agus soláthar a dhéanamh don todhchaí. Cé go bhfuil baint amach Thionscadal 2025 roinnt blianta uainn, daingneoidh an athfhorbairt – má bhaintear amach í - seasamh RTÉ amach anseo ag croílár mheáin na hÉireann sna blianta amach romhainn.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le mo chomhghleacaithe ar an mBord as a dtiomantas agus as a dtacaíocht, le Feidhmeannacht agus le foireann RTÉ ar mór agam labhairt ar a son agus ar ndóigh leis an lucht féachana agus éisteachta a chuireann a muinín ionainn de ló agus d'óiche. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh chomh maith leis an Aire Ryan as a dhíograis agus a iontaoibh ionainn, agus lena chuid oifigeach sa Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha as a gcúirtéis agus a gcomhoibriú i rith na bliana. Beidh dúshláin nua romhainn in 2010 ó tharla go bhfuil an timpeallacht eacnamaíochta fós an-éiginnte.

Mar bhonn faoinár gcuid oibre ar fad beidh an aidhm atá luaite againn, is é sin aschur agus postanna a chosaint chomh maith agus is féidir agus muid ag comhlíonadh ár gcuspóra phoiblí.

Tom Savage

Athbhreithniú an Phríomh-Stiúrthóra

I d'Tuarascáil Bhliantúil RTÉ do 2008 léiríodh domhan a raibh athrú mór tagtha air agus léiríodh freisin gur measadh go mbeadh dúshláin shuntasacha i gceist in 2009. Níor thuig, fiú amháin an dream is mó a bhí ag súil le dúshláin, chomh mór agus a bheadh na dúshláin sin. I gcás RTÉ bhí brúnna airgeadais ann agus iad sin seasta ag méadú agus ag an am céanna bhí orainn leanúint ag comhlíonadh ar lárchuspóra phoiblí agus pleanáil fhreagrach a dhéanamh don am amach romhainn. Le linn 2009 leanamar orainn ag freastal ar an lucht féachana trína chinntiú go raibh ár gcuid clár iomaíoch agus ábhartha; chuireamar clúdach ar fáil ar phríomhimeachtaí i gcomhlíonadh an daonlathais; rinneamar ceiliúradh ar scoth na cruthaitheachta; chuamar i dtaithe ar dhispeansáid rialála nua agus thugamar RTÉ ar aghaidh tuilleadh i dtreo timpeallacht dhigiteach iomlán.

Athbhreithniú

Léiríonn an Tuarascáil seo agus Ráitis Airgeadais an Ghrúpa an laghdú ollmhór a tháinig ar ioncam tráchtála in 2009 agus freagra daingean RTÉ le stop a chur leis an laghdú sin. Go luath in 2009, thuar RTÉ go bhféadfadh easnamh thart ar €68 milliún a bheith ar an ioncam tráchtála don bhliain. Le haghaidh a thabhairt air sin thug RTÉ isteach bearta chun costais a laghdú agus ioncam a chosaint le cúiteamh as an easnamh agus ag an am céanna rinneadh cosaint ar an aschur agus ar fhostaíocht a mhéid agus ab fhéidir. Tugadh aghaidh ar gach réimse den chaiteachas. Is ionann Costais Oibríochta a bhaineann le Pearsanra agus thart ar 50% de Chostais Oibríochta Iomlána RTÉ, agus laghdaíodh iad sin trí shraith gníomhartha comhnasctha. Áirítear orthu sin, i measc go leor nithe eile, ciorruithe pá a idirbheartaíodh le gach comhalta ar an bhfoireann, cuireadh pá a bhain le feidhmíocht ar fad ar fionraí, tugadh isteach luathscor agus scéimeanna dreasachta do shosanna gairme agus laghdaíodh costais taistil agus costais chothabhála. Ar an gcaoi chéanna thug conraitheoirí agus tríú páirtithe freagairt dhearfach ar na himthosca a bhí athraithe agus bhí ról mór acu ó thaobh coigiltis mhóra thábhachtacha a bhaint amach. Trí na gníomhartha sin laghdaíodh an t-easnamh de €68 milliún a ceapadh a bheadh ann go hEasnamh de €16.5 milliún, roimh Mhír Eisceachtúil (muirear Athstruchtúrtha) de €11.3 milliún.

Mar is léir ó athbhreithnithe gníomhaíochtaí na Rannán Gnóthaí Comhtháite a leanas, b'éigean roghanna crua a dhéanamh agus fócas á chur ar laghdú agus ar shrianadh a dhéanamh ar chostais agus bhain tionchair iarmhartacha leo sin – d'fhéadfaí nach dtuigfí an tionchar iomlán sin go 2010. Ach, ainneoin na ndúshlán bhíothas sásta tríd is tríd leis na seirbhísí a sholáthraíonn RTÉ don lucht féachana. Is léir sin go mór mhór i bhfeidhmíocht láidir leanúnach RTÉ Radio 1 agus RTÉ One agus sa bhorradh atá faoi fhás úsáideoirí uathúla agus in imrisin leathanach RTÉ.ie. Agus má bhíonn cathú na maidí a ligean le sruth caithfidimid cuimhneamh nár éirigh chomh maith sin le RTÉ 2fm nó le RTÉ Two. Tá tionscnaimh tosaíthe cheana féin chun dul i ngleic leis an sleamhnú ar fheidhmíocht

na seirbhísí sin ó thaobh an sprioclucht féachana.

Ba cheart dúinn a bheith an-sásta leis an gclúdach cuimsitheach a rinneamar ar fheachtas thoghcaín na hEorpa agus ar fheachtas na dtoghchán áitiúil agus ar chomhaireamh na dtorthaí ar na meáin go léir. Ar an tsli chéanna, tugadh faoi dhúshlán an dara reifreann ar Chonradh Liospóin le clár úra agus tionscnaimh eolais ar Raidió RTÉ, Teilifís RTÉ agus RTÉ.ie. Áiríodh ar na buaicphointí spóirt an clúdach suntasach ar an gCaithréim Mhór i gCraobhchomórta Rugbaí na Sé Náisiúin, Cill Chainnigh ag buachan Chorn Mhic Cárthaigh don ceathrú uair as a chéile agus ardcheannasaíocht Chiarraí sa Pheil Ghaelach. Ar Theilifís RTÉ d'éirigh Pat Kenny as *The Late Late Show* a chur i láthair tar éis deich mbliana ar éirigh thar cionn leis agus d'aistrigh sé chuig *The Frontline* áit a mbaintear lánúsáid as a chuid scileanna agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna práinneacha an lae ar bhealach nua agus úr. Bhog Ryan Tubridy go muiníneach teanntásach chuig oíche Dé hAoine agus lean *Prime Time* agus *Prime Time Investigates* mar na sárchlár údaráisacha ar chúrsaí reatha i rith na bliana. Ba mhór an ócáid ceiliúradh lá breithe deich mbliana agus trí scór Seamus Heaney i mí an Aibreáin ar fud sheirbhísí RTÉ agus ba léiríú a bhí ann ar an méid is féidir a bhaint amach nuair a oibríonn RTÉ go léir le chéile. Léirigh clúdach cuimsitheach RTÉ freisin ar na tuilte i mí na Samhna chomh láidir is atá an líonra náisiúnta atá againn agus fíor-thiomantas fhoirme réigiúnacha RTÉ ó thaobh na bpobal áitiúil.

Ainneoin timpeallacht eacnamaíochta in ísle brí agus brúnna airgeadais, sheol RTÉ, laistigh de na hacmhainní a bhí aige, an RTÉ Player in 2009. Tá ag éir go hiontach leis an tseirbhís nua súil siar teilifíse ar líne, agus léirítear leis na hathruithe atá ag teacht ar iompar féachana agus rochtana, rud a bheadh mar dhlúthchuid dár gcaidreamh leis an lucht féachana éagsúil san aois dhigiteach. Agus muid ag cur le chomh maith agus a d'éirigh leis sin agus lenár dtiomantas don Diaspora Éireannach, rinneadh an leagan idirnáisiúnta den RTÉ Player mar an chéad chéim nádúrtha eile den tsaoráid sa bhaile agus seoladh é mar a bhí leagtha amach ag tús 2010.

Is é an raon seirbhísí sin i nGaeilge agus i mBéarla araon a chinntíonn gur seirbhís faoi leith í RTÉ agus gur fiú dúinn ar fad oibriú le chéile chun a ról a chaomhnú, a chothabháil agus a fhorbairt ag croílár shaol na hÉireann



Sheol RTÉ, laistigh de na hacmhainní a bhí aige, an **RTÉ Player** in 2009

Tháinig *An tAcht Craolacháin 2009* i bhfeidhm i mí Iúil 2009. Beidh tionchair éagsúla ag an achtachán sin ar RTÉ – ní thuigfear na tionchair sin go ceann tamaill. Is iad na tionchair a bheidh ann láithreach: is feidhm anois de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) maoirsiú rialála a dhéanamh ar RTÉ maidir le comhlíonadh a dhualgais reachtúil; an dualgas ar RTÉ ardú go íoschaiteachas €40 milliún in aghaidh na bliana ó thaobh an earnáil Léiriúcháin Teilifíse Neamhspleách; tabhairt isteach ceanglas reachtúil nua ó thaobh íoschaiteachais san earnáil Léiriúcháin Neamhspleách Raidió; ardú ar chéatadán ghlan-ioncaim táille ceadúnais imfhálaithe do Scéim Fuaimne agus Físe an BAI ó 5% go dtí 7%; agus tabhairt isteach meicníocht nua mhaoinithe don BAI trí thobhach a ghearradh ar gach craoltóir cáilitheach lena n-áirítear RTÉ. Tá RTÉ ag tnúth oibriú go dearfach sa chaidreamh rialála leis an BAI agus le níos mó trédhearcachta ó thaobh chomhlíonadh a dhualgais reachtúil. In 2010 beidh tionscnaimh bhreise ag teacht ón reachtaíocht nua agus táimid ag tnúth le comhchomhairle i roinnt réimsí le súil cur le príomhthogra RTÉ maidir le Tús Áite a Thabhairt don Lucht Féachana.

Tá an t-aistriú chuig domhan digiteach ag leanúint ar aghaidh go tapa ainneoin na ndeacrachtaí airgeadais atá ann faoi láthair. Is é an brú is mó is léir faoi láthair ná an riachtanas an analóg a chasadh as faoi dheireadh 2012. I rith 2009 lean RTÉNL, thar ceann RTÉ, ag tógáil infrastruchtúir chun cuidiú le tabhairt isteach Teilifís Dhigiteach Trastíre (DTT) a éascóidh craoladh saor-go-haer uillíoch na seirbhísí ceadúnaithe nuair a chasfar as an chórais analógaigh teilifíse. Tá RTÉNL freisin i mbun dian-idirbheartaíochtaí le One Vision – an cuibhreannas ar ar bhronn an BAI an conradh i bprionsabal chun trí ilphléacs Theilifís Dhigiteach Trastíre tráchtála a leathnú amach, tar éis do BOXER, an conraitheoir a roghnaíodh ar dtús, tarraingt siar as an bpróiseas. Agus muid á scríobh seo, níl na conarthaí fós comhaontaithe. Is cúis inní do RTÉ go gcaithfear, de bharr brú ama, cinntí crua a dhéanamh in 2010, ar cinntí iad

a théann go maith thar oibleagáidí reachtúla agus cumais RTÉ faoi láthair, má táthar le casadh as an chórais analógaigh teilifíse a bhaint amach, ar bhealach comhordaithe agus ar bhealach a n-éireoidh leis, faoi dheireadh 2012.

Léiríonn leagan amach na bhfoirgneamh agus na modhanna léiriúcháin faoi láthair ar shuíomh RTÉ i nDomhnach Broc an fás céimneach atá tagtha ar na seirbhísí i gcaitheamh na mblianta. Is léir nach bhfuil an leagan amach sin oiriúnach d'úsáid éifeachtach acmhainní agus tallann san aois dhigiteach. Le tamall anois agus tar éis féachaint go géar ar fhorbairtí i dtíortha eile, tá RTÉ ag forbairt plean a ghlacfaidh go hiomlán lánpháirtíúil le teicneolaíochtaí digiteacha agus tógfar suíomh ilmheán de réir a chéile ar an suíomh i nDomhnach Broc. Léiríonn Tionscadal 2025 an fhís sin agus tá curtha isteach ar chead pleanála dó chuig na húdaráis chúil. Is léir nach bhfuil tabhairt chun críche agus forbairt an tionscadail chun tosaigh faoi láthair ach is léiriú soiléir é a leagan amach ar thiomantas fadtéarmach RTÉ dá lucht féachana trína chuid acmhainní ar fad a úsáid go héifeachtach.

Léirítear solúbhthacht, seiftiúlacht agus diongbháilteacht i bhfreagairt RTÉ ar an gcúlú leanúnach. Ní mheasaimid go dtiocfaidh athrú suntasach ar an timpeallacht sheachtrach in 2010 agus leanfar leis an daingníocht a léiríodh i rith 2009 ó thaobh díriú ar an méid atá le tairiscint againn sa tsí is éifeachtaí chuig ár lucht féachana éagsúil trí thabhairt ceoil, ar Raidió RTÉ, ar Theilifís RTÉ agus ar RTÉ. ie. Is é an raon seirbhísí sin i nGaeilge agus i mBéarla araon a chinntíonn gur seirbhís faoi leith í RTÉ agus gur fiú dúinn ar fad oibriú le chéile chun a ról a chaomhnú, a chothabháil agus a fhorbairt ag croílár shaol na hÉireann.

Cathal Goan

Buann Éire Craobhchomórtas na Sé Náisiún



Jamie Heaslip ag scóráil an aghaidh na hAlban i rith Craobhchomórtas na Sé Náisiún 2009 (Griangraf: Inpho)

Cuid mhaith de mhisean RTE rannpháirtíocht náisiúnta i mórimeachtaí a éascú. Bhí bua Caithréime Máire na hÉireann i gCraobhchomórtas na Sé Náisiún 2009, tar éis 61 bliain ag fanacht leis, mar mhórcáid spóirt don tír. Trí chúlúdach agus ar RTE.ie den Theilifís RTE, ar Raidió RTE agus ar RTE.ie den cheiliúradh deiridh agus an fhoireann ag teacht abhaile i Sráid Dawson i mBaile Átha Cliath, thug RTE deis don tír ar fad a bheith páirteach i mbua stairiúil na fairne. Ag tráth nach féidir teacht ar spóirt ghairmiúil bheo ach trí sheirbhísí teilifíse suibscríbhíne agus sin amháin, leanann RTE ag soláthar imeachtaí spóirt beo agus anailís spóirt sa-orgaer do gach duine.



Athbhreithniú Oibriúcháin



Foireann Fair City ag ceiliúradh 20 bliain



Single-Handed 3 - The Drowning Man - Peter Gowen a rinne páirt Ciaran O'Malley



The Rutland - Jessica Leonard

Teilifís RTÉ

Chraol Teilifís RTÉ os cionn 4,600 uair an chloig de chlár dhúchasacha, Éireannacha ar leith in 2009, agus deacrachtaí airgeadais sa chúla.

Ag croílár gach ní a dhéanaimid i dTeilifís RTÉ bíonn an fonn clár a chruthú lena mbaineann nuálacht, siamsaíocht, eolas agus tionscnaíocht. In 2009 tugadh an uaimhian sin i gcríoch in go leor cásanna, i ngach seánra.

Drámaíocht RTÉ

In 2009 bhí Fair City ag ceiliúradh 20 bliain agus sheol RTÉ dráma cumhachtach nua *Father and Son*. Tharraing *Storyland*, comórtas scríbhneoireachta agus léirithe don idirlíon leanúint ollmhór ar líne do *Hardy Bucks*, an coimisiún ar éirigh leis.

Sciar Náisiúnta 4+ Gach Cainéil - Lá Uile

	2009	2008
RTÉ One	24.2	25.1
RTÉ Two	10.2	11.5
TG4	2.6	2.5
TV3	11.9	11.4
BBC1	5.1	5.4
UTV	4.4	4.4
Channel 4	3.6	3.7
BBC2	2.9	3.1
Sky One	2.2	2.5
Sky Sports 1 agus 2	1.4	1.6
E4	1.2	1.3
Sky News	1.1	1.3
Nickelodeon	0.8	1.0
Eile	28.6	25.2

Foinse: AGB Nielsen Media Research

Fuair craoltoir tráchtála na Ríochta Aontaithe ITV an dráma *Single Handed* ó RTÉ dá sliotán ag 9pm tráthnóna Dé Domhnaigh. Ní amháin gurbh é sin an chéad uair ar craoladh clár drámaíochta de chuid RTÉ ar bhuaic-am ITV sa Ríocht Aontaithe, ach bhain sé amach sciar mhaith de 20% chomh maith. Fuair Teilifís Réigiúnach na hAlban ITV *Single Handed* mar aon leis an tsraith drámaíochta *Proof* agus an scannán teilifíse *Damage* lena gcráladh ag an mbuaic-am.

Fíorasach RTÉ

Léirigh, scrúdaigh agus thug clár fhíorasacha dúshláin dúinn faoin tslí a bhfeicimid agus a dtuigimid muid féin mar dhaoine agus mar náisiún. Chaith *I See A Darkness* agus *The Rutland* spotsolas ar dhá ábhar coiscthe i sochaí an lae inniu: féinmharú agus andúilíocht.

Sciar Náisiúnta 4+ Gach Cainéil le linn Buaicuaire

	2009	2008
RTÉ One	30.5	31.0
RTÉ Two	10.7	12.1
TG4	2.3	2.2
TV3	12.8	12.4
BBC1	4.8	5.0
UTV	4.3	4.5
Channel 4	3.3	3.5
BBC2	3.0	3.0
Sky One	2.0	2.6
Sky Sports 1 agus 2	1.1	1.2
E4	1.0	1.2
Sky News	0.7	0.8
Nickelodeon	0.4	0.5
Eile	23.2	20.1


Foinse: AGB Nielsen Media Research

Ba é **The Late Late Toy Show**

an clár is mó a raibh tóir air - d'fhéach **1,388,000** duine air



21st Century Child – David Coleman



If Lynch Had Invaded - Jack Lynch



Meet the Neighbours - Oz Raza

Na 10 gclár ba mhó a raibh tóir orthu 1 Eanáir – 31 Nollaig 2009 Gach Cainéal Náisiúnta, Daoine 4 bliana d'aois +

Rang	Clár	Cainéal	Lá	Dáta	Am	TVR	000aidí	Sciar
1	The Late Late Toy Show	RTÉ One	Aoine	27/11/2009	21:34 - 23:38	33.51	1388	74.1
2	World Cup Qualifier - Play Off France v Ireland	RTÉ Two	Céad	18/11/2009	19:23 - 23:33	25.92	1074	62.4
3	Six Nations - Wales vs. Ireland	RTÉ Two	Sath	21/03/2009	17:30 - 20:26	22.92	945	66.1
4	RTÉ News: Nine O'Clock	RTÉ One	Domh	08/02/2009	21:02 - 21:21	19.98	824	44.1
5	The X-Factor - The Results	TV3	Domh	22/11/2009	20:00 - 20:56	19.75	818	40.6
6	RTÉ News: Six One	RTÉ One	Céad	30/12/2009	18:02 - 18:27	18.68	774	52.9
7	The Rose Of Tralee	RTÉ One	Máirt	25/08/2009	21:38 - 23:30	18.08	748	53.3
8	Sunday Game Live Hurling Final Tipperary vs Kilkenny	RTÉ Two	Domh	06/09/2009	15:30 - 17:39	18.05	748	64.9
9	The All Ireland Talent Show	RTÉ One	Domh	08/02/2009	18:32 - 19:28	17.44	719	44.5
10	All Ireland Talent Show - Results	RTÉ One	Domh	08/02/2009	20:31 - 20:58	17.38	716	39.2

Foinse: AGB Nielsen Media Research

Aon Lá Aon Am - An Eipeasóid is Fearr. Clár rangaithe de réir TVR, athraionn an uilephobal iomlán trí uair sa bhliain. An t-achar is lú 20 nóiméad.

Chraol Teilifís RTÉ os cionn **4,600** uair an chloig de **chláir dhúchasacha, Éireannacha** ar leith in 2009

I measc na sraitheanna faisnéise suntasacha maidir le cásanna a 'd'fhéadfadh tarlú' a craoladh bhí an clár *If Lynch Had Invaded* agus an clár *Blood of the Irish* a mheasc eolaíocht agus eolaíocht ghinealais cheannródaíoch le chéile. Léiríodh saibhreas chartlann RTÉ sa chlár *Outbreak* le scéalta faoi epidéimí agus na hathruithe sa saol faoin tuath leis an gclár *The Way We Worked* i measc cinn eile; áiríodh ar na nuálaíochtaí i gcláir chreidimh na sraitheanna nua *Spirit Level* agus *Meaning of Life* agus cruth nua ar *Chlog an Aingil*. Chlúdaigh clár fhaisnéise ealaíon, ag cur leis an eagrán Ealaíon seachtainiúil *The View*, idir *Seamus Heaney - Out Of The Marvellous*, a coimisiúnaíodh mar thionscadal tras-mheán chun comórada a dhéanamh ar 70ú lá breithe an fhile, go stair shóisialta in *The Riordans: Tea, Taboos and Tractors*.

Bunaíodh Aonad Faisnéise do léiriúcháin intí, agus tugadh isteach coimisiúnú leanúnach do léiritheoirí neamhspleácha. D'éirigh go han-mhaidh leis an dá thionscnamh in 2009, ag tabhairt séasúr de chlár faisnéise agus d'fhéid ghearra dúinn a léirigh taithí phearsanta i mbliain ar athraigh go leor i stair na hÉireann.

Éagsúlacht RTÉ

Craoladh clár a léirigh taithí na nÉireannach nua, lena n-áirítear *Meet The Neighbours* agus *Welcome to My World*, taobh le clár Ghaeilge, lena n-áirítear *An Bhfuil Cead Agam?* ina bhfuair tuismitheoirí taithí ar shaol na mac léinn sa Ghaeltacht, agus na sraitheanna nua de *Oileán, Scannal* agus *Garda Ar Lár*. Clúdaíodh gnéithe den saol ó gach cuid den tír sa tsraith fiontraíthe faoin tuath *Higher Ground* agus d'éirigh ar ndóigh go maith go leanúnach le *Ear to the Ground*.

Ar na clár a bhí dírithe ar lucht féachana ar leith bhí *Written Off* do dhaoine a mbíonn deacrachtaí litearthachta acu, ach a tharraing lucht féachana níos leithne, agus *Hands On* do dhaoine lagéisteachta. Bhreathnaigh an síceolaí cliniciúil David Coleman ar dhaoine óga na tíre in dhá shraith a dhírigh ar dhá thaobh de speictream na hóige: bhreathnaigh *21st Century Child* ar an luath-óige, agus dhírigh *Teens in the Wild* ar thuiscint a fháil agus cúnadh a thabhairt do dhéagóirí agus dá dtuismitheoirí.

Stíl Bheatha RTÉ

Rinneadh iniúchadh ar stíleanna beatha comhaimseartha ar raon téamaí ó fhaisean sa chlár *Off The Rails* go dtí ailtireacht intí sa chlár *Room To Improve*; ón nglao trasardáin neartaíthe agus fuinneamhaithe meáchan a chailleadh agus a bheith níos aclaí sa chlár *Operation Transformation* go dtí *Living Lightly*, a léirigh an mhian atá ann maireachtáil ar bheagán airgid i rith an chúlú eacnamaíochta agus fresin le feiceáil san imeacht trasardáin *Spend Clever & Live Better*.

Uaire fotheidealaithe Theilifís RTÉ

	2009	2008
RTÉ One	4,999	4,885
RTÉ Two	2,999	2,744
Iomlán RTÉ	7,998	7,629

Foinse: RTÉ

Athbhreithniú Oibriúcháin

D'éirigh le **Pat Shortt**, leis an gclár *Mattie*, áit 7 mbliana a choinneáil ó thaobh an chláir is fearr le daoine ar Lá Nollag



Den Tots - Emma O'Driscoll agus Soky



Láithreoir nua *Late Late Show* Ryan Tubridy



Foireann *Mattie*

Teilifís RTÉ ar lean

Cláir a rinneadh in Éirinn ar Theilifís RTÉ le linn Buaicuaire de réir seánra

	2009	2008
Dráma	140	158
Nuacht, Cúrsaí Reatha agus Aimsir	680	668
Siamsaíocht	331	341
Ceol	34	58
Daoine Óga	39	39
Spórt	366	403
Oideachas	12	15
Creideamh	25	24
Ealaíona	39	34
Fíorasach	340	337

Foinse: RTÉ

Siamsaíocht RTÉ

Bhí siamsaíocht mar phríomhsheánra chun misneach a thabhairt do dhaoine in amanna crua. As sin tháinig an clár ba mhó a raibh tóir air le deich mbliana anuas *The Late Late Toy Show*, le lucht féachana de 1.38 milliún ar an meán, á chur i láthair ag láithreoir nua, Ryan Tubridy. D'éirigh le *The All Ireland Talent Show* lucht féachana ollmhór a tharraingt i mbliana agus bhain sé amach áit sa 10 gclár ba mhó tóir agus d'éirigh le Pat Shortt, leis an gclár *Mattie*, áit seacht mbliana a choinneáil ó thaobh an chláir is fearr le daoine ar Lá Nollag. Tugadh isteach iliomad aghaidheanna nua ar chláir shiamsaíochta ar RTÉ Two lena n-áirítear Maeve Higgins agus Dave McSavage a bhain cáil chriticiúil amach.

Daoine Óga RTÉ

Is é Den ar RTÉ Two - lena n-áirítear *Den Tots*, *ICE*, *TTV* agus *Two Tube* - an t-aon chláir bunaidh tiomanta in Éirinn do dhaoine óga. Seoladh dhá phríomhsraith bheochana: *Ballybraddan* agus *Garth & Bev*. Cuireadh leo sin raon sraitheanna nua eile lena n-áirítear

C'mon Camán, ina bhfuair imreoirí óga oiliúint ó iománaíthe seanoilte agus *The Art Factory* inar mhúin ealaíontóirí do dhaoine óga conas feistiúcháin a chruthú, chomh maith le sraitheanna a tugadh ar ais mar *Kazoo*, *The Café*, *Watch Your Language* agus *Quizone*. Chuaigh múnláir tras-mheán nuálacha i bhfeidhm ar lucht féachana óg ar líne le 'baile malairt clár grinn', *RED*, atá dírithe ar dhéagóirí.

Spórt RTÉ

Léirigh an Roinn Spóirt Teilifíse RTÉ os cionn 700 uair an chloig de chláir náisiúnta agus idirnáisiúnta in 2009. Áiríodh ar na buaicphointí feachtas iontach fhoireann rugbaí na hÉireann a bhuaigh a gcéad Chaitheamh Mhór le 61 bliain agus díomá na foirne sacair a chaill a gcluiche-réitigh do Chluichí Ceannais Chorn an Domhain in imthosca conspóideacha. Chruthaigh an dá chraoladh a bheith ar imeachtaí a raibh tábhacht náisiúnta shuntasach ag baint leo agus tharraing siad líon mór lucht féachana a chinntigh go raibh siad ar cheann de na deich gclár ba mhó a raibh tóir orthu le deich mbliana. Is fiú a thabhairt ar aird go raibh na himeachtaí sin ar fáil do lucht féachana na hÉireann ar chainéil eile ach gur fhéach líon mór daoine orthu ar RTÉ.

An Bhreatain Bheag v Éire Márta 2009 (Caitheamh Mhór an Rugbaí)

RTÉ	945,000 lucht féachana	66% Sciar
BBC	110,000 lucht féachana	8% Sciar

An Fhrainc v Éire Samhain 2009 (Cluiche-réitigh Chorn an Domhain)

RTÉ	1,074,000 lucht féachana	62% Sciar
Sky Sports 1	9,000 lucht féachana	0.5% Sciar

Foinse: AGB Nielsen Media Research

Fuair RTÉ na cearta DVD ar bhua na hÉireann sa Chaitheamh Mhór, a bhronn na Sé Náisiún ar RTÉ i ndiaidh dhianiomáiochais ó chuideachtaí iomaíochas. I ndiaidh straitéis mhargaíochta chuimsitheach bhain an DVD uimhir a trí amach i gcairteanna na Nollag le díolacháin de 65,000 aonad le linn cheann de na margáí miondíola is crua go dtí seo.



Brian O'Driscoll le Des Cahill tar éis bhua Caithréime Móire in 2009 (Grianghraf: Inpho)




Seoladh Chraobhchomórtas GAA 2009 ar RTÉ



Pride of the Parish - Joe Canning

Anailís ar ábhar na gclár buaicuair ar Theilifís RTÉ



Foinse: RTÉ

Léirigh Spórt Theilifíse RTÉ craoladh beo ar sheacht gcluiche is tríocha ó shéasúr na gCluichí Craibhe CLG 2009 agus buaicphointí agus anailís fhorleathan ar gach cluiche ar *The Sunday Game* i rith mhíonna an tsamhraidh. Mar chuid den tiomantas atá againn i dtaobh ár gcluichí náisiúnta craoladh roinnt clár speisialta chun comóradh a dhéanamh ar 125 bliain an CLG. Agus lucht féachana i láthair, a fuair cuireadh go speisialta agus a léirigh éagsúlacht na heagraíochta agus an méid atá bainte amach aici, chuir an lucht féachana agus comhaltaí CLG fáilte faoi leith roimh na cláir "speisialta" seo. In 2009 chomh maith, choimisiúnaigh Spórt Theilifíse RTÉ sraith faisnéise le sé pháirt, *Pride of the Parish*, le maoiniú ón BAI a scrúdaigh tábhacht agus suntas na gclubanna CLG áitiúla ar fud shochaí na hÉireann.

In ainneoin na srianta airgeadais a bhfuil cur síos fairsing déanta orthu, lean Spórt Theilifíse RTÉ lena dtiomantas do na cláir archaighdeáin is airde i ngach spórt in 2009. Ó imeachtaí náisiúnta ar nós an *Champions League*, *Confederations Cup*, *Heineken Cup* agus an *Premier League* go himeachtaí náisiúnta i Rásaíocht Capall, Cispheil, Sacar, Rugbaí, Hacaí, Dornálaíocht agus Rásaíocht Con rinneadh gach iarracht lena chinntiú go gcuirfí réimse spóirt leathan agus cuí ar ardchaighdeán ar fáil don lucht féachana. Tháinig deireadh le

bliain Spórt Theilifíse RTÉ le craoladh ar Chraobhchomórtas Trastíre na hEorpa ó Sheantrabh.

Bhí forbairtí suntasacha ann do Spórt RTÉ taobh amuigh den scáileán chomh maith. In iarracht an tseirbhís is comhleanúnaí a chinntiú feadh na n-ardán go léir agus chun leas a bhaint as acmhainní agus iad a uasmhéadú, tugadh na ceithre réimse aschuir (Theilifís RTÉ, Raidió RTÉ, Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ agus RTÉ.ie) atá freagrach as spórt le chéile. Cinntíonn sé sin go bhfuil Spórt RTÉ suite go maith do dhúshláin 2010 agus níos faide ar aghaidh.

Gníomhaíocht agus Feidhmíocht Tráchtála

Is cinnte go raibh 2009 ar cheann de na blianta ba chrua fós do Theilifíse RTÉ agus cuid mhaith den údar a bhí leis sin ná an laghdú mór ar an ioncam tráchtála. I gcomhthéacs ghéarchéim eacnamaíochta na tíre bhí an margadh fógraíochta ar cheann de na margáí ba mhó a raibh tionchar ollmhór air. D'fhulaing ioncam fógraíochta Theilifíse RTÉ fórsa iomlán thitim an mhargaidh, mar aon le brú miondíola ó chuideachtaí a dhíolann earraí tomhaltais mearghluaiseachta agus an costas ard a shamhlaítear a bheith ag léiriú fógraí theilifíse.

In iarracht mhór stop a chur le díbhóilsciú i bpraghsanna fógraíochta Theilifíse a bhí ag imeacht ó smacht rinne RTÉ cinneadh a mheicníocht trádála ar phraghas chomhlúthach a chur ar fionraí agus glacadh le meicníocht trádála ar phraghas seasta le héifeacht ó Mheitheamh 2009. Bhíothas in ann cobhsaíocht a sholáthar sa mhargadh mar thoradh air sin. In ainneoin sin, thit ioncam tráchtála go foriomlán in 2009 go dtí na leibhéil a chonacthas in 2003/2004, ag cur deiridh leis an bhfás dédhigiteach a chonacthas san idirthréimhse.

Cé gur tháinig laghdú suntasach ar Fhógraíocht Theilifíse bliain ar bhliain, d'éirigh go sásúil le hUrraíocht Theilifíse in 2009. Is léir go bhfeiceann cliant an luach atá ann a bheith páirteach sa gníomhaíocht seo, lena n-áirítear Cláir Mhaoinithe Fógróra, fiú i dtréimhsí crua. I measc na n-urraíochtaí i rith na bliana bhí an chéad léiriú de *Dragons' Den* (Banc na hÉireann), *The Late Late Show* nua le Ryan Tubridy (Quinn Group), *Fair City* (Kelloggs), Cluichí Cáilithe na hÉireann i gCorn an Domhain (Eircom) agus *EastEnders* (Reid Furniture). D'éirigh go maith le tionscadal tras-mheán freisin i mbliain a bhí crua. Ar na príomhthionscadail i rith na bliana bhí urraíocht tras-IBD den *All Ireland Talent Show* ag Maxwell House, urraíocht *Spend Clever & Live Better* de chuid Airtricity i rith Mheán Fómhair/Deireadh Fómhair, agus urraíocht théamúil *In for the Night* de chuid Bhord na Móna ar feadh na ráithe deiridh.

Oibríochtaí

Leathnaíodh amach an córas Avid Interplay in 2009 do dhéantóirí clár chun féachaint ar ábhar agus eagarthóireacht a dhéanamh air. Tabharfaidh sé seo níos mó rialaithe fós do dhéantóirí clár ar a n-ábhar.

Ar an dara dul síos, chonacthas ábhar leictreonach á chur díreach isteach ar fhreastalaithe in 2009. Seachadtar na cláir ar fad a cheannaítear ón BBC díreach chuig freastalaí in áit iad a chóipeáil ar téip agus a sheoladh le cúiréir. Sábháiltear go leor ama agus airgid agus gearrtar an t-achar a thógann sé é a chraoladh go mór. Leathnófar an córas amach chuig soláthóirí ábhair eile chomh luath agus is féidir.



Comóradh 70 bliain de shaol

Seamus Heaney



Grianghraf: John Mníhan

I rith dheireadh seachtaine na Cásca 2009 rinne RTÉ ceiliúradh ar lá breithe deich mbliana is trí scóir an Fhile Mhóir Nobel Seamus Heaney le réimse saothair ar RTÉ Raidió RTÉ, ar Theilifís RTÉ agus ar RTÉ agallamh beo le Marian Finucane ar RTÉ Radio 1; agus saothair a bhí coimisiúnaithe go speisialta ag Ceathairéad Vanbrugh RTÉ; agus bosca ar a bhfuil 15 Dlíúdhiosca agus an file ag léamh a chnuasach filíochta orthu, thug comóradh Heaney At 70 ó RTÉ aitheantas speisialta agus oiriúnach do dhuine de na daoine is cruthaithí in Éirinn. Féach www.rte.ie/heaneyat70

Athbhreithniú Oibriúcháin



Cathal MacCoille, Aine Lawlor, David Hanly, David Davin Power, ag ceiliúradh 25 bliain de *Morning Ireland*



Joe Duffy ó *Liveline* RTÉ Radio 1

Raidió RTÉ

Na 10 gClár Raidió Náisiúnta Lán-Seachtainiúla is Mó Tóir – Daoine Fásta 15+ Sroicheadh Bloc-Ama do Stáisiún Tráchtála Náisiúnta Eanáir – Nollaig 2009

Rang	Clár	Stáisiún	Bloc Ama	Tréimhse	% Lion Daoine Fásta Aimsiú	15+ (000idí)
1	Morning Ireland	RTÉ Radio 1	07:00-09:00	Luan-Aoine	13%	464
2	Liveline with Joe Duffy	RTÉ Radio 1	13:45-15:00	Luan-Aoine	12%	424
3	Marian Finucane	RTÉ Radio 1	11:00-13:00	Satharn	11%	381
4	The Tubridy Show	RTÉ Radio 1	09:00-10:00	Luan-Aoine	10%	363
5	News at One	RTÉ Radio 1	13:00-13:45	Luan-Aoine	10%	357
6	Today with Pat Kenny	RTÉ Radio 1	10:00-12:00	Luan-Aoine	10%	339
7	Marian Finucane	RTÉ Radio 1	11:00-13:00	Domhnach	10%	337
= 8	Playback/ Eile	RTÉ Radio 1	09:00-10:00	Satharn	9%	310
= 8	The Business	RTÉ Radio 1	10:00-11:00	Satharn	9%	310
10	Gerry Ryan	RTÉ 2fm	09:00-12:00	Luan-Aoine	9%	307


Foinse: Joint National Listenership Research Surveys Eanáir – Nollaig 2009 (Ipsos MRBI)

Tharla comhdhlúthú i Raidió RTÉ in 2009 agus lean na stáisiúin ag tógáil ar na treochtaí éisteachta a bhí ag ardú in 2007 agus 2008.

Tugadh isteach cláir nua ealaíon, faisnéise agus réigiúnacha agus cúlra dúshlánach airgeadais sa tír agus lean Raidió RTÉ le forbairt straitéiseach ar raidió digiteach agus ar raidió ar an ngréasán; ag an am céanna bhí athstruchtúrú ag tarlú sna rannáin chumarsáide, díolacháin agus ar líne. Tháinig méadú ar lucht éisteachta RTÉ Radio 1 feadh na bpríomhamanna sceidil i rith an lae agus bhain naoi gclár amach áit sa 10 gclár JNLR is mó a raibh tóir orthu. Choinnigh RTÉ 2fm a áit mar an dara stáisiún is mó a n-éistear leis in Éirinn, le sé cinn de na cláir is mó a raibh tóir orthu d'éisteoirí idir 20 agus 44 in aois, spriocdhéimeagrafach nua RTÉ 2fm. Tháinig méadú ar sciar RTÉ lyric fm i mBaile Átha Cliath agus ar an deireadh seachtaine. Idir an dá linn, d'fhoilsigh RTÉ Raidió na Gaeltachta ceann de na torthaí suirbhé is fearr le blianta. Chláirigh tuarascáil TNS MRBI (anois Ipsos MRBI) an sroicheadh is airde don stáisiún ó cuireadh tús le suirbhéanna. Chláirigh an suirbhé is déanaí (2009) an sroicheadh ag 60% den spriocréimse (2000: 41%).

Sciar den Lucht Éisteachta Náisiúnta Raidió 2009 (Laetha na Seachtaine agus buaicuaire)

RTÉ Radio 1	23.4%
RTÉ 2fm	10.1%
RTÉ lyric fm	1.6%
RTÉ Raidió na Gaeltachta	0.4%
Today FM	9.9%
Newstalk 106 - 108fm	4.0%
Stáisiúin Réigiúnacha/áitiúla	50.6%



Foinse: Joint National Listenership Research Surveys Eanáir – Nollaig 2009 (Ipsos MRBI)

Rinne RTÉ lyric fm 10 mbliana

ar an bhfód a
cheiliúradh an 1
Bealtaine



John Creedon ó *The John Creedon Show* RTÉ Radio 1



Miriam O'Callaghan láithreoir nua ar an seó nua don deireadh seachtaine *Miriam Meets...*



Cuma nua ar láithreán gréasáin RTÉ 2fm

RTÉ Radio 1

Bhí bliain de cheiliúradh agus de chuimhneachán ag RTÉ Radio 1 in 2009, le craoltaí chun comóradaí a dhéanamh ar John Montague agus Brian Friel ag 80, tionscadal ollmhór do 70ú lá breithe Seamus Heaney, agus sraith clár ag féachaint siar ar ról na hÉireann sa Chogadh Mór. Rinneadh tráthnóna ar RTÉ Radio 1 a athbheochan nuair a tugadh isteach an seó nua ealaíon agus siamsaíochta *Arena*, acoimre ealaíon comhlántach *Arts Tonight*, agus clár spóirt nua *Sport @ 7*. Rinneadh an deireadh seachtaine a athbheochan le raon clár nua lena n-áirítear *Miriam Meets...* le Miriam O'Callaghan agus *CountryWide*, irisclár réigiúnach nua.

Sholáthair RTÉ Radio 1 clúdach agus anailís chuimsitheach ar dhara Reifreann Liospóin, na toghcháin Eorpacha agus Áitiúla agus Tuarascálacha Ryan agus Murphy ar mhí-úsáid leanaí i measc na cléire. Chlúdaigh craoltaí seachtracha idirnáisiúnta insealbhú an Uachtaráin Barack Obama ó Washington.

Ba bhliain an-ghnóthach a bhí in 2009 do Spórt RTÉ ar Raidió RTÉ agus clúdaíodh na himeachtaí móra ag baile agus go h-idirnáisiúnta ar fad. Craoladh na cluichí Éireannacha i bhfeachtas na Caithréime Móire beo, le hanailís agus tuairimí leathana ar gach clár i rith an lae. Bhí cearta eisiacha ag Raidió RTÉ ar an *Heineken Cup* agus sholáthair Spórt RTÉ clúdach raidió chuimsitheach ar fheachtas na hÉireann i gCorn an Domhain (sacar). Craoladh cuid mhór de na cluichí sa dá Chraobhchomórtas CLG beo, agus craoladh sraith clár breise chun na babhtaí cáilitheacha a chlúdach. Sholáthair RTÉ Radio 1 clúdach forleathan ar na Sraitheanna Náisiúnta sa iománaíocht agus sa pheil.

Bliain tháirgiúil a bhí in 2009 do chlár Ghaeilge ar RTÉ Radio 1. Coimisiúnaíodh roinnt sraitheanna nua. Rinne *Cuisle na nEalaíon* iniúchadh ar ghnéithe éagsúla de na healaíona trí roinnt dá bpríomhléiritheoirí. Rinne *Plandáil Uladh* cuimhneachán ar chothrom 400 bliain Phlandáil Uladh le sraith

speisialta ceithre pháirt. Rinne *Tóraíocht Teamhrach* iniúchadh ar stair agus ar thábhacht na Teamhrach.

Tá feabhas tagtha ar aschur ceoil speisialtóra ar RTÉ Radio 1 le clár ceoil nua sa tráthnóna le John Creedon. Craoladh clár ón bhFéile Ceoil Americana i Nashville agus ó fhéilte Gaelacha mar Scoil Samhraidh Willie Clancy agus Oireachtas na Gaeilge agus tá méadú suntasach ar an méid ceoil beo a sheinntear ar RTÉ Radio 1. Tharraing clár mar *Today with Pat Kenny*, *Mooney*, *Arena* agus *The Tubridy Show* aird ar ealaíontóirí seanbhunaithe agus ar ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn trí thaibhiú beo.

Tháinig méadú ar fhiigiúirí JNLR bliain ar bhliain, agus chríochnaigh Raidió RTÉ leis an lámh in uachtar sna deich gclár is mó a raibh lucht éisteachta acu in Éirinn. Bhí *Morning Ireland* ar cheann de an 20 clár ba mhó a raibh tóir orthu do dhaoine idir 15 – 35 don chéad uair riamh.

RTÉ 2fm

In ainneoin níos mó iomaíochta ag an taobh is óige den mhargadh raidió, sholáthair RTÉ 2fm os cionn 1,000 uair an chloige de cheol beo úrnua ceannródaíoch in 2009. I gcomhar lena chomhchainéal RTÉ 2XM, sholáthair RTÉ 2fm clúdach nach féidir a sháru ó Oxegen agus Electric Picnic araon. Agus RTÉ 2fm ag díriú ar na hainmneacha móra, dhírigh 2XM ar an tallann atá ag teacht chun cinn agus sholáthair siad rochtain d'éisteoirí ar léirithe beo ón bpríomhstáitse agus ó na stáits tánaisteacha.

I mí Márta d'athsheol RTÉ 2fm a láithreán ar líne. Ceanglaíonn an láithreán gréasáin nua stiúideoanna RTÉ 2fm leis na trí líonra sóisialta ceoil ar líne (YouTube, MySpace agus Facebook) don chéad uair d'fhionnachtain cheoil ar an idirlíon. Soláthraíonn an láithreán gréasáin nua seinnteoir raidió nua atá in ann do phodchraoltaí, clár chartlainne, sruth flash beo agus físeáin ghaolmhara. Ó athsheoladh é, d'fhéach beagnach 4.5 milliún ar an leathanach agus soláthraíonn sé éisteacht

ar ais' 30 lá ar na clár ar fad a chraoltar. Baineadh úsáid as an láithreán gréasáin nua RTÉ 2fm ag féile don chéad uair ag Oxegen ina raibh seiteanna beo ar éileamh, agallaimh, seisiúin fhuaimiúla speisialta agus grianghraif ó shuíomh na féile mar aon le taibhithe físe agus agallaimh laistiar den stáitse i 'Seomra Glas' RTÉ 2fm.

D'éisteoirí óga, thug an comórtas tallainne RTÉ 2fm a bhí molta go hard, *School of Rock*, deis do bhannaí ceoil nua as Éirinn a bhfuil gealladh fúthu. Chraol RTÉ 2fm 16 uair an chloige d'eolas agus comhairle scrúduithe do dhaltai an Teastais Shóisearaigh agus na hArdeistiméireachta agus leanadh ar aghaidh le rannpháirtíocht tras-mheán an stáisiúin i dtionscadail mar an coimisiún 360° *Operation Transformation*.

Níos déanaí sa bhliain d'athchruthaigh RTÉ 2fm é féin chun riachtanais agus suimeanna a lucht éisteachta a léiriú níos cruinne, agus bhí sé tiomanta polasaí ceoil nua, struchtúir léirithe nua, clár nua agus treo nua a sheoladh do 2010. Tar éis 11 bliain i mbun stiúrtha, sheas John Clarke anuas mar Cheannaire RTÉ 2fm i mí Mheán Fómhair agus tháinig John McMahon ina áit.

RTÉ lyric fm


Rinne RTÉ lyric fm 10 mbliana ar an bhfód a cheiliúradh an 1 Bealtaine le ceiliúradh ón gCeoláras Náisiúnta agus Ceoláras na hOllscoile, Luimneach. Ar na clár a cuireadh ar fáil don lá breithe bhí *Classical Top 100*, athchraoladh ar cheolchoirm Pavarotti i Stormont agus, ina theannta sin uilig, craoladh *Sunday Miscellany* speisialta ar RTÉ Radio 1.

Mar chuid den cheiliúradh níos leithne, d'oibrigh an stáisiún i gcomhar le *Limerick Printmakers* ar thionscadal chun ealaíontóirí agus láithreoirí a thabhairt le chéile. Áiríodh ar na tionscadail eile leabhar *Quiet Quarter* nua ag ceiliúradh deich mbliana de scríbhneoireacht nua na hÉireann, chomh

Athbhreithniú Oibriúcháin



John Finucane: *Clarinet Variations* arna eisíúint ag RTÉ lyric fm



Marty Whelan láithreoir *Marty Whelan at Midday* ar RTÉ lyric fm




Gerry Ryan agus Evelyn O'Rourke ag seoladh *Operation Transformation*

Raidió RTÉ ar lean

maith le CD le deich mbliana de choimisiúin cheoil lyric. I measc na n-eisiúintí CD eile ar lipéad RTÉ lyric fm i mbliana bhí tríréad óg as Éirinn, *Triocca*, an clairnéideoir John Finucane, agus *Hiccup*, CD saor in aisce a táirgeadh mar chuid den tionscadal EBU *Handel in New Clothes*. Rinneadh athruithe móra le sceideal RTÉ lyric fm i bhFómhar 2009. Tháinig Marty Whelan agus Deirdre Purcell leis na láithreoirí a bhí ann cheana lena n-áirítear ainmneacha mór le rá mar Gay Byrne, George Hamilton agus Eileen Dunne.

Lean RTÉ lyric fm ag tabhairt tacaíochta do Ghrúpaí Oifide RTÉ agus ardán craoltóireachta a sholáthar in Éirinn agus thar lear. I rith 2009 chraol RTÉ lyric fm sraith ar thaibhiú ceoil a bhí dírithe go speisialta ar na ceolfhoirne, na cóir agus grúpaí eile; lena n-áirítear Ceathairéad Vanbrugh RTÉ.

Uaire Raidió ar RTÉ de réir Seanra



Foinse: RTÉ
 Nóta: Áirítear Reiligiún, Cláir do Dhaoine Óga, Óideachas agus Dramaíocht sa Chatagóir 'Eile'.

I measc na mbuaicphointí ar an aer sa bhliain chomórtha seo tá craoltaí beo ón Áras Ceoldrámaíochta Metropolitan i Nua-Eabhrac; taibhithe ón tsraith *Celebrity and Orchestral* ón gCeoláras Náisiúnta; Ceolchoirmeacha Caife beo ó Fhéile Ceoil Aireagail Iarthar Chorcaí i mBeanntaí agus, don chéad uair, bhí RTÉ lyric fm in ann craoltaí beo a sholáthar do lucht éisteachta na hEorpa ó Fhéile Cheoldráma Loch Garman.

Leanann RTÉ lyric fm leis an dlúthbhaint atá aige le Scéim Fuaime agus Físe an BAI lena n-áirítear an craoladh in 2009 ar an ngnéchlár PPI *Tower Songs* a bhfuil gradaim bainte amach aige, chomh maith leis na gnéchláir intí féin lena n-áirítear an tsraith iontach *Fifty Years of Music in Dublin*, *Notes from the Fire: The Journey of Anita Lasker Wallfisch*, agus *Ernest de Regge - The Man and Musician from Overmere*.

Ar na comórtais éagsúla i rith na bliana bhí Múinteoir Bunscoile Ceoil na Bliana, tabhartas in aisce pianó i gcomhar le *Pianos Plus* agus comórtas bliantúil RTÉ lyric fm *Choirs for Christmas*, a raibh os cionn 200 cóir páirteach ann ó gach áit sa tír.

RTÉ Raidió na Gaeltachta

Lean RTÉ Raidió na Gaeltachta ag léiriú éagsúlacht réigiúnach, cultúir agus polaitíochta le sceideal clár ina raibh gach sraith de shaol sóisialta in Éirinn, le béim ar leith ar phobail tuaithe agus cúlraídeacha. Lean RTÉ Raidió na Gaeltachta ar aghaidh mar an príomhfhoirm do dhíospóireacht, do phlé agus do shiamsaíocht do phobal na Gaeilge sa bhaile agus níos faide ó bhaile.

Bhí torthaí ar vótaíocht éisteachta a rinne TNS MRBI (Ipsos MRBI anois) thar ceann RTÉ Raidió na Gaeltachta in 2009 ar chuid de na torthaí is dearfaí a fuarthas le blianta beaga anuas don stáisiún Gaeilge. Chláirigh an tuarascáil sciar i rith an lae de 45% i réigiúin Ghaeltachta, an sciar is airde i rith an lae a taifeadadh go dtí seo. Léirigh an tuarascáil ráta sástachta iomlán de 91% do RTÉ Raidió na Gaeltachta.

Rinne láithreáin
ghréasáin Raidió RTÉ
freastal ar bheagnach

9 milliún
podchraoladh
in 2009



Pobal ar Aire – Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta 1969 - 2009



Maeve Upton taobh thiar den mhicreafón do chlár speisialta Oíche Shamhna ar RTÉ Junior

Áiríodh clúdach neamhchlaonta agus údarásach ar chlúdach tuairiscithe nuachta agus gnóthaí poiblí ar an dara Reifreann ar Chonradh Liospóin. Rinneadh comóradh ar 30 bliain d'Údarás na Gaeltachta le sraith clár a rinne iniúchadh ar obair agus ar éifeacht an Údaráis ar thírdhreach na Gaeltachta. Bhreathnaigh *Pobal ar Aire – Cearta Sibhialta na Gaeltachta 1969 - 2009* siar ar bhunú Ghluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta 40 bliain ó shin.

Fuarthas maoiniú ó Chiste Fuaimne agus Físe an BAI do chlár Ghaeilge nua. Scríobh Darach Ó Scolaí dhá dhráma uair an chloig *An Braon Aníos* agus *Coinneáil Orainn*.

Clúdaíodh Féilte Cultúir, Spóirt agus Ceoil, le os cionn 20 uair an chloig de chraoltaí beo ó Oireachtas na Gaeilge, a reáchtáladh i Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall, deireadh seachtaine de pheil idir-Ghaeltachtaí beo ó Ros Muc, Co. na Gaillimhe, agus os cionn 10 uair an chloig ó *Scoil Samhraidh Willie Clancy*, ó Shráid na Cathrach, Co. an Chláir.

Gníomhaíocht agus Feidhmíocht Tráchtála

Bhí tionchar mór ag margadh lag agus ag braistint dhiúltach in 2009 ar ghníomhaíocht agus ar fheidhmíocht tráchtála Raidió RTÉ, faoi mar a bhí ag IBDanna RTÉ go léir. I gcomparáid le meáin eile, ní raibh tionchar chomh géar de bharr costais léiriúcháin ísle, luas-chun-aeir Raidió RTÉ agus na leibhéil éisteachta atá aige atá ag ardú, ach tríd is tríd bhí laghdú mór ar dhíolacháin aer-ama RTÉ Radio 1 i gcomparáid le 2008. Sa chomhthéacs sin is ábhar dóchais é gur sháraigh gníomhaíochtaí díolacháin eile Raidió RTÉ, mar urraíocht agus cur chun cinn, figiúirí 2008 agus ionchais margaidh.

D'úsáid eárnálacha éagsúla láidreachta Raidió RTÉ sna tréimhsí crua seo lena n-áirítear na heárnálacha míndíola, bia, fuinnimh, fóillíochta, siamsaíochta agus earraí tí. Chomh maith leis sin bhí

roinnt cliant a bhí in ann infheistíocht a dhéanamh ina gcuid táirgí trí chaiteachais mhargaíochta mhéadaithe; ag seachadadh torthaí suntasacha agus toradh ard ar infheistíocht. Tar éis tréimhse lár bhliana crua, tháinig méadú ar ghníomhaíocht agus ar fheidhmíocht tráchtála Raidió RTÉ i dtreo dheireadh na bliana le críoch láidir sa cheathrú ráithe.

Seoladh go leor tionscnamh in 2009 lena n-áirítear feachtas margadóir náisiúnta B2B tras-tionscail, atá á rith ag Raidió RTÉ i gcomhair le IBI (Craoltóirí Neamhspleácha na hÉireann). Intí, tháinig obair ar láithreán gréasáin Raidió RTÉ nua i gcrích in am don seoladh sa chéad ráithe in 2010.

Cuirfidh seoladh tuilleadh stáisiún raidió tráchtála atá le bunú go luath in 2010 mar aon leis an neamhchinnteacht leanúnach leis na dúshlán tráchtála.

Athruithe Líonra

Seoladh seirbhís ar ghearrthonn nua thar an Afraic. Chomhdhlúthaigh Raidió RTÉ roinnt acmhainní líonra, lena n-áirítear deireadh a chur le RTÉ Radio 1 ar Shatailít HotBird. Tá seirbhísí fós i bhfeidhm ar fud na hEorpa ar na satailítí Astra agus Eurobird, ar líne, ar Fadtonn agus ar ardán Freesat na Ríochta Aontaithe.

Meáin Nua Raidió Digiteach

Rinne Raidió Digiteach RTÉ ceiliúradh ar a gcéad bhliain i mí na Nollag 2009. Leanann forbairt sceidil agus ábhar na stáisiún mar aon le feachtas chumarsáide chomhbheartaithe ag mealladh lucht éisteachta nua, ó raidió digiteach agus ar líne araon. Baineann na seirbhísí sin atá ar chostas íseal sochar as éiteas deonach agus ard-fhuinniúil a éascaíonn nuálacht agus deis tástála d'fhorbairt thodhchaí an raidió. Rinne sceideal Shamhna RTÉ Junior agus clár Nollag speisialta RTÉ Choice go leor chun cur le feasacht.

Léiríonn figiúirí JNLR go bhfuil 6% den daonra anois ina gcónaí i líon tí ina bhfuil raidió digiteach. Léiríonn sé sin leibhéal úinéireachta atá os cionn na sprice a shocraíomar in 2005. D'úsáid RTÉ ceiliúradh céad bhliain an raidió digiteach le clúdach a leathnú le seoladh tarchuradóir agus Cipiúr a sholáthraíonn clúdach do 52% den daonra.

Fuair RTÉ ceadúnas ilphléacs náisiúnta do raidió digiteach ó ComReg i mbliana. Is é polasaí RTÉ go fóill go bhfuil idirchaidreamh iomlán ríthábhachtach do rath raidió digiteach. Sa chomhthéacs sin, cuireann RTÉ fáilte roimh thuarascáil an BAI, *Raidió Digiteach d'Éirinn*, a foilsíodh i Meán Fómhair 2009, ina raibh sé molta Fóram Raidió Digiteach a bhunú agus polasaí Pháipéar Bán a fhorbairt do chraoladh fuaim dhigiteach in 2010.

Ar Líne

Leanann lucht féachana de gach cineál idirchaidrimh gréasáin ag fás. Rinne láithreáin ghréasáin Raidió RTÉ freastal ar bheagnach 9 milliún podchraoladh in 2009. Áiríodh ar na nuálaíochtaí láithreán gréasáin RTÉ 2fm agus láithreán nua do *Documentary on One* de chuid RTÉ Radio 1, a tharraingíonn os cionn 50,000 fóslódáil in aghaidh na míosa. Bhí obair fós ag dul ar aghaidh i rith 2009 ar na láithreáin raidió RTÉ, le béim ar na meáin shóisialta, coinbhéirseacht agus aonfhoirmeacht ag leagan síos bonnchloiche d'athsheoladh iomlán in 2010.

Seirbhísí Soghluaiste

Rinne fógraíocht ilardán, tionscadal tionscanta ag RTÉ agus maoinithe ag BAI via an Ciste Nuálaíochta Stáisiún, trialacha le Raidió RTÉ maidir le seachadadh comhuaineach ar theachtairreachtaí fógraíochta chuig ardáin éagsúla (FM, digiteach, ar líne, iPhone). Rinneadh an triail i gcomhpháirtíocht le Phantom FM.



**BÓTHAR
FAOI UISCE**

Grianghraf: Joe O'Shaughnessy



I mí na Samhna, bhuail cuid de na tuilte is measa, le cuimhne na ndaoine, Éire.

I mí na Samhna 2009 d'fhulaing pobail i go leor páirteanna de Dheisceart agus d'larthar na hÉireann cuid de na tuilte is measa le cuimhne na ndaoine. Chlúdaigh príomhchláir Nuachta agus Chúrsaí Reatha RTÉ ar Raidió RTÉ agus ar Theilifís RTÉ arson tionchar na dtuilte anois agus san fhadtéarma, freagairt na bpobal áitiúil agus na seirbhísí stáit ar an anó agus na cúiseanna a bhí le muid a bheith chomh leochaileach ó thaobh na dtuilte. Bhí freagracht shoiléir reachtúil ar RTÉ clúdach réigiúnach cuimsitheach a sholáthar. Go minic ní thuigtear an tábhacht a bhaineann le líonra réigiúnach den chineál sin go dtí go dtarlaíonn géarchéim mar a tharla i mí na Samhna. Ba léiriú soiléir é caighdeán agus méid an chlúdaigh a rinne RTÉ ar na tuilte ar chomh láidir agus atá clúdach náisiúnta RTÉ agus a thiomantas do na pobail áitiúla.

Athbhreithniú Oibriúcháin



Toghcháin 2009



Craobhchomórta den RTÉ All Island School Choir Competition

Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ

Clúdach Baile

Bhí an geilleagar chun tosaigh sa chlár oibre nuachta i rith 2009 le buiséad forlíontach san Aibreán agus Buiséad 2010 i mí na Nollag chomh maith le foilsiú 'The McCarthy Report', an Coimisiún um Chánachas agus bunú NAMA (an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní). Dhá eachtra eile a sheas amach ná Toghcháin Áitiúla, na hEorpa agus dhá fhothoghcháin i mBaile Átha Cliath i mí an Mheithimh agus an dara Reifreann ar Chonradh Liospóin i mí Dheireadh Fómhair.

Thosaigh an bhliain amach le clár bhreise chun dhá imeacht speisialta a chlúdach – Ceiliúradh 90 bliain na Chéad Dála i mBaile Átha Cliath agus insealbhú Barack Obama mar an 44ú Uachtarán ar Stáit Aontaithe Mheiriceá ó Washington.

Sholáthair RTÉ torthaí beo cuimsitheacha agus láithreacha ar na Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha agus ar na fothoghcháin i mí an Mheithimh via Teilifís RTÉ, Raidió RTÉ, RTÉ.ie, RTÉ Aertel agus soghluaiste, lena n-áirítear na torthaí pobalbhreithe díreach tar éis vótála ar RTÉ Radio 1 go luath an mhaidin dar gcionn.

Bhí feachtas Reifrinn Liospóin suntasach mar gheall ar líon na gclár eolais a sholáthair RTÉ, lena n-áirítear láithreach rialta an Bhreithimh Frank Clarke, cathaoirleach an Choimisiúin Reifrinn agus anailís mhionshonraithe ónár nEagarthóir Eorpach, Sean Whelan.

Thionscain oifig RTÉ i mBéal Feirste céad chomórta na gcór scoile ina raibh scoileanna ón tír ar fad páirteach sa bhFómhar agus i mí na Samhna craoladh an chraobh den *All Island School Choir Competition* beo ó Halla Uladh, Béal Feirste. Tá sé i gceist ag RTÉ an comórta a chraoladh arís in 2010.

I mí na Samhna, rinne *Morning Ireland*, clár raidió chúrsaí reatha ceannródaíoch RTÉ, ceiliúradh ar 25 bliain ar an bhfód le clár

speisialta os comhair lucht féachana beo. Le ceapachán léiritheoir gréasáin, tá *Morning Ireland* i mbun iarrachtaí chun teagmháil a dhéanamh le lucht féachana nua trína láithreach ar an idirlíon a neartú. Craoltar leagan físe den chlár ar RTÉ News Now ar láithreán gréasáin RTÉ.

Le scéalta náisiúnta móra mar na tuille forleathana a raibh tionchar acu ar na mílte duine, tuairimí an phobail maidir leis an tuarascáil ar mhí-úsáid i measc na cléire i ndeoise Bhaile Átha Cliath agus agóid na hearnála poiblí, tháinig an bhliain chun críche le figiúirí láidre seasta do chlár Nuachta agus Chúrsaí Reatha. Léirigh an clúdach cuimsitheach ar na tuille agus níos déanaí ar an sneachta an luach a bhaineann le líonra réigiúnach RTÉ.

Clúdach Eachtrach

Bhí tionchar ag na ciorruithe airgeadais ar chlúdach eachtrach – mar sin féin bhí Nuacht RTÉ in ann úsáid a bhaint as agus tuairisciú a dhéanamh ar chuid de na scéalta móra in 2009. Chlúdaigh Tony Connelly an crith talún i l'Áquila san Iodáil i mí Aibreáin, agus thug Margaret Ward tuairisc ar thubaiste den sórt céanna san Indinéis i mí Mheán Fómhair. Thaiséal sí chomh maith chuig na hOileáin Philipíneacha, i mí na Samhna, chun agallamh a chur ar an Athair Michael Sinnott tar éis anó a fhuadaithe. Thug Brian O'Connell tuairisc ó Mhallarca tar éis bhás Stephen Gately ó Boyzone.

Seachas an nuacht is déanaí leagadh béim ar shraitheanna a bhí pleanáilte go cúramach. Thug Charlie Bird tuairisc ó Guantanamo, tar éis fhógra an Uachtaráin Obama faoi thodhchaí an champa. Thug Tony Connelly cuairt ar an Ungáir, ar Phoblacht na Seice, an Pholainn agus an Ghearmáin chun comórta a dhéanamh ar 20 bliain ó leagadh Balla Bheirlín. Thug sé féin agus Paul Cunningham tuairiscí ó Chomhdháil an Aontais Eorpach ar Athrú Aeráide, i dteannta sraith tuairiscí ó na Stáit Aontaithe, ó Uganda agus ón India.

Tháinig an stiúideo Nuachta Teilifíse nua i bhfeidhm i mí Feabhra



Pat Kenny láithreoir chlár cúrsaí reatha nua ar RTÉ *The Frontline*



Prime Time Investigates

Cúrsaí Reatha

Bhí an chéad eagrán de *Prime Time Investigates (PTI)* ann sa Mhárta nuair a léirigh *Vicious Circle* agus é dírithe ar choireanna drugaí agus buíonta, an tubaiste dhaonna a bhíonn laistiar de na cinnlínte faoi dhúnmharuithe. I mí na Bealtaine, léirigh *After the Goldrush* an fhírinne scanrúil atá ann do go leor de mhuintir na hÉireann a raibh tionchar ollmhór ag teip an gheilleagair orthu. I mí an Mheithimh, d'inis *A Shocking Abuse* scéal an Dr. Michael Shine agus an mhí-úsáid a bhain sé as buachaillí óga a bhí ina n-othair in ospidéal in Éirinn.

Tháinig *Prime Time Investigates* ar ais le trí thuairisc dhoimhne i mí na Nollag. I *Welfare Fraud*, chuaigh PTI faoi cheilt chun líon na gcáimiléirí ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh atá ag baint mí-úsáide as an gcóras. I *Crime and Punishment*, rinneadh iniúchadh ar mhionchoireanna, ar shaol na ndaoine a dhéanann na coireanna go rialta agus ar an damáiste a imríonn siad ar na daoine a fhulaingíonn agus ar an sparán poiblí. Agus i *Meet the Bankers*, fiafraíodh cad a bhí ag tarlú laistigh de chóras baincéireachta na hÉireann le gur bheag nár thit sé as a chéile.

Tháinig clár nua, *The Frontline*, á chur i láthair ag Pat Kenny, isteach sa sceideal i mí Mheán Fómhair. Bíonn díospóireachtaí beo ar na scéalta is tábhachtaí sa tír air agus bhí tóir ag an lucht féachana ón tús ar chlárí tiomanta do shaincheisteanna mar na tuilte, mí-úsáid na cléire, an earnáil phoiblí/phríobháideach agus an tionscal baincéireachta.

Nuacht

Bhí tionchar ag deacrachtaí airgeadais ar 2009 ar gach réimse aschuir agus ní haon eisceacht a bhí ann don *Nuacht*. Chonacthas athruithe dearfacha i rith na bliana áfach a léirigh arís chomh seiftiúil agus chomh nuálach agus a bhí an fhoireann.

I mí an Mhárta, rinneadh coimisiúnú ar sheomra stiúrtha nua mar gheall ar an dara céim de shuiteáil na teicneolaíochta nua i mBaile na hAbhann. Is oibríocht bheirte í seo gan ach BSO/Measctóir Físe agus stiúrthóir ag tarchur Nuacht RTÉ agus feasachán nuachta Nuacht TG4. Cheadaigh sé sin aistriú fheasachán Nuacht RTÉ go Baile na hAbhann. Déanfar feidhmiúlacht iomlán an tseomra stiúrtha a sheachadadh in 2010 nuair a shuiteálfar uasghráduithe ar an gcóras uathobrithe.

Bhog Nuacht RTÉ go dtí Baile na hAbhann i mí Iúil, agus sheol Tom Savage, cathaoirleach Bhord RTÉ, Peter Quinn, cathaoirleach Bhord TnaG, Cathal Goan, Príomh-Stiúrthóir, agus Pól Ó Gallchóir Príomhfheidhmeannach TG4, an tseirbhís nua. Thairfeadaigh An Taoiseach agus ceannairí na bpáirtithe polaitiúla ar fad teachtaireachtaí comhghairdis agus spreagtha don seoladh. De thoradh an bogadh fuair *Nuacht* sliotán ama nua ag 5.45 p.m. seacht lá na seachtaine, rud a chuir le fás fhigiúirí lucht éisteachta.

Oibríochtaí Nuachta

Tháinig an stiúideo Nuachta Teilifíse RTÉ nua i bhfeidhm i mí Feabhra. Ciallaíonn an méadú sin gur féidir níos mó clár a dhéanamh ansin lena n-áirítear imeachtaí speisialta, clúdach Toghcháin agus Buiséid agus na scéalta nuachta is déanaí. Tá an stiúideo athchóirithe bunaithe ar chleachtais oibre sholúbtha – níl aon fhir/mná ceamara nó bainisteoir urláir ar urlár an stiúideo níos mó. Tá sé i bhfad níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de ná mar a bhí an sean-stiúideo.

torthaí beo

cuimsitheacha ar na Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha agus ar na fothoghcháin i mí an Mheithimh via **Teilifís RTÉ, Raidió RTÉ, RTÉ.ie, RTÉ Aertel agus móibíl**



Daonlathas, Toghcháin agus Áitiúla, Fothoghcháin agus Toghcháin Liospóin na hEorpa



Is gné lárnach i bhFís RTÉ cur le muintir mhuintir na hÉireann agus nuacht agus cúrsaí reatha a sholáthar a bhíonn neamhchlaonta agus cóir. Is i rith toghcháin nó reifrim is tábhachtaí a bhíonn sé sin.

I rith 2009, rinne RTÉ a chuid féin i dtoghcháin na hEorpa, sna Fothoghcháin, i dtoghcháin Áitiúla agus sa dara Reifeann ar Chonradh Liospóin i rith na bhfeachtas agus tar éis na vótaí a bheith caite. Trídís na bhfeachtas agus tar éis na dhíospóireacht bhíomhar, tuairisciú cóir agus clár speisialta sa dá theanga agus ar fud ceithre arán meán éagsúil, bhí páirt lárnach ag RTÉ ag cuidiú le muintir na hÉireann níos mó roghanna agus iad eolasach a dhéanamh.

Athbhreithniú Oibriúcháin

Rinne an **tAcht**
Craolacháin 2009
 na riachtanais chun **ATT a**
chasadh as agus **DTT a**
chasadh air a shoiléiriú



Líonra RTÉ

Is fochuideachta de chuid RTÉ é RTÉ Transmission Network Limited (RTÉNL) a sholáthraíonn seirbhísí Tarchuir Chraolta chuig gach craoltóir teilifíse agus raidió náisiúnta in Éirinn, seirbhísí RTÉ san áireamh. Soláthraítear seirbhísí tarchuir chraolta ar bhonn neamhthuilleamaíoch. Cuireann RTÉNL ar fáil chomh maith seirbhísí crann agus túir ar cíos chuig raon soláthróirí agus oibrítheoirí seirbhísí teileachumarsáide.

Tríd is tríd lean an margadh do sheirbhísí cíosa crann agus túir ag fás ach tá an fás sin maolaithe. Tá an margadh éirithe níos iomaíche fós de bharr líon ard de shuímh chrann agus túir a bheith ar fáil. Tá infrastruchtúr RTÉNL suite go príomha ag airde ard agus in áiteanna cúlraídeacha nach mbíonn i gcónaí oiriúnach do theicneolaíochtaí a bhíonn ag teacht chun cinn, cinn mar sheirbhísí fón soghluaiste 3G agus leathanbhanda soghluaiste, a éilíonn cealla dlútha aitiúla don tomhaltóir.

Tá seirbhísí Teilifíse Trastíre Analógach (ATT) gan athrú agus casfar as iad go déanach in 2012 nó go luath in 2013. Tá an líonra tarchurtha do Theilifís Trastíre Dhigiteach (DTT), atá ag teacht in áit ATT, á gcur isteach faoi láthair agus beidh feidhm leis sula gcasfar na seirbhísí ATT as.

Ioncam Tráchtála

Laistiar den fhás íseal ar ioncam bhí ardú foriomlán seasta ar sheirbhísí feadh na margáí ar fad.

- Fuarthas custaiméir nua amháin sa mhargadh raidió réigiúnach agus áitiúil ó tharla go bhfuil an acmhainneacht atá ar fáil i mbanda FM nach mór úsáidte.
- Bhí sé dúshlánach fás a bhaint amach sa ghnó teileachumarsáide toisc go raibh tionchar ag an staid eacnamaíochta foriomlán ar go leor gnólachtaí. Sholáthair leathnú amach chóras TETRA gnó nua. Beidh, áfach, laghdú gaolmhar i ngnó nuair a dhéanfar díchoimisiúnú ar roinnt

de na córais seirbhísí éigeandála níos sine in 2010 agus in 2011.

- Leathnaíodh an tseirbhís tástála raidió Cluas Chraoladh Digiteach (DAB) do chainéil raidió RTÉ go dtí an láthair tarchuir i gCipiúr a leathnaigh clúdach chuig Co. Chill Dara, páirteanna de Cho. Laoise agus Co. Uíbh Fhailí agus Co. Chill Mhantáin. Ní chabhraíonn an easpa leanúnach creata beartais agus ceadúnaithe i leith seirbhísí tráchtála DAB le forbairt an ardáin DAB.
- Thug ComReg a phróisis chomhairleacháin ar Chraoladh Físe Digiteach – Láimhe (DVB-H) chun críche in 2009 agus tá sé beartaithe comórtas ceadúnais a rith in 2010. Rinne teilifís ar fhóin phóca iontráil chuig margadh na hÉireann le roinnt tástálacha agus trialacha dearfacha i 2006. Lean na trialacha sin ó 2006 go dtí an dara leath de 2008.
- I mí Lúnasa agus Meán Fómhair thástáil RTÉNL seirbhísí Chraoladh Soghluaiste Digiteach (DMB) ón láthair tarchuir ar Bhinn Trí Charraig.

Cúrsaí Oibriúcháin

Bhí iontaofacht an chórais tarchuir inchomparáide le blianta roimhe sin. Bhí infhaighteacht fhoriomlán do theilifís agus raidió arís os cionn 99.9% do 2009. Is toradh an-sásúil é sin mar gheall ar na hoibreacha infrastruchtúrtha suntasacha a rinneadh ar an líonra tarchurtha chun na seirbhísí DTT atá ag teacht chun cinn a éascú.

Teilifís

Ba é an príomhdhúshlán oibríochta in 2009 éascú a dhéanamh ar shuiteáil infrastruchtúr do sheirbhísí DTT atá ag teacht chun cinn. Áiríodh leis sin na láithreacha tarchurtha nua i gCill Mhantáin, Port Láirge, Loch Garman agus Gaillimh a shuiteáil. Leanfaidh an dúshlán céanna sin ar aghaidh go 2010 agus 2011.

Seirbhísí **Teilifíse**
Trastíre
Analógach
(ATT) gan athrú agus
casfar as iad **go**
déanach in 2012
nó go luath in
2013

Raidió

In 2008 leathnaíodh an tseirbhís raidió DAB a bhí ag feidhmiú i gCúige Laighean feadh chósta Bhaile Átha Cliath agus Dhún Dealgan chuig cathair Chorcaí agus cathair Luimnigh. In 2009 leathnaíodh na seirbhísí go dtí an láthair tarchuir ag suíomh tarchuir Chipiúir a chlúdaíonn Co. Chill Dara agus páirteanna de Cho. Chill Mhantáin, Co. Laoise agus Co. Uíbh Fhailí. Iompraíonn an tseirbhís DAB aon déag sheirbhís raidió de chuid RTÉ.

Teilifís Dhigiteach Trastíre (DTT)

Rinne an *tAcht Craolacháin 2009* na riachtanais chun ATT a chasadh as agus DTT a chasadh air a shoiléiriú. Tá acmhainn ábhair ar ardán DTT fós scoilte ar deireadh idir 1/3 Seirbhís Poiblí agus 2/3 Tráchtála. Níl ceadúnú don Oibrítheoir Ilphléacs Tráchtála mar thoradh go fóill ar an gcomórtas i mí Márta 2008 arna rith ag Coimisiún Craolacháin na hÉireann ag an am (Údarás Craolacháin na hÉireann "BAI" anois) chun ceadúnú a dhéanamh ar DTT Tráchtála in Éirinn.

Is é Boxer Ireland Limited, comhfhiontar idir Communicorp Group Ltd. agus an t-oibrítheoir teilifíse talún digiteach as an tSualainn, Boxer TV-Access AB ("Boxer Sweden") a bhuaigh an comórtas ar dtús. Ní dheachaigh an comhfhiontar chun cinn agus thairg an BAI an conradh ansin, i bprionsabal, do One Vision, comhfhiontar idir Eircom, Arqiva, Setanta agus TV3. Tá comhráite ar bun idir BAI agus One Vision atá dírithe ar chomhaontú ceadúnais oibrítheora ilphléacs tráchtála a dhaingniú. Tá comhráite ar bun chomh maith idir RTÉNL agus One Vision atá dírithe ar chonradh Tarchuir agus Seachadta a dhaingniú nuair a bheidh ceadúnas BAI i bhfeidhm. Tá freastal déanta ar shé ilphléacs DTT náisiúnta in iomlán sa reachtaíocht. Ar chúiseanna ó thaobh fháil ar speictream, áfach, ní féidir ilphléacs cúig agus sé a bheith ann go gcasfar as ATT.

Lean RTÉNL leis an infrastructúr atá riachtanach do DTT a thógáil i rith 2009.

Soláthraíonn DTT na buntáistí seo a leanas thar sheirbhís teilifíse analógach thraidisiúnta:

- **Cainéil Teilifíse Bhreise go huathoibríoch**
Laistigh de gach ilphléacs féadfar seachadadh a dhéanamh ar sheirbhísí teilifíse agus raidió. Meastar go bhféadfar idir ocht gcinn agus deich gcinn de chainéil teilifíse ard-deifínídeacha caighdeánacha (SD) a chur ar ilphléacs. Tá súil freisin go bhféadfar idir dhá chainéal ard-deifínídeacha (HD) agus trí cinn a chur ar ilphléacs (agus/nó comhdhéanamh de SD/HD éagsúla).
- **Cainéil Suibscríbhíne**
Is féidir leis an oibrítheoir ilphléacs tráchtála roinnt seirbhísí suibscríbhíne a chur ar fáil chomh maith le seirbhísí saor-go-haer. Má bhíonn fonn ar dhaoine den lucht féachana suibscríbhíne a thógáil d'fhéadfadh go bhféadfaí rochtain a dhéanamh ar sheirbhísí teilifíse tiomanta lena n-áirítear cainéil spóirt, scannán, agus ceoil agus rochtain a fháil ar sheirbhísí a thabharfaidh deis don lucht féachana féachaint ar an ní is maith leo nuair is maith leo.
- **Caighdeán Níos Fearr**
Cuirfidh DTT feabhas ar chaighdeán na físe/an phictiúir agus na fuaime teilifíse.
- **Gnéithe Nua**
Áireofar liostuithe teilifíse ar-scaileán (Treoir Clár Leictreonach, EPG), pictiúr leathanscaileáin fíor, teileatéacs níos fearr agus idirghníomhú cnaipe dearg.
- **Seirbhísí Rochtaine**
Tá an poitínseal ag baint le DTT gnéithe speisialta a chur ar fáil do dhaoine lena mbaineann laigí amhairc nó éisteachta m.sh. tuairiscí cluaise, súmáil scaileáin agus fotheidealú.

Athbhreithniú Oibriúcháin

Tá RTÉ.ie ar an **láithreán meán** is mó a bhfuil tóir air in Éirinn le sroicheadh míosúil de 18.3%



Leathanach baile RTÉ.ie



Feidhmchlár iPhone RTÉ News Now

Foilsitheoireacht RTÉ

RTÉ.ie

Chonacthas tuilleadh fáis do RTÉ.ie in 2009 i dtéarmaí tráchta, úsáideoirí agus sruthaithe. De réir mar a chuaigh trácht i méid d'fhás líon na n-úsáideoirí uathúla go dtí 2.9 milliún úsáideoir, sin ardú de 22.4% bliain ar bhliain. Tháinig ardú 22% go dtí 67,52 ar imprisin leathanaigh agus ardú de 29% go dtí 3.85 milliún sruth ar thrácht shruthlaithe. Lean RTÉ.ie ag mealladh líon suntasach lucht féachana ó thar lear de 1.1 milliún úsáideoir le méaduithe suntasacha i dtrácht ón Eoraip agus ón Astráil. *Foinse: ABCe Deireadh Fómhair 2009.*

Tá RTÉ.ie ar an láithreán meán is mó a bhfuil tóir air in Éirinn le sroicheadh míosúil de 18.3% den daonra idirlín i measc daoine fásta. *Foinse: comScore Media Metrix Nollaig 2009.*

Baineann an méadú atá tagtha ar RTÉ.ie le gníomhaíocht fheabhsaithe feadh láithreáin Nuachta, Ghnó, Spóirt agus Siamsaíochta, agus le seolach an RTÉ Player.

Tháinig méadú 23% ar thrácht an láithreáin Nuachta bliain ar bhliain in 2009, agus méadú 27% in úsáideoirí uathúla. Cruthaíodh láithreáin speisialta nó míreanna neamhspleácha do na toghcháin Eorpacha agus Áitiúla, d'Fhóram Eacnamaíochta Dhomhanda na hÉireann ag Farmleigh, do reifreann 2009 ar Chonradh Liospóin agus do Bhuiséad 2010. Ar na forbairtí láithreán gréasáin Nuachta suntasacha breise áiríodh láithreán gréasáin athchóirithe *Morning Ireland* a seoladh sa dara ráithe le ceamara gréasáin, chomh maith le láithreán gréasáin do *The Frontline* i mí Mheán Fómhair. Tá forbairt déanta ar feidhmchlár iPhone de chuid RTÉ News Now le go mbeidh rochtain ag úsáideoirí *iPhone* agus *iPod* ar Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ. I mí na Nollag, cuireadh RTÉ News Now leis an liosta cainéal in Aerfort Bhaile Átha Cliath le go mbeidh an tseirbhís ar fáil ar scáileáin phoiblí mhóra.

Tháinig méadú 24% agus 17% faoi seach ar thrácht agus ar úsáideoirí uathúla chuig an láithreán Spóirt in 2009. Cruthaíodh láithreáin nua do Rugbaí na Sé Náisiún, Craobhchomórtas an CLG agus *Turas na Lions* chuig an Afraic Theas, agus tugadh isteach feabhsúcháin leanúnacha físe agus ábhair i rith na bliana. Chomh maith le sruthú beo comhuaineach fíormhór na gclár teilifíse agus raidió ar Spóirt RTÉ, tugadh tús áite do mhéadú ollmhór in ábhar físe beo greasáin-amháin ar láithreán gréasáin Spóirt RTÉ in 2009. Áiríodh ar an ábhar físe breise sin 12 cluiche Craobhe CLG nár craoladh; clár speisialta ar chúl an cheamara faoi Pháirc an Chrócaigh ar Lá Chluiche Ceannais Peile na hÉireann; Rugbaí na Sé Náisiún faoi 20 agus cluichí idirnáisiúnta na gClubanna; Craobhchomórtas Lúthchleasaíochta Laistigh agus Trastíre na hEorpa; clár speisialta sacair agus rugbaí leathnaithe; agus foireann Laighean ag teacht abhaile tar éis dóibh Corn Heineken a bhuanach.

Tháinig méadú 32% agus 5% faoi seach ar thrácht agus úsáideoirí uathúla chuig an láithreán Siamsaíochta mar thoradh ar leathnú an chlúdaigh nuachta ar dhaoine mór le rá, méadú i mbloganna teilifíse, agus níos mó gnéchlár agus ábhair físe. Bhí fócas leanúnach ann raon an ábhair físe breise a leathnú le tionscnaimh mar sheónna ar líne ar chúl an cheamara don chéad sraith de *The All Ireland Talent Show* an tEarrach seo caite agus ar chúl an cheamara ag *The Late Late Toy Show*. Ar cheann de na príomhathruithe i rannóg siamsaíochta Aertel RTÉ bhí athchóiriú ar an gcuid TV Extra agus cruthaíodh struchtúr chontaebhunaithe nua do liostuithe pictiúrlann ag cruthú seirbhís níos oiriúnaí do phictiúrlanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Sa chuid a bhaineann le stíl bheatha cruthaíodh láithreán gréasáin atá tiomanta do scrúduithe do dhaltai na hArdteistiméireachta i gcomhair le *Countdown to 306* ar RTÉ 2fm.



Láithreán gréasáin Heaney at 70



RTÉ Player

Thug Foilsitheoireacht RTÉ faoi roinnt príomhghníomhaíochtaí eagarthóireachta agus tráchtála tras-mheán chomh maith. Ar na buaicphointí ba mhó bhí an láithreán gréasáin a bhí tiomanta do *Heaney at 70*, *The Look of the Irish*, *Spend Clever & Live Better* agus *Operation Transformation*. Ghlac Foilsitheoireacht RTÉ páirt chun tionscnaimh Ioncaim an Ghrúpa a fhorbairt chomh maith le sroicheadh a gcliant a leathnú ar fud RTÉ.ie, RTÉ Aertel agus an RTÉ Guide. Ar na cásanna tráchtála ar éirigh leo bhí mionláithreáin do Sheachtain Domhanda na nAinmhithe agus feachtas 'Lets Get Active' de chuid Kelloggs chomh maith le tionscnamh grúpa thart ar *Spend Clever & Live Better* i mí Dheireadh Fómhair 2009.

I rith na bliana tharla gníomhaíocht mhéadaithe ó thaobh Foilsitheoireachta RTÉ de feadh na n-ardán meán chun rochtain ar ábhar ar líne RTÉ a mhéadú agus chun cabhrú le hiarrachtaí margáíochta. Leagadh béim ar eachtraí faoi leith ar chainéal *You Tube* RTÉ.

Tá RTÉ.ie fós chun tosaigh sa mhargadh i dtéarmaí fhógraíocht branda cheannródaíoch. D'fheidhmigh ioncam tráchtála go láidir ar RTÉ.ie i margadh an-chrua. Chabhraigh tabhairt isteach formáidí fógraíochta nua agus níos mó agus cur isteach láithreán tríú páirtí laistigh de shuíomh RTÉ.ie, chun torthaí láidre a bhaint amach.

RTÉ Player

In Aibreán 2009 sheol Foilsitheoireacht RTÉ an RTÉ Player, seirbhís súil siar teilifíse ar líne RTÉ. Faoi dheireadh mhí na Nollag 2009 bhí 5.5 milliún tar éis féachaint ar shruthuithe clár le meán de 784,609 sruth agus 300,000 úsáideoir uathúil in aghaidh na míosa. Seoladh an RTÉ Player i mí an Aibreáin agus cuireadh chun cinn é ó mhí Mheán Fómhair go dtí mí na Nollag

ag úsáid fógraíocht Teilifíse, Raidió agus Ar Líne chun feachtas phoiblí a ghiniúint. Cuireadh os cionn 200 uair an chloig clár ar fáil gach seachtain ar RTÉ Player ó gach catagóir de sceideal craelta RTÉ lena n-áirítear Siamsaíocht, Fíorasach, Stíl Mhaireachtála, Spórt, Nuacht agus Cúrsaí Reatha chomh maith le clár idirnáisiúnta a bhfuil tóir orthu. Ar na clár is mó a raibh tóir orthu ar RTÉ Player bhí: *The Late Late Show*, *Late News*, *The Frontline*, *Savage Eye*, *Prime Time*, *Grey's Anatomy*, *Private Practice*, *The Panel*, *Addicted to Money* agus *Val Falvey TD*. Rinneadh imiríteach cearta do chlár a idirbheartú ar bhonn leanúnach lena n-áirítear na clár nua ar fad a léiríodh go neamhspleách agus clár ar leith a cheannaítear lena n-áirítear *Grey's Anatomy*, *Desperate Housewives*, *Private Practice*, *Brothers & Sisters*, *Home and Away*, *Holby City* agus *Doctors*. Rinneadh cearta do shraith 1 agus 2 de *Mad Men* a idirbheartú chun rith ar feadh tréimhse leathnaithe súil siar roimh sheoladh sraith 3 agus cuireadh ábhar neamhchraolacháin ar fáil chomh maith, mar aon le eipeasóidí deiridh de *StoryLand* agus sean chlár den tsraith *Look of the Irish*. I rith 2009 tugadh an obair fhorbartha riachtanach chun críoche do leagan idirnáisiúnta de RTÉ Player a seoladh i mí Eanáir 2010.

D'éirigh le RTÉ Player sruth ioncaim nua breise i bhfógraíocht físe ar líne a oscailt, cé gur sruth beag atá i gceist.

Meánlíon imprisean leathanach ar RTÉ.ie in aghaidh na míosa (milliúin)

2009	62.2
2008	48.0
2007	35.7
2006	20.5

Foinse: RTÉ

Féachadh ar shruthuithe clár le meán de **784,609** sruth agus **300,000** úsáideoir uathúil in aghaidh na míosa

Athbhreithniú Oibriúcháin



RTÉ Guide

101	
RTÉ AERTEL	
News Headlines	102
Business	130
Share Prices	140
Lotto Numbers	150
EuroMillions	151
Weather	160
Television	170
RTÉ One only	300
Entertainment	320
Revisus	320
TV Extra	330
Cinema	350
Kidology	390
Holidays	500
Sports News	200
Racing Index	250
Bookmakers	280
Revenue	591
Competitions	620
Insurance	680
Local Councils	590
RTÉ One only	300
Shannon Airpt	575
Deaf Info	490/495
A-Z Index	595

RTÉ Aertel

Foilsiúcháin RTÉ ar lean


RTÉ Guide

Bhí bliain dhúshlánach ag an RTÉ Guide i dtéarmaí díolacháin cúrsaíochta in 2009 mar gheall ar chúngú margaidh ag leibhéal an mhiondíola agus an laghdú foriomlán 11% i margadh an tomhaltóra d'irisleabhair. Bhí an chúrsaíocht fhoriomlán do 2009 ag meán de 87,561 díolachán cóipe in aghaidh na seachtaine, sin laghdú de 7.7% bliain ar bhliain (*Foinse: ABC Ean-Noll 2009*). Bhí roinnt buaicpointí díolacháin le linn na bliana mar gheall ar dhianghníomhaíocht eagarthóireachta, bolscaireachta agus margaidh. Díoladh 402,000 cóip den RTÉ Guide - Nollaig 2009. Sheachaid tionscnaimh chur chun cinn praghsanna gnóthachana seachtain ar sheachtain de suas le 67% (46,000 cóip breise) i mí na Samhna. I rith na bliana, dhírigh tionscnaimh CD saindeanta ar chur chun cinn trí scoileanna. Sheachaid an comhthionscnamh idir RTÉ Guide agus Féilire Aimsire RTÉ 21,000 cóip díolacháin breise. Sáraíodh sprioc suibscríbhinní na Nollaig 85%.

Léirigh figiúirí an líon léitheoirí ón TGI i Meán Fómhair 2009 méadú bliain ar bhliain de 11% ó 437,000 léitheoir fásta go dtí 487,000 léitheoir fásta don RTÉ Guide.

Bhí an margadh fógraíochta clóite ar cheann de na hearnálacha is measa a bualadh maidir le titim in ioncaim na margaí fógraíochtaí agus níor éirigh leis an RTÉ Guide é sin a sheachaint, facthas ioncaim don bhliain fhoriomlán ag titim os cionn 35% ar fhiigiúirí 2008. Ar buaicphointe lárnach áfach bhí eagrán dúbailte na Nollaig a thuill ioncaim mhéadaithe bliain ar bhliain.

Meánlucht léitheoireachta dhaoine fásta náisiúnta 15+ d'irisí Éireannacha in aghaidh an eagráin (000aidí)



Foinse: TGI Tá an sainmhíniú ar lucht léitheoireachta bunaithe ar léite nó feicthe.

RTÉ Aertel

Leanadh ar aghaidh le straitéis il-ardán RTÉ Aertel in 2009. Leis an treá digiteach ag méadú ar ardáin Sky agus UPC, chabhraigh straitéis chun lucht féachana a stiúradh i dtreo RTÉ Aertel ar líne agus ar fón póca chun branda tábhachtach agus sócmhainn straitéiseach do RTÉ a chosaint agus ag an am céanna chun an lucht féachana a bheadh ag laghdú seachas sin a choinneáil.


Tá 1.02m úsáideoir analóige laethúla ag RTÉ Aertel (*Foinse: TGI 2009*). Tá meánlín de 120,000 úsáideoir in aghaidh na míosa ag RTÉ Aertel ar RTÉ.ie a ghineann beagnach 6 mhilliún imprisean leathanaigh in aghaidh na míosa – méadú de 13% bliain ar bhliain. Bhain láithreán soghluaiste RTÉ Aertel amach meánlín de 496,356 imprisean leathanach in aghaidh na míosa, sin méadú de 11% bliain ar bhliain (*Foinse: RTÉ*).

Ardú de **11%** go
487,000 léitheoir fásta
don RTÉ Guide



GAA Media Player ar RTÉ.ie

Cineál teilteács a úsáidtear i ngach teaghlach in Éirinn a úsáideann teilteács



Foinse: AGB Nielsen Media Research Establishment Surveys

D'fhorbair Foilsitheoireacht RTÉ seirbhís Digitext Aertel fréamhshamhla do ghlacadóirí digiteacha go dtí DTT. Forbraíodh suíomh soghluaiste RTÉ Aertel feabhsaithe nua agus seolfar é sin in 2010. Tá nascleanúint níos éasca agus grafaicí feabhsaithe ag an leagan nua seo de shuíomh soghluaiste RTÉ Aertel agus tá sé comhoiriúnach le fóin phóca chliste.

Cé go raibh lucht féachana de 1 milliún aige gach lá, tháinig ioncam tráchtála in RTÉ Aertel faoi fhorbhrú le roinnt príomhchliant geallghladóra ag gearradh siar ar sheirbhísí teilteács, ar fud na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe. Tharla sé sin i bpáirt mar thoradh ar an dúnadh síos a bhí le tarlú i seirbhísí Teilteács Analóige na Ríochta Aontaithe a raibh tionchar aige ar gheallghladóirí na Ríochta Aontaithe ach go háirithe agus mar thoradh chomh maith ar líon méadaithe na gcliant geallghladóirí go léir ag gluaiseacht i dtreo ghníomhaíocht ar líne. Cé go bhfuil sé deacair cliant nua a mhealladh chuig an ardán, tá ag éirí go maith go fóill le hurraíocht Taistil i dteannta urraíochta Spóirt.

Ábhar

Ba bhliain chrua a bhí inti do shiondacaítí ábhair le samhlacha gnó ag athrú go tapa ar aon chéim le príomhpháirtithe a bhí ag athbheithniú a ngnóthaí féin. Cé nár athnuadh roinnt comhaontuithe aithníodh roinnt deiseanna nua. Rinneadh cearta Físeáin ar Éileamh an CLG a fhorbairt tuilleadh le fotha pacáistithe chuig ceann de na hUrraithe Oifigiúla den Chraobhchomórtas Iománaíochta.

Sholáthair Foilsitheoireacht RTÉ réamhfhógraí SMS feadh *Breaking News* agus Scéalta Gnó, Nuacht Siamsaíochta, leidí rása agus nuacht ó imeachtaí (m.sh. réamhfhógra na Sé Náisiún). D'ardaigh an líon lucht suibscríbhíne chuig na seirbhísí sin os cionn 30% le linn na bliana.

Idirghníomhú Clár agus Comórtais

D'fhorbair agus bhainistigh an fhoireann Idirghníomhnaithe Clár agus Comórtas seirbhísí SMS agus seirbhísí guth-fhreagra idirghníomhach (IVR) do bhreis is 140 clár feadh ardáin Teilifís RTÉ, Raidió RTÉ agus Foilsitheoireacht RTÉ. Ghin agus bhainistigh an rannán Idirghníomhaithe Clár agus Comórtas 11 milliún idirghníomhuithe in 2009 le breis is 1,500 socrú imeacht idirghníomhaithe aonair ag teastáil. In 2009 leagadh níos mó béime ar chomórtais agus duaiseanna clár a ailíniú le lucht féachana déimeagrafach an chláir ar leith. Mar thoradh air sin, mhéadaigh idirchaidreamh an lucht féachana chuig leibhéal nár facthas cheana i rith na bliana.

Tá meánlíon de

120,000

úsáideoir in aghaidh

na míosa ag **RTÉ**

Aertel ar RTÉ.ie a

ghineann beagnach

6 mhiliún

imrisean leathanaigh

in aghaidh na míosa



Seoladh an RTÉ Player



In Aibreán 2009 sheol RTÉ an RTÉ Player, seirbhís súil siar teilifíse ar líne RTÉ. Faoi dheireadh mhí na Nollag 2009 bhí 5.5 milliún tar éis féachaint ar shruthuithe clár le meán de 784,609 sruth agus 300,000 úsáideoir uathúil in aghaidh na míosa. Cuireadh os cionn 200 uair an chloig clár ar fáil gach seachtain ar RTÉ Player ó gach catagóir de sceideal craolta RTÉ lena n-áirítear Siamsaíocht, Fíorasach, Stíl Mhaireachtála, Spórt, Nuacht agus Cúrsaí Reatha chomh maith le clár idirnáisiúnta a bhfuil fóir orthu. Sa bhreis ar an tséirbhís súil siar, tá RTÉ News Now, seirbhís nuachta ar líne beo agus lúbach 24 uair an chloig le fáil ar an RTÉ Player anois chomh maith. Féach www.rte.ie/player

Athbhreithniú Oibriúcháin



Cór Fiolarmónach RTÉ

George Daugherty i gcleachtaí le RTÉ CO do *Bugs Bunny on Broadway*

Grúpaí Oirfide RTÉ

Cláir agus Ealaíontóirí

In 2009, chuir Grúpaí Oirfide RTÉ 226 ceolchoirm agus imeacht bheo i láthair do 168,219 duine chomh maith le 77 gníomhaíocht a bhaineann le hoideachas. Sheas Gerhard Markson anuas mar Phríomhstíúrthóir Cheolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ (RTÉ NSO) agus fógraíodh foireann ealaíonta iomlán nua do sheasúr 2010/11 – Príomhstíúrthóir Alan Buribayev, Príomh-AoiStíúrthóir Hannu Lintu, le Finghin Collins sa ról nuachruthaithe mar Ealaíontóir Comhlach. Bhain John Wilson, Príomh-AoiStíúrthóir Cheolfhoireann Choirme RTÉ (RTÉ CO), amach nithe suntasacha agus tá tionchar an-dearfach aige ar an gceolfhoireann.

In ainneoin an chúlú eacnamaíochta leanann an dá cheolfhoireann ar aghaidh ag dul i dteagmháil le ceoltóirí aonair idirnáisiúnta is mó a bhfuil cáil orthu agus a bhfuil lucht féachana bríomhar agus léirmheastóireacht mhaith faighte ag go leor acu: i gcás an RTÉ NSO áirítear orthu sin Sarah Chang, Elizabeth Leonskaja, Antti Siirala, Pieter Wispelwey, Colin Currie, Simon Trpceski agus Alexander Toradze.

Tugadh taibhithe láidre ó healaíontóirí Éireannacha i dtaibhithe ardphróifil mar Robin Tritchler, Celine Byrne, Orla Boylan, Patricia Bardon, John O’Connor, Cian Ó Dúill, Tara Erraught, Finghin Collins, Elizabeth Cooney, Claudia Boyle, Peter Tuite, Sharon Carty, Raphaela Mangan, Ailish Tynan, Ross Scanlon agus Chloe Hinton.

Bhí na torthaí a bhain le bheith ag obair le haoistiúrthóirí sármhaithe soiléir le feiceáil i gceolchoirmeacha le Kirill Karabits, Hannu Lintu, Kristjan Jarvi, Douglas Boyd, Pascal Rophe, Vladimir Altschuler agus Kenneth Montgomery. Lean sraith ceolchoirmeacha ag am Lóin sa samhradh ó lár mhí an Mheithimh go dtí deireadh mhí Lúnasa a léirigh dílseacht láidir ón lucht féachana agus agus bhí go leor taibhithe de chuid an dá cheolfhoireann díolta amach.

I measc na mbuaicphointí don RTÉ CO seasann Messiah sa Vatican i láthair an Phápa Benedict XVI amach. Tá raon aschur na ceolfhoirne leathan agus éagsúil – áirítear ar na taibhithe ceoldrámaíochta *Macbeth* le Verdi, *Don Giovanni* le Mozart, *Mazepa* le Tchaikovsky agus *Das Rheingold* le Wagner (ar fad le Opera Ireland), taibhithe comhoibritheacha le Scoil Cheoil Chorcaí, Scoláirí UCD, Amhránaithe Baroque na Gaillimhe agus Cumann Cóir Mhuire agus ceolchoirmeacha le healaíontóirí ardphróifil mar Ute Lemper, Russell Watson, Aled Jones agus Curtis Stigers. Tá sé rithábachtach go leanann RTÉ CO ar aghaidh leis an riachtanas eagarthóireachta é féin a athshamhlú, fiú má bhíonn riosca ag baint leis sin i dtéarmaí oifig na dticéad: ba chóir tagairt ar leith a thabhairt do roinnt chuir i láthair RTÉ CO - *Jesus Christ Superstar*, *Bugs Bunny on Broadway* agus *Rodgers and Hammerstein*. Cumadh ceolchoirm teaghlach nua leis an mbeochantóir Paul Rissman.



Russell Watson ar stáitse le RTÉ CO

Chuir Grúpaí Oirfide RTÉ
226 ceolchoirm agus
 imeacht bheo i láthair do
168,219 duine

Bhain Cór Fiolarmónach RTÉ ardchaighdeán leanúnach amach le saothair chomh héagsúil le *Glagolitic Mass* le Janacek, *9th Symphony* le Beethoven, *2nd Symphony* le Mahler, *Nelson Mass* le Haydn agus taifeadadh de *Clare's Dragoons* le Fleischmann le heisiúint mar chomhartha ar chomórath céad bliain an chumadóra. Bhí bliain ghnóthach ag Cór na nÓg RTÉ le deich dtaispeánt i mBaile Átha Cliath i dteannta le ceardlanna do os cionn 900 leanbh, ceolchoirm i bPort Láirge mar chuid d'*Fhéile Phort Láirge John Roberts* chomh maith le craoltaí éagsúla feadh ardáin RTÉ.

Chuir Ceathairéad Vanbrugh RTÉ 30 ceolchoirm ar siúl in 2009, roinnt díobh sin i suíomhanna nua (An tIúr, Ard Mhacha, Caisleán Uí Chonaill, Dún Garbhán, Gleann na bhFiach, Baile an Átha): tharraing taibhithe an Cheathairéid ar thrí cinn de choimisiúin RTÉ (le Rachel Halstead, Kevin O'Connell agus Ian Wilson) mar chomhartha ar *Heaney At 70* (beo ón IMMA ar RTÉ lyric fm) go leor aird. I rith 2009 rinneadh coimisiúnú ar thuarascáil neamhspleách chun cabhrú le RTÉ smaoinneamh ar sholáthar seirbhísí ceoil aireagail i ndiaidh 2010.

Craolachán

Sa bhreis ar leaschraolta ceolchoirme seachtainiúla de chuid an RTÉ NSO ar RTÉ lyric fm agus na ceolchoirmeacha ceoilfhoirne ag am lóin ar *In Tempo* le Paul Herriott, leag Ceolfhoireann Cheolchoirme RTÉ béim ar a cuid tiomantas trína gaolmhaireachtaí le roinnt clár de chuid RTÉ Radio 1 (*The Tubridy Show*, *Mooney*, *Christmas Miscellany*) chomh maith le roinnt taispeántas teilifíse mór le rá - *Carols from Wexford Opera House*, *Messiah* ar Domhnach Cásca (a bhuíochas sin do Vatican Television) agus *Altan and the Orchestra*. Thairfead RTÉ CO ceol aitheanais nua don *Late Late Show* chun comórath a dhéanamh ar thréimhse Ryan Tubridy mar láithreoir.

Rinneadh comórath 10 mbliana RTÉ lyric fm a cheiliúradh trí dhá cheolchoirm cheiliúrtha le RTÉ NSO, ceann i mBaile Átha Cliath (lena n-áirítear *Choral Symphony* de chuid Beethoven) agus an ceann eile i Luimneach ag a raibh James Galway ina aoi speisialta. Ghlac RTÉ NSO, i gcomhar le RTÉ lyric fm, páirt i dhá Lá Speisialta EBU – Lá Handel chun ceiliúradh a dhéanamh ar chomórath 250 bliain ó bhás an chumadóra (14 Aibreán) agus Lá Speisialta Ceoil na Nollag 2009 (21 Nollaig).

Ag Cothú Lucht Féachana

Áiríodh ar thionscnaimh áirithe a bhí dírithe ar an lucht féachana rannpháirtíocht níos leithne na nGrúpaí Oirfide i *Culture Night*, scéim spreagtha "meet and greet" dár gceoltóirí agus do na daoine a bhíonn i láthair ag na ceolchoirmeacha, leathnú na ndaoine sin a choimisiúnaítear chun nótaí a scríobh do chláir phriontáilte agus leathnú an bhoinn-rannpháirtithe go dtí 33 comhrá agus agallamh roimh na ceolchoirmeacha. Áiríodh orthu siúd a bhí i gceist, an tAire Stáit Martin Mansergh, Frank McNally, Helen Meany, Eugene Downes, an tSeanadóir David Norris, Barry McGovern, Dr. Walter Haag, Ambasadóir na hOstaire agus go leor ceoltóirí aonair agus stiúrthóirí.

Athbhreithniú Oibriúcháin

I measc na mbuaicphointí don RTÉ CO seasann Messiah sa Vatican i láthair an **Phápa Benedict XVI** amach



RTÉ CO agus Cumann Cóir Mhuire ag a léiriú ar Handel's Messiah sa Vatican i láthair A Naofachta an Pápa Benedict XVI

Grúpaí Oirfide RTÉ ar lean

Tharla tionscnaimh eile mar gheall ar chailliúint an RTÉ Living Music Festival agus chónaitheacht réigiúnach RTÉ NSO: áiríodh orthu sin ceardlanna do dhaltáí ceoil na hArdteistiméireachta, cleachtaí oscailte, agus seó iontach drumadóireachta comhordaithe ag Noel Eccles agus curtha i láthair ag Brian Ormond do Ghrúpaí Oirfide RTÉ ag an gCeol-Áras Náisiúnta (NCH).

Bhí comhoibriú suntasach ann in 2009: Comórtas Pianó Idirnáisiúnta AXA i mBaile Átha Cliath; Ceolchoirm Cabhrach Feis Ceoil; scéim mheantóireachta athnuaithe, le dhá cheolfhoireann RTÉ agus le daltaí den scoth ón RIAM agus ón *DIT Conservatory of Music and Drama*; tionscadal pobail saindéanta i mBaile Munna i gcomhar le DIT; RTÉ lyric fm (eisiúint dlúthdhiosca agus cumadóir cónaithe i gcomhar le RTÉ NSO); ceardlann i gcomhpháirtíocht leis an NCH agus leis an gcnagcheoltóir den scoth Colin Currie; agus comhpháirtíocht leis an NCH i sraith ceardlanna ceoil na hArdteistiméireachta a raibh baint ag an RTÉ NSO leis.

Ceol Nua

Chuir Grúpaí Oirfide RTÉ 10 taispeántas domhanda i láthair de shaothair choimisiúnaithe Gerald Barry, Fergus Johnston, Rachel Holstead, Ian Wilson, Kevin O'Connell, Elaine Agnew, Vincent Kennedy, Ciaran Farrell, Donnacha Dennehy agus Siobhan Cleary chomh maith le taispeántais domhanda de cheithre shaothar Derek Ball (coimisiún neamh-RTÉ). Bhí ceathrar cumadóir (Seoirse Bodley, John Buckley, Ben Dwyer agus Derek Ball) sa tsraith Horizons de chuid RTÉ NSO (ceithre ceolchoirm saor in aisce ag an NCH) agus eisíodh dlúthdhiosca ceoil Seoirse Bodley i gcomhar leis an gComhairle Ealaíon faoi chreat foilseacháin fuaime comhaontaithe cúig bliana.

Oibríochtaí

Thug Grúpaí Oirfide RTÉ faoi thaighde, i gcomhar leis an NCH, chun roghanna an lucht féachana maidir le ceolchoirmeacha a mheas i rith athfhorbairt ar shuíomh Ardán Phort an Iarla. Rinneadh tástálacha breise chun éifeachtaí torainn san ionad oibre (iniúchtaí torainn) a thomhas agus eisíodh Tuarascáil Monatóireachta Torainn. Mar gheall ar shrianta airgeadais bhí ar Ghrúpaí Oirfide RTÉ pleananna daonchumhachta, aschur agus straitéisí réigiúnacha a thabhairt cothrom le dáta. Ar an dóigh chéanna le gníomhaíochtaí RTÉ ar fad, rinneadh anailís, athluacháil agus athshocrú ar chaidrimh tríú páirtí le Grúpaí Oirfide RTÉ.

Ioncam Tráchtála

Thit ioncam tráchtála de 13% i gcomparáid le 2008. Tháinig deireadh le hurraíocht cúig bliana Anglo Irish Bank ar shéasúr síntiúis RTÉ NSO ag deireadh shéasúr 2008/2009 (Bealtaine 2009).

Dúshláin agus Deiseanna Iomaíoch

Beidh deiseanna tráchtála gnó dúshlánach ar fud na sruthanna ioncaim ar fad in 2010 – saoráidí ar cíos, spriocanna oifig na dticéad agus urraíocht. Agus an fhoireann ealaíonta nua i bhfeidhm do shéasúr 2010/11 RTÉ NSO, tá go leor le déanamh ó thaobh na gclár, phróifíl a chothú agus nasc leis an bpobal. Táthar ag fanacht le scéal ar an amlíne d'athfhorbairt an NCH. Oslóidh an Grand Canal Theatre agus an Lárionaid Náisiúnta Comhdhála in 2010.



Seoladh shéasúr RTÉ NSO 2009

Agus an
**fhoireann
 ealaíonta
 nua** i bhfeidhm
 do shéasúr RTÉ NSO
 2010/11, tá go leor
le déanamh
 ó thaobh na golár,
 phróifíl a chothú agus
 nasc leis an bpobal

Lucht Éisteachta Ghrúpaí Oirfide RTÉ (agus Léirithe)

	2009	2008	Lucht éisteachta	Léirithe
Aoi Ensembles	1,956	1,176	(2)	(3)
Oideachas: Cóir RTÉ	1,060	0	(2)	(0)
Ginearálta: Cóir RTÉ	2,519	2,239	(9)	(8)
Iomlán Cóir RTÉ	3,579	2,239	(11)	(8)
VQ RTÉ	3,247	3,479	(30)	(30)
Oideachas: CO RTÉ	17,155	19,987	(22)	(22)
Ginearálta: CO RTÉ	70,795	69,853	(78)	(83)
Iomlán CO RTÉ	87,950	89,840	(100)	(105)
Cór Fhiol/ NSO RTÉ	4,887	6,211	(5)	(6)
Oideachas: NSO RTÉ	14,435	16,462	(18)	(17)
Ginearálta: NSO RTÉ	52,165	51,104	(60)	(62)
Iomlán: NSO RTÉ	66,600	67,556	(78)	(79)
Iomlán: Oideachas	32,650	36,449	(42)	(39)
Iomlán: Ginearálta	135,569	134,062	(184)	(192)
Foriomlán	168,219	170,511	(226)	(231)

Gníomhaíochtaí Oideachais Ghrúpaí Oirfide RTÉ

	2009	2008
Gníomhaíochtaí Oideachais	42	39
Ceardlanna srl.	2	14
Cainteanna réamhchoirme	33	33
Gníomhaíochtaí Oideachais iomlána	77	86

Gníomhaíochtaí ceoil comhaimseartha Ghrúpaí Oirfide RTÉ

	2009	2008
Céadléirithe Domhanda de shaothar a choimisiúnaigh RTÉ	10	6
Coirmeacha ceoil comhaimseartha tiomanta	4	11

Athbhreithniú Airgeadais

Torthaí

Thabhaigh RTÉ Easnamh roimh Mhír Eisceachtúil (Muirear Athstruchtúrtha) de -€16.5 milliún (2008: €0.0 milliún) bunaithe ar Ioncaim de €375 milliún (2008: €441 milliún).

I dteannta Mhír Eisceachtúil de €11.3 milliún i ndáil le “Muirear Athstruchtúrtha” (2008: €0), bhí Easnamh foriomlán de -€27.8 milliún do 2009 mar thoradh air sin (Barrachas 2008 €0.0 milliún).

Eascaíonn an Mhír Eisceachtúil (Muirear Athstruchtúrtha) in 2009 ón gclár laghdaithe costais a cuireadh i bhfeidhm i rith na bliana. Rinneadh soláthar de €11.3 milliún in 2009 i leith thabhairt isteach Shaoráid Luath-Scoir & Iomarcaíochta agus Scéim Sosa Gairme Dreasaithe/ Saoire Neamhláithreachta.

I dtéarmaí achoimre, ba í mhóthréith 2009 (an chéad bhliain ó 2002 a thabhaigh RTÉ Easnamh) i gcomparáid le 2008 ná titim de -15% (€66 milliún) in ioncam iomlán á fhritháireamh, i bpáirt, ag laghdú de -11% (€49 milliún) i nglanchostais iomlána (*costas oibríochta & (costas) / ioncam glanairgeadais & costas / (creidmheas) cánach ioncaim*) gan muirir athstruchtúrtha san áireamh.

Creat Léirmhínte

Tá tionchar go sonrach ar léirmhíniú fheidhmíocht airgeadais RTÉ ag an scála a bhaineann le Scéim Aoisliúntais RTÉ (iontaobhas scéime pinsin sochair shainithe, ranníochach, ceirde, maoinithe atá bunaithe ag reachtaíocht, urraithe ag RTÉ agus nár ligeadh aon fhostaí rannpháirteach nua isteach ann ó 1989).

De réir Chaighdeán Tuairisceoireachta Airgeadais Idirnáisiúnta (IFRS), léirítear dlíteanais scéime pinsin Sochair Shainithe ar leithligh i Ráitis Airgeadais an urraitheora ar bhealach comhchosúil le Fiachas (arna thomhas trí thagairt do rátaí Bannaí Corparáide a mhaireann gar-ama). I gcás RTÉ tá dlíteanais Scéim Aoisliúntais RTÉ fanta ag níos mó ná cúig oiread Ghlanáireamh tuairiscithe RTÉ agus mar sin is féidir go gcuirfeadh méid na heaspa cóimheá seo isteach go leanúnach as do thuiscint chiallmhar ar fheidhmíocht airgeadais bhunúsach oibríochtúil RTÉ.

Dá bharr sin scarann an tráchttaireacht rannáin thíos an tráchttaireacht ar thorthaí Ghrúpa RTÉ gan an glanchostas ná an t-ioncam airgeadais a bhaineann le pinsean sochair shainithe a eascraíonn as na sócmhainní agus dlíteanais laistigh den Scéim curtha san áireamh.

Torthaí Rannán

Chuir na rannáin chomhtháite gnó (IBDanna) agus an Ceannáras (HQ) le toradh na bliana mar seo a leanas:

	2009 €m	2008 Mar atá athluaite ¹ €m
Teilifís	(15.9)	(17.6)
Raidió	0.7	2.8
Nuacht agus Cúrsaí Reatha	(2.4)	(2.8)
Grúpaí Oirfide	0.0	0.0
Líonra	8.3	8.3
Foilsitheoireacht	(1.6)	(2.1)
Ceannáras Corparáideach	(2.9)	(4.4)
Coigeartuithe Comhdhlúthaithe	0.4	0.6
Fo-Iomlán	(13.4)	(15.2)
(Costas)/ioncam glanairgeadais a bhaineann le pinsean sochair sainithe (Costas)/creidmheas cánach ioncaim	(2.8)	5.7
	(0.3)	9.5
(Easnamh) / Barrachas roimh mhír Eisceachtúil	(16.5)	0.0
Mír Eisceachtúil - muirear athstruchtúrtha	(11.3)	-
(Easnamh) / Barrachas don bhliain	(27.8)	0.0

¹ Le héifeacht ó 1 Eanáir 2009, ghlac RTÉ le IFRS 8 *Míreanna Oibríochta*. Tá eolas míre comparáideach athchurtha i láthair ag cloí le IFRS 8.

Titim **15%**
(**€66**
milliún)
ar ioncam iomlán

Ioncam Tráchtála

Tháinig dlús faoin titim in Ioncaim Thráchtála RTÉ, a tháinig chun cinn i dtosach sa dara leath de 2008, in 2009 rud a léiríonn na coinníollacha eacnamaíocha éagobhsaí agus neamhshocra atá tagtha chun cinn in Éirinn agus go hidirnáisiúnta agus an laghdú -7.2% i GDP na hÉireann in 2009 atá mar thoradh air sin.

Is é an toradh atá ar leibhéil an-íslé muiníne i measc tomhaltóirí mar aon le héileamh níos ísle ó chustaiméirí ar fhógraíocht ná ioncaim thráchtála a bhí níos ísle fós do 2009. Is ionann fógraíocht Teilifíse agus beagnach ¼ d'ioncam tráchtála iomlán RTÉ agus braitheann fógraíocht go mór ar na nithe a bhíonn ó na tomhaltóirí ó am go chéile. In 2009, tharla titim thobann leanúnach mhór ar phraghas aonad fógraíochta Teilifíse agus theastaigh coigeartú lárbhlíana eisceachtúil ar chóras trádála RTÉ le rátálacha fógraíochta Teilifíse a dhíol.

I gcás 2009 ina iomláine, thit ioncaim thráchtála -€65.2 milliún (-27%) i gcomparáid le 2008:

	€m
Fógraíocht Teilifíse	-49.7
Fógraíocht Raidió	-11.3
Réimsí eile	-4.2
<hr/>	
Gluaiseacht Bhliain ar Bhliain Ioncam Tráchtála 2008	239.9
<hr/>	
Ioncam Tráchtála 2009	174.7

Ioncam ón gCeadúnas Teilifíse

Is í an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádirtha (DCENR) a bhailíonn an t-airgead atá dlite ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlach (i ndáil le ceadúnais teilifíse "saor in aisce") agus An Post (an t-aon ghníomhaire atá ag an Aire le ceadúnais teilifíse a dhíol leis an bpobal) agus ansin déanann sí deontas-i-gcabhair de shuímeanna oiriúnacha le RTÉ.

B'ionann an méid Ioncaim ó Cheadúnas Teilifíse RTÉ in 2009 agus €200.2 milliún, sin titim bheag ar 2008 (€200.9 milliún).

Tá an méid sheasta de sheachaint íoc na táille ceadúnais fós mar ábhar imní. Measann RTÉ nach bhfuil ceadúnas bailí teilifíse ag idir 10% agus 15% de na líonta tí baile nó áitribh ghnó inmhuirearaithe sa Stát.

Costais Oibríochta

Mar fhreagra ar an gcúingú an-dona in ioncam atá ar fáil, in 2009 thug RTÉ faoi shraith gníomhartha cúitimh éigeandála a bhí dírithe ar an ngnó a chobhsú agus ar an mbonn costais oibríochta a laghdú go suntasach i gcomparáid le 2008 agus cláir agus fostaíocht a chosaint an oiread agus ab fhéidir.

Laghdaíodh Costais Oibríochta a Bhaineann le Pearsanra (PROCs) thart ar 12% agus thit Costais Oibríochta nach mBaineann le Pearsanra (Neamh-PROCs) 19%. Seachadadh coigiltis de €71.1 milliún ar Chostas Oibríochta Foriomlán, sin laghdú de 15% nach mór i gcaiteachas i gcoinne na bliana roimhe sin:

	€m
Laghdú ar Chostas Oibríochta a Bhaineann le Pearsanra (PROCs)	-26.6
Laghdú ar Chostas Oibríochta nach mBaineann le Pearsanra (Neamh-PROCs)	-44.5
<hr/>	
Laghdú Bliain ar Bhliain Costais oibríochta 2008	460.5
<hr/>	
Costais oibríochta 2009	389.4

Léirigh an leibhéal suntasach laghduithe costais a baineadh amach in 2009 fócas cuimsitheach, comhoibrítheach agus seasta ar roinnt mhaith beart chun costas a sheachaint agus a laghdú, costas a chlúdaíonn beagnach gach gné de ghníomhaíochtaí RTÉ. Áiríodh leis sin go leor roghanna a bhí crua agus deacair glacadh leo a chur i bhfeidhm go luath.

Laghdaíodh Costais Oibríochta a Bhaineann le Pearsanra (PROCs) thart ar 12%

agus thit Costais Oibríochta nach mBaineann le Pearsanra (Neamh-PROCs) 19%

Athbhreithniú Airgeadais (ar lean)

Cuireadh laghdúithe pá i bhfeidhm ó lár 2009, trí chomhaontú, i leith gach fostaí de chuid RTÉ. I gcás daoine a thuilleann níos mó ná €25,000 in aghaidh na bliana, shín na laghdúithe ar bhonnphá ar scála grádaithe ó 2.3% go dtí 12.5% do na fostaíthe sin is mó a thuilleann. Cuireadh ar fionraí gach Íocaíocht Feidhmíochta Conartha i gcás 2008 agus 2009.

Beidh sé mar fhócas criticiúil in 2010 an buntáiste a baineadh amach maidir le coigiltis chostais a choinneáil mar aon le bearta laghdaithe costas breise a chur i bhfeidhm.

Líon na bhfostaithe

An 31 Nollaig 2009 bhí 2,214 (2008: 2,351) fostaí i gceist agus ba fhostaithe páirtaimseartha / ócáideacha iad 332 (2008: 358) acu.

B'ionann an laghdú sa líon fostaíthe in 2009 agus titim de 6% i gcomparáid le 2008 agus léirigh sin go príomha gan athfhostú a dhéanamh in áit daoine ar an bhfoireann a d'imigh agus fostaíthe a d'imigh faoi Shaoráid Luath-Scoir & Iomarcaíochta agus faoi Scéim Sosa Gairme Dreasaíthe/ Saoire Neamhláithreachta araon.

(Costas)/ ioncam glanairgeadais

Is ionann costas glanairgeadais do 2009 agus €1.6 milliún i gcomparáid le hIoncam Glanairgeadais do 2008 de €10.3 milliún, gluaiseacht dhochrach de -€11.9 milliún.

Bhain an ghluaiseacht sin le dhá mhír ach go háirithe:

- Laghdú de -€3.5 milliún in ús bainc a fuarthas ag eascairt ó laghdúithe in airgeard tirim coinnithe i dteannta rátaí úis le ráta taisce níos ísle; agus
- laghdú san aiscur ionchais ar Shócmhainní Scéime Pinsin Sochair Shainithe (DB) á fritháireamh i bpáirt ag laghdú i gcostas úis Dhliteanais na Scéime Pinsin DB ar fiú athrú glan de -€8.5 milliún iad le chéile in aghaidh 2008.

Cánachas

D'eascair muirear cánach de €0.3 milliún in 2009 mar gheall ar an ngluaiseacht ar cháin iarchurtha sa bhliain den chuid is mó.

Sin i gcomparáid le creidmheas cánach de €9.5 milliún a tuilleadh in 2008 a bhaineann den chuid is mó le fuascailt na bhforálacha

cánach nach bhfuil gá leo níos mó i ndiaidh socrú agóide leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Sreabhadh Airgid

B'ionann agus €9.3 milliún Sreabhadh Airgid Oibríochta RTÉ in 2009 (2008: €18.4 milliún) a tháinig ó ghnáthghníomhaíochtaí oibríochta.

B'ionann agus €58.9 milliún an t-airgead agus an choibhéis airgid ar láimh an 31 Nollaig 2009 (2008: €68.3 milliún) agus bhí dliteanais fritháirimh ann a d'eascair faoi scéimeanna iomarcaíochta nó luathscoir ab ionann agus €24.1 milliún (2008: €16.3 milliún).

Ag féachaint do na brúnna eacnamaíochta a tharla sa ráithe dheireanach de 2008 agus a mhéadaigh i rith 2009, tá fócas laethúil ar airgead tirim mar príomhthosaíocht airgeadais in 2010 lena chinntiú go mbeidh dóthain sreabhadh airgid ann chun inmharthanacht na heagraíochta a chaomhnú amach anseo.

Caiteachas Caipitil

In 2009 bhí gá le caiteachais chaipitil a shrianadh go bunúsach chun leachtacht a chaomhnú.

Bhí caiteachas caipitil iomlán RTÉ i 2009 cothrom le €15.2 milliún (2008: €51.4 milliún) agus ba í an mhír is mó ná €11.5 milliún eile a tabhaíodh i leith infrastruchtúr Tarchurtha agus Dáilte criticiúil ag RTÉNL.

Tá an t-infrastruchtúr sin riachtanach le gur féidir le RTÉ a gceanglas reachtúil a chomhlíonadh maidir le tabhairt isteach Imléacs Theilifís Dhigiteach Trastíre Seirbhíse Poiblí roimh mhúchadh líonraí Teilifíse Trastíre Analógacha (ATT) ar fud na hEorpa, lena n-áirítear Éire, de réir mar is gá faoi dhí an AE.

Tionscadal 2025

I mí Dheireadh Fómhair 2009 thaisc RTÉ iarratas le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, atá fós faoi bhreithniú faoi láthair ag oifigigh pleanála na cathrach. Iarratas atá ann ar Chead Pleanála deich mbliana chun saoráid chraolta nua-aimseartha 50,000 méadar cearnach a thógáil in áit na saoráide atá i nDomhnach Broc agus tá sí le tógáil i gcúig chéim. Samhlaítear go dtógfaidh an tsaoráid seo, lena n-áirítear an próiseas pleanála, suas le 15 bliana lena tógáil ina hiomláine ó 2010.

Bhí **€11.5 milliún** eile tabhaithe i leith **infrastruchtúr Tarchurtha agus Dáilte criticiúil** ag RTÉNL

Leithdháileadh agus Úsáid na Táille Ceadúnais

Is de mhianach seirbhísí poiblí iad an chuid is mó de ghníomhaíochtaí RTÉ ach tá an costas a bhaineann leis na seirbhísí seo a sholáthar i bhfad níos airde ná méid an Mhaoinithe Phoiblí a fhaightear. Dá réir sin, tá RTÉ ag brath ar chóras démhaoinithe idir Phoiblí agus Tráchtála agus téann siad i mbun gníomhaíochtaí tráchtála chun an t-easnamh sa mhaoiniú poiblí a fhaightear a líonadh.

Féachtar le léiriú sa tábla thíos mar a úsáideadh gach Táille Ceadúnais Teilifíse ag meabhrú nach é RTÉ an t-aon fhaighteoir airgid ó Tháillí Ceadúnais Teilifíse a bhailítear:

Léiriú ar an tslí a úsáideadh gach Táille Ceadúnais Teilifíse a bailíodh

	2009 €	2008 Mar atá athluaithe ¹ €
RTÉ One	62.00	59.35
RTÉ Two	31.57	34.09
Teilifís RTÉ	93.57	93.44
RTÉ Radio 1	16.70	14.24
RTÉ RnaG	9.06	10.73
RTÉ lyric fm	5.24	5.78
Raidió RTÉ	31.00	30.75
Grúpaí Oirfide RTÉ	9.48	11.02
Gníomhaíochtaí RTÉ	134.05	135.21
	84%	85%
Tacaíocht RTÉ do TG4	7.50	7.89
Tobhach BAI	0.63	-
Scéim Fuaimne & Físe an BAI	8.45	7.53
Costais Bhaillíocháin - An Post / DCENR / DSFA	9.37	9.37
Gníomhaíochtaí Neamh RTÉ	25.95	24.79
	16%	16%


Meánchostas ar
Cheadúnas Teilifíse **€160.00** €160.00

¹ Le héifeacht ó 1 Eanáir 2009, ghlac RTÉ le IFRS 8 *Míreanna Oibríochta*. Tá eolas míre comparáideach curtha i láthair ag cloí le IFRS 8.

Sa phíchairt thíos déantar achoimre ar leithdháileadh ioncaim RTÉ ón Táille Ceadúnais a d'úsáid RTÉ i dtreo na ngníomhaíochtaí seirbhíse poiblí arna ndéanamh ag RTÉ in 2009.

Leithdháileadh Ioncam Ceadúnais a fuair RTÉ i 2009

RTÉ One	43.8%
RTÉ Two	22.3%
RTÉ Radio 1	11.8%
RTÉ lyric fm	3.7%
RTÉ RnaG	6.4%
Tacaíocht tugtha do TG4	5.3%
Grúpaí Oirfide RTÉ	6.7%



Tá RTÉ ag brath ar **chóras démhaoinithe idir Phoiblí agus Tráchtála** agus téann siad i mbun gníomhaíochtaí tráchtála chun an t-easnamh sa mhaoiniú poiblí a fhaightear a líonadh

Athbhreithniú Airgeadais (ar lean)

Riosca Airgeadais a Bhainistiú

Socraíonn Bord RTÉ polasaithe cistíochta an Ghrúpa, lena n-áirítear bainistiú airgeadais, rioscaí malartaíthe coigríche agus riosca creidmheasa ó fhrithpháirtithe. Tá siad sin leagtha amach i Nóta 21 leis na ráitis airgeadais.

Gníomhaíochtaí airgeadais

Mar atá luaite thuas, lean fochuideachtaí craolta RTÉ, RTÉNL, ag déanamh tiomantas caiteachas caipitil suntasach i leith DTT.

Ní dóigh go mbeidh ar chumas RTÉ nó RTÉNL maoiniú a dhéanamh ar scála foriomlán an chaiteachais chaipitil atá riachtanach d'infrastruchtúr DTT go hiomlán amach as sreabhadh airgid / cúlchistí airgid thirim atá ann cheana. Dá bhrí sin, tá iarracht déanta ag RTÉNL iasachtaí ar scála mór a chur i bhfeidhm.

Pinsin

Oibríonn RTÉ Scéim Phinsean Shochair Shainithe Ranníocach (DB) mar aon le roinnt Scéimeanna Ranníoca Sainithe Rannaíocacha (DC) ar son na bhfostaithe.

Scéim Aoisliúntais RTÉ (DB)

An 31 Nollaig 2009, bhí 472 fostaí in RTÉ ar chomhaltaí iad de Scéim Aoisliúntais RTÉ. Ina theannta sin, leanann RTÉ ag déanamh ranníoca sa scéim sin do 46 iarfhostaí a d'fhág RTÉ faoi phacáistí athstruchtúrtha éagsúla.

Is scéim sochair shainithe í Scéim Aoisliúntais RTÉ ina raibh cistí faoi bhainistíocht an 31 Nollaig 2009 de €779.1 milliún ag luach an mhargaidh. Níor ceadaíodh aon fhostaithe nua sa scéim sin ó mhí Iúil 1989.

Rinne achtúirí na scéime luacháil mhaoinithe achtúireach fhadtéarmach agus thuairiscigh barrachas de €2.6 milliún amhail 1 Eanáir 2010 (1 Eanáir 2009: easnamh de €102.3 milliún).

Amhail an 31 Nollaig 2008 thuairiscigh an Scéim easnamh arna thomhas de réir riachtanais na níoschaighdeán Maoinithe. Ag eascairt go príomha ó luachálacha margatí seachtracha feabhsaithe maidir leis na sócmhainní atá ar láimh réitíodh an t-easnamh i rith 2009 agus dá réir sin ní bheidh gá do na hiontaobhaithe agus do RTÉ togra a réiteach le cur faoi bhráid an Bhoird Pinsean mar a bhíodhas ag súil leis anuraidh.

Scéim Phinsean Ranníoca Shainithe RTÉ (DC)

Tá gach fostaí de chuid RTÉ nach comhaltaí iad de Scéim Aoisliúntais RTÉ incháilithe a bheith ina gcomhaltaí de scéim ranníoca shainithe ranníocach nó tá siad incháilithe do shocruithe pinsean de chineál ÁSPC.

Is í Scéim Phinsean Ranníoca Shainithe RTÉ an phríomhscéim DC agus tá 1,489 fostaí rannpháirteach inti faoi láthair.

Scéim Pinsin Roinnte Riosca "50/50" RTÉ

Ceadaíodh agus síníodh an Gníomhas Ionntaobhais agus Rialacháin do Scéim Pinsin Roinnte Riosca "50/50" RTÉ nua dar dáta 28 Samhain 2008 ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha agus ag an Aire Airgeadais an 2 Márta 2010. Tá sé beartaithe go gcuirfear tús leis an scéim seo don chéad uair i rith 2010.

Árachas

Coimeádtar clúdach árachais cuí in aghaidh raon rioscaí inárachais ábhartha, lena n-áirítear mórtubaiste, faoi réir asbhaintí agus eisiamh iomchuí.

Freagracht Chorparáideach

Tá *Tuarascáil 2009 ar Freagracht Chorparáideach RTÉ* ar fáil ar RTÉ.ie.

Imeachtaí dlíthiúla

Tá RTÉ agus a fhochuideachtaí ina bpáirtí in imeachtaí dlíthiúla éagsúla, agus tá éilimh déanta i leith RTÉ nó a fhochuideachtaí i gcuid acu sin. Níltear cinnte, ag an bpointe seo, cén toradh a bheidh orthu seo. Tá RTÉ den tuairim, de réir na comhairle atá faighte acu, go bhfuil bearta riachtanacha déanta chun a chinntiú nach mbeidh drochthionchar ábhartha fadtéarmach suntasach ag torthaí na n-imeachtaí sin, le chéile, ar staid airgeadais, ar thorthaí nó ar leachtacht RTÉ.

Amach Anseo

Tá sé mar sprioc ag RTÉ barrachas ag leibhéal bord ar bhord a bhaint amach do 2010.

Tá sé sin bunaithe ar fhorhmhór na laghduithe ó thaobh costas suntasach a gineadh, le linn 2009, a choinneáil ag leibhéal bliana iomláine in 2010 i dteannta, tríd is tríd, le hioncain fhoriomlána a chothabháil ag leibhéal inchomparáide leo sin a gineadh in iomlán in 2009.

Tá socrú déanta d'imeachtaí breise clár a eascróidh gan súil i rith 2010.

Ina theannta sin, ó tharla go bhfuil na margatí ioncain tráchtála éagsúla ina n-oibríonn RTÉ fós leochaileach in 2010, chun cobhsaíocht leanúnach a chinntiú, tá raon breise de Thionscadail Laghdaithe Costais / Fheabhsúcháin Leanúnacha á bhforbairt. Tá sé beartaithe go mbainfear úsáid as na bearta sin mar bhealach chun tionchar diúltach a fhritháireamh i bpáirt sa chás go dtarlóidh aon laghdú ioncain breise gan choinne agus thairis sin go mbeidh siad ar fáil chun tacú le hintheistíocht chlár.

Costas in aghaidh na huairé Tarchuir

Mar chuid dá dTiomantas Feidhmíochta do 2009 shocraigh RTÉ go bhfoilseofaí, sa Thuarascáil Bhlíantúil 2009, don chéad uair ráiteas ar an ngnáthchostas in aghaidh uairé tarchuir na gclár a craoladh. Tá táblaí a sholáthraíonn an t-eolas sin agus an tsli a ríomhtar é do 2009 mar aon le figiúirí corparáideacha do 2008 leagtha amach thíos.

2009

	RTÉ One €'m	RTÉ Two €'m	RTÉ Radio 1 €'m	RTÉ 2fm €'m	RTÉ lyric fm €'m	RTÉ RnaG €'m
COSTAIS						
Clár a dhéantar in Éirinn	127.5	64.9	36.2	12.6	6.7	11.5
Clár Cheannaithe - Éire	0.3	0.1	0.0	0.0	0.0	0.0
- Thar lear	14.4	10.6	0.0	0.0	0.0	0.0
Oibríochtaí craolacháin & tarchuir ghinearálta	12.7	11.2	2.1	1.0	0.4	0.3
Muirir tharchuir agus chumhachta	3.4	3.4	2.0	1.0	1.0	1.0
	158.3	90.2	40.3	14.6	8.1	12.8

UAIRE

	Uaire	Uaire	Uaire	Uaire	Uaire	Uaire
Uaire Tarchuir Bhlíantúla (lena n-áirítear comhchraoladh)	8,760	8,760	8,926	8,760	8,760	8,760

MEÁNCHOSTAS FORIOMLÁN IN AGHAIDH NA HUAIRE CRAOLTA

	€	€	€	€	€	€
Uaire Tarchuir go léir	18,100	10,300	4,500	1,700	900	1,500

2008

	RTÉ One €'m	RTÉ Two €'m	RTÉ Radio 1 €'m	RTÉ 2fm €'m	RTÉ lyric fm €'m	RTÉ RnaG €'m
COSTAIS						
Clár a dhéantar in Éirinn	150.6	86.5	42.1	13.5	7.8	13.9
Clár Cheannaithe - Éire	0.4	0.0	0.0	0.0	0.0	0.0
- Thar lear	13.4	11.3	0.0	0.0	0.0	0.0
Oibríochtaí craolacháin & tarchuir ghinearálta	14.5	14.5	1.0	0.4	0.3	0.2
Muirir tharchuir agus chumhachta	3.3	3.3	2.2	1.0	1.0	1.0
	182.2	115.6	45.3	14.9	9.1	15.1

UAIRE

	Uaire	Uaire	Uaire	Uaire	Uaire	Uaire
Uaire Tarchuir Bhlíantúla (lena n-áirítear comhchraoladh)	8,784	8,784	9,228	8,784	8,784	8,784

MEÁNCHOSTAS FORIOMLÁN IN AGHAIDH NA HUAIRE CRAOLTA

	€	€	€	€	€	€
Uaire Tarchuir go léir	20,700	13,200	4,900	1,700	1,000	1,700

GLUAISEACHT BHLIANTÚIL

% athrú i meánchostas foriomlán in aghaidh na huairé

- Uaire Tarchuir go léir	(12.6%)	(22%)	(8.2%)	0%	(10%)	(11.8%)
--------------------------	---------	-------	--------	----	-------	---------

An Bord amhail an 31 Nollaig 2009



1. Tom Savage (Cathaoirleach)

Díreach tar éis dó céim a fháil ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, ceapadh Tom Savage ina Cheannasaí Leasa Shóisialaigh d'Ar-Dheoise Ard Mhacha. Lorgaíodh é ansin chun léachtaí a thabhairt sa Ionad Cumarsáide Caiticeach, agus nuair a d'fhág sé na sagairt thosaigh sé gairm bheatha san iriseoireacht mar láithreoir Teilifíse agus Raidió. Bhí a ghuth aitheanta ar *It Says in the Papers* ar RTE ar feadh cúig bliana déag agus ba é an chéad eagarthóir é ar *Morning Ireland*. Rinne sé eagarthóireacht ar foilseachán éagsúla, lena n-áirítear *Public Affairs* de chuid an IPA agus sheol sé *Irish Medical News* an IMO sular thosaigh sé ag obair le Bunny Carr mar Cheannasaí Oiliúna i Carr Communications. Inter alia bhí baint aige le hollúint Stáitseirbhísh na hÉireann agus le Córais Bhainistíocht agus Fhorbairt Feidhmíochta. Thug sé comhairle do Choimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine, do *Save the Children* (Tuaisceart Éireann) agus don *Children's Law Centre* i mBéal Feirste. Is é údar an leabhair ar idirbheartaíochtaí dar teideal, *How to Get What You Want*.

2. Fergus Armstrong

Is idirghabhálaí é Fergus Armstrong. Tá sé ina chomhalta painéil ar ONE resolve, grúpa idirghabhálaí idirdhisciplínéach. Bhain a ghairm bheatha roimhe seo le cleachtadh an dlí, ar dtús leis an ngnólacht teaghlach atá ainmnithe anois mar Hegarty and Armstrong, Sligeach, agus ansin bhí sé ina aturnae cuideachta ag Aer Lingus. Níos déanaí chuaigh sé ag obair leis an ngnólacht McCann Fitzgerald, áit ar oibrigh sé mar chomhpháirtí i ndlí corparáideach, agus ansin mar chomhpháirtí bainistíochta agus mar chathaoirleach. Tá a chuid oibre idirghabhálaí comhdhéanta de dhíospóidí a bhaineann le gnóclachtaí agus institiúidí, chomh maith le heasaontas idir daoine aonair. Glacann sé páirt mar mhúinteoir agus mar phainéal ar chúrsaí agus ar cheardlanna faoi idirghabhálaí d'eagraíochtaí gairmiúla agus fostaíthe na hearnála poiblí. Cuireann sé roinnt alt ar fáil in irisí agus i nuachtáin chomh maith agus tá suim aige san fhéalsúnacht, sa tsíceolaíocht agus sa diagacht. Fuair sé a chuid oideachais i gColáiste Caisleán Cruacha, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus sa *Harvard Law School*.

3. Emer Finnán

Is Cuntasóir Cairte agus Stiúrthóir Feidhmíocháin í Emer Finnán ar Chumann Foirgníochta EBS. Tá os cionn 20 bliain de thairbhí ag Emer i seirbhísí airgeadais. Sular thosaigh sí le EBS d'oibrigh sí mar Stiúrthóir le NCB Corporate Finance freagrach as seirbhísí airgeadais agus thug sí comhairle maidir le líon mór idirbhearta seirbhísí airgeadais. Roimhe sin d'oibrigh Emer le ABN AMRO, Citibank agus KPMG.

4. Alan Gilsean

Is scannánóir, scríbhneoir agus stiúrthóir amharclainne é Alan Gilsean. Is iar-Chathaoirleach de chuid Institiúid Scannán na hÉireann é agus bhí sé ina Chomhalta ar Bhord Scannán na hÉireann agus ar Fhéile Idirnáisiúnta Damhsa na hÉireann. Áirítear ar a chuid scannán *The Road To God Knows Where*, *All Souls' Day*, *Zulu 9*, *The Green Fields of*

France, *The Ghost of Roger Casement*, *Timbuktu*, *The Yellow Bittern* chomh maith leis an tsraith faisnéise *The Asylum*, *The Hospice* agus *I See A Darkness*.

5. Cathal Goan

(An Príomh-Stiúrthóir)

6. Karlin Lillington

Is iriseoir agus colúnaí leis an Irish Times í Karlin Lillington a dhíríonn ar theicneolaíocht, le suim ar leith aici sna gnéithe polaitiúla, sóisialta, gnó agus cultúir de theicneolaíochtaí eolais agus cumarsáide. Scríobh sí chomh maith do raon leathan foilseachán náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear *The Guardian*, *New Scientist*, *Wired.com*, *Salon.com*, *Red Herring*, *The Scientist*, agus *The Sunday Times* agus is aoi rialta í ar Raidió in Éirinn chomh maith. D'oibrigh sí chomh maith mar chomhairleoir do U2 don láithreán gréasáin U2.com, agus tá sí ar an bpainéal comhairleach don Ghailearál Eolaíochta i gColáiste na Tríonóide agus do *TEDx Dublin*. Tá PhD aici ó Choláiste na Tríonóide.

7. Joe Little

Is iriseoir é Joe Little ó 1977, go príomha le RTE. D'fhás sé aníos i mBéal Feirste agus i Luimneach, agus chabhraigh a thuairiscíú ó Thuaisceart Éireann le RTE ainmiúchán Emmy a bhuanach. Bhronn Dlí-Chumann na hÉireann agus an stocaireacht míchumais Inclusion Ireland oineach air. Is é Comhfhreagraí Gnóthaí Eaglasta agus Sóisialta RTE é.

8. Sean O'Sullivan

Is bunaitheoir agus Stiúrthóir Bainistíochta é Sean ar an ngnólacht comhairliúcháin bogearraí Seabrook Research Limited. Tá sé ina chathaoirleach chomh maith ar Bhord Comhairle na gCóras Faisnéise Gnó i UCC agus tá sé ina mheantóir ar an gClár Máistreacht san Ollscoil. Bhí sé ina Iar-Leas-Chathaoirleach ar an gCoimisiún um Ghearáin Chraolacháin, agus is infheisteoir é Sean chomh maith i roinnt cuideachtaí tosaigh teicneolaíochta agus is comhalta é den Phainéal Comhairleach Tomhaltóirí ag an Rialtóir Airgeadais.

9. Patricia Quinn

Is bunaitheoir agus Príomhfeidhmeannach í Patricia Quinn de chuid Guidestar Ireland, cuideachta neamhbhrabúis a bunaíodh in 2009 chun infrastruchtúr eolais a thógáil don eamháil neamhbhrabúis. Is iar-sheirbhíseach poiblí í, a bhí ina stiúrthóir cultúir ar Temple Bar Properties, ina stiúrthóir feidhmeach ar an gComhairle Ealaíon, agus ina chomhalta ar chomhlachtaí poiblí éagsúla lena n-áirítear Coimisiún na Nuachtán agus Fóram na gCraolachán.

Freastal an Bhoird

Bhí ceithre chruinniú ag Údarás RTE agus, tar éis achtú na reachtaíochta craolacháin nua, bhí cúig chruinniú ag Bord RTE - naoi gcrúinniú ar fad in 2009. Tá freastal na gcomhaltaí boird a bhí i dteideal freastal ar na naoi gcrúinniú ar fad leagtha amach thíos:

	Freastal ar chruinniú
Tom Savage (Cathaoirleach)	9
Fergus Armstrong	9
Emer Finnán	9
Alan Gilsean	7
Cathal Goan	9
Karlin Lillington	9
Sean O'Sullivan	9
Patricia Quinn	7

Chríochnaigh téarma oifige Joe O'Brien an 31 Lúnasa 2009. Bhí sé i dteideal freastal ar chúig chruinniú agus d'fhreastail sé ar gach cruinniú.

Ceapadh Joe Little chuig an mBord le héifeacht ón 30 Meán Fómhair 2009. Bhí sé i dteideal freastal ar chreithre chruinniú, ceann acu sin mar bhreathnádóir go ndaingneodh an Rialtas a cheapachán mar chomhalta Boird. D'fhreastail sé ar na ceithre chruinniú ar fad.

Coistí Boird

Coiste Forbartha Bainistíochta agus Luach Saothair

Tionólach cruinniú amháin i rith na bliana, agus bhí freastal lomlán ann. D'fhreastail Tom Savage (Cathaoirleach), Fergus Armstrong agus Sean O'Sullivan ar an gcrúinniú sin.

An Coiste Iníuchta

Bhí seacht gcrúinniú i rith na bliana. Freastalaíodh orthu mar seo a leanas:

	Freastal ar chruinniú
Patricia Quinn (Cathaoirleach)	7
Emer Finnán	5*
Sean O'Sullivan	7

* Agus í ag feitheamh ar a deimhniúchán athcheaptha mar chomhalta Boird, níor fhreastail Emer Finnán ar chruinniú amháin de chuid an Choiste Iníuchta. Dá bhrí sin is teideal freastal ar sé chruinniú as na seacht gcrúinniú de chuid an Choiste Iníuchta a bhí i gceist.

Coiste na gClár

Bhí ocht gcrúinniú ag Coiste na gClár i rith 2009, freastalaíodh orthu mar seo a leanas:

	Freastal ar chruinniú
Alan Gilsean (Cathaoirleach)	6
Fergus Armstrong	8
Karlin Lillington	8
Patricia Quinn	7


An Grúpa Oibre ar an Ráiteas Straitéise

Bhí ceithre chruinniú ag an nGrúpa Oibre ar an Ráiteas Straitéise i rith 2009, freastalaíodh orthu mar seo a leanas:

	Freastal ar chruinniú
Fergus Armstrong (Cathaoirleach)	4
Karlin Lillington	4
Sean O'Sullivan	4

Sa bhréis ar na cruinniú thoirniúla, bhí idirghníomhú agus plé leanúnach neamhfhoirmiúil ag comhaltaí an Ghrúpa Oibre le feidhmeannaigh RTE mar chuid den ullmhúchán ar an Ráiteas Straitéise.

Feidhmeannas



1. Cathal Goan (An Príomh-Stiúrthóir)

Ceapadh Cathal ina Phríomh-Stiúrthóir ar RTÉ le héifeacht ó Dheireadh Fómhair 2003.

Bhain sé céim amach ó UCD agus thosaigh sé ag obair le RTÉ i 1979. Bhí poist éagsúla aige i Raidió agus i dTeilifís RTÉ sular ceapadh é ina Eagarthóir ar Chláir Ghaeilge i 1990.

Ceapadh é ina Cheannasaí ar Theilifís na Gaeilge i 1994, agus is faoina chúram a bunaíodh an cainéal sin, an tríú seirbhís teilifíse náisiúnta in Éirinn. I Márta 2000, ceapadh é ina Stiúrthóir (agus ina Bhainisteoir Stiúrtha ina dhiaidh sin) ar Theilifís RTÉ, agus ina chomhalta ar Bhord Feidhmeannais RTÉ.

2. Noel Curran (Bainisteoir Stiúrtha Teilifíse)

Ceapadh Noel ina Bhainisteoir Stiúrtha ar Theilifís RTÉ le héifeacht ó Dheireadh Fómhair 2003.

Tá céim sa Chumarsáid aige ó DCU. Bhí poist éagsúla aige sna meáin chlóite sular thosaigh sé ag obair le RTÉ i 1992.

D'oibrigh sé mar thuairisceoir, mar léiritheoir agus mar eagarthóir i dTeilifís RTÉ sular ceapadh ina Eagarthóir Cúrsaí Reatha é sa Rannán Nuachta agus Cúrsaí Reatha.

3. Brian Dalton (Bainisteoir Stiúrtha Fhorbairt Chorporáideach)

Thosaigh Brian Dalton ag obair le RTÉ mar Stiúrthóir Bainistíochta Forbartha Corparáidí i Márta 2009.

Tá Máistreacht sa Bhainistíocht aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Sular thosaigh sé ag obair le RTÉ bhí poist mar stiúrthóir sinsearach ag Brian i bhfeidhmeanna Oibríochtaí agus Acmhainní Daonna. D'oibrigh sé go príomha i gcuideachtaí Inláisiúnta ar nós GE, Intel, Becton Dickinson agus níos deireanaí i Seirbhísí Airgeadais a bhain go príomha le bainistíocht a athrú i gcomhthéacs cumasac agus éadálacha.

4. Clare Duignan (Bainisteoir Stiúrtha Raidió)

I bhFeabhra 2009, ceapadh Clare ina Bhainisteoir Stiúrtha, Raidió.

Tá céim sa Stair agus sa Pholaitíocht ag Clare ó UCD agus tá raon leathan post déanta aici sa Teilifís agus sa Raidió lena n-áirítear Ceannasaí Gnéchlár, Teilifís, Ceannasaí Leiriúcháin, Teilifís agus Stiúrthóir na gClár, Teilifís.

Tá Clare ina Chomhalta Boird ar Fhéile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath Jameson, ar Business to Arts, agus ar Bhord Comhairleach Scoil Scannán Náisiúnta. Roimhe seo bhí sí ar An gComhairle Ealaíon, ar Bhord Comhairleach Amharclann na Mainistreach agus ar Bhord Rialaithe Institiúid Ealaíne, Deartha & Teicneolaíochta Dhún Laoghaire.

5. Conor Hayes (Príomhoifigeach Airgeadais)

Ceapadh Conor ina Phríomhoifigeach Airgeadais le RTÉ i nDeireadh Fómhair 2001 agus is é a mhaoirsíonn RTÉNL, Foilsitheoireacht RTÉ, Teicneolaíocht Faisnéise an Ghrúpa & Teicneolaíocht, Maoin & Seirbhísí an Ghrúpa agus Monatóireacht ar Cheadúnais Teilifíse. Tá sé ina Chathaoirleach ar Iontaobhaithe Scéim Aoisliúntais RTÉ.

Céimí Tráchtála de chuid UCD é, atá ina Chomhalta de chuid Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus ina Chomhalta Comhlach den Association of Corporate Treasurers sa Ríocht Aontaithe.

Bhí raon de phoist éagsúla sa tionsclaíocht tráchtála aige sular thosaigh sé ag obair le RTÉ, lena n-áirítear: Leas-Chathaoirleach – Cara; Stiúrthóir Feidhmiúcháin – Pleroma Group; Príomh-fheidhmeannach – JetPhone; Príomhoifigeach Airgeadais – Almarai Group; agus Bainisteoir – SKC Corporate Finance.

6. Edward Mulhall (Bainisteoir Stiúrtha Nuacht agus Cúrsaí Reatha)

Ceapadh Ed ina Bhainisteoir Stiúrtha Nuacht agus Cúrsaí Reatha in 2003 i ndiaidh dó a bheith ina Stiúrthóir Nuachta ó 1997.

Tá céim san Eacnamaíocht agus Polaitíocht aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Thosaigh sé ag obair le RTÉ i 1979, mar Léiritheoir Raidió i gCúrsaí Reatha. Ó shin bhí sé ina Cheannasaí Cúnta Gnéchlár agus Cúrsaí Reatha (Raidió) agus ina Eagarthóir Clár Nuachta (Teilifís), áit a mbíodh sé ag déanamh eagarthóireachta ar na cláir *Six One* agus *Nine O'Clock News*. Ceapadh ina Eagarthóir Stiúrtha é sa Rannán Nuachta i 1994.

Rialachas Corporáideach

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009

Tá Comhaltaí Boird RTÉ tiomanta do na caighdeáin is airde ó thaobh rialachas corporáideach agus iompar gnó a chothabháil.

Comhlíonann RTÉ leis an *gCód Cleachtais Rialachais Comhlachtaí Stáit* athbhreithnithe, a d'fhoilsigh an Rialtas an 15 Meitheamh 2009. Leagann an Cód amach na prionsabail de rialachas corporáideach a bhfuil sé de dhualgas ar chomhlachtaí stáit a chomhlíonadh. Áirítear leis sin cleachtais agus nósanna imeachta rialachais i raon leathan réimsí ar nós an Bord agus a luach saothair; bainistíocht riosca, cuntasacht agus rialú inmheánach; socrú tuairiscithe, lena n-áirítear tuarascáil bhliantúil agus cuntais, agus raon nósanna imeachta rialaithe airgeadais eile. Tá tuilleadh eolais ar na raonta sin leagtha amach sa chuid eile den alt seo den Tuarascáil Bhliantúil.

Deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird gach bliain don Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha go gcloíonn cleachtais agus nósanna imeachta rialachais RTÉ le *Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit*.

Comhlíonann RTÉ chomh maith an rialachas corporáideach agus na hoibleagáidí eile a fhorchuireann an *tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995* agus *An tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001*.

Mar chorparáid reachtúil, a bunaíodh i dtús báire faoin *Acht um Údarás Craolacháin, 1960*, ní bhaineann forálacha faoin *gCód Cumaisc do Rialachas Corporáideach* le RTÉ. Cloíonn RTÉ, áfach, a mhéid agus is féidir agus ar bhonn deonach leis an *gCód Cumaisc* agus thug sé faoi chéimeanna cuí chun comhlíonadh na riachtanas príomhúil a bhaint amach nuair is ábhartha do RTÉ. Beidh na heisceachtaí seo a leanas ón *gCód Cumaisc* i bhfeidhm:

- Ceapann an Rialtas Bord RTÉ agus leagann amach luach saothair an Bhoird chomh maith. Dá bhrí sin ní bhaineann ceanglais an *Chóid Cumaisc* a bhaineann le ceapachán na gcomhaltaí Boird (lena n-áirítear tráthúlacht a gceapachán, atoghadh, comhdhéanamh an Bhoird agus luach saothair chomhaltaí an Bhoird) le RTÉ.
- Tá RTÉ cuntasach don Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus níl aon scairchaipiteal aige. Dá réir sin, níl feidhm leis na forálacha a bhaineann le caidrimh scairsealbhoirí agus seoladh na gCruinnithe Ginearálta Bliantúla.

- Tá luach saothair Phríomh-Stiúrthóir RTÉ socraithe laistigh de raon arna chinneadh ag an Aire Airgeadais agus ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.
- Níl suimeanna a íocadh le comhaltaí an Bhoird mar fhostaithe san áireamh leis na mionsonraí faoi luach saothair Chomhaltaí an Bhoird ar leathanach 49, ach tá na suimeanna a íocadh leo mar tháillí as a seirbhísí mar chomhaltaí an Bhoird san áireamh.
- Níl duine dá gcomhaltaí ceaptha ag an mBord mar chomhalta Boird Neamhspleách Sinsearach mar níl aon cheanglas ar an *Acht Craolacháin 2009*, a rialaíonn ceapadh na gcomhaltaí Boird, comhalta den Bhoird a ainmniú chuig post den chineál sin.
- Ó tharla go bhfuil an Rialtas freagrach as comhaltaí a cheapadh chuig an mBord, ní mheasann an Bord go bhfuil sé cuí beartas foirmiúil a cheapadh maidir le measúnú feidhmíochta an Bhoird, a chuid Coistí nó a chomhaltaí aonair. Déanann an Cathaoirleach áfach, measúnú leanúnach ar éifeachtúlacht an Bhoird agus rannpháirtíocht a chuid chomhaltaí. Coinneoidh an Bord ag breathnú modhanna féin-mheastóireachta.

Bord RTÉ

Comhdhéanamh

Ceaptar Comhaltaí Bhord RTÉ faoi Alt 81 den *Acht Craolacháin 2009* ar feadh tréimhse nach faide ná cúig bliana. Foráilann an tAcht do Bhord ar a mbíonn dhá chomhalta déag, arna gceapadh ag an Rialtas mar seo a leanas:

- Ceaptar seisear comhalta ar ainmniúchán an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha;
- Molann an Comhchoiste Oireachtais um Chumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha ceathrar comhalta don Aire;
- Is comhalta ex-officio é Príomh-Stiúrthóir RTÉ; agus
- Ceaptar comhalta amháin d'fhoireann RTÉ trí thoghchán.

Ceapann an Rialtas duine de na comhaltaí chun gníomhú mar chathaoirleach. Foráilann an *tAcht Craolacháin 2009* do chothromaíocht inscne i gcomhdhéanamh an Bhoird, le íos-líon nach lú ná cúigear fear agus cúigear bean.

Bunaíodh Bord RTÉ don chéad uair i rith 2009, tar éis achtú an *Achta Craolacháin 2009*. Tháinig sé in áit Údarás RTÉ agus tharla roinnt athruithe tábhachtacha mar thoradh air sin. Tugann na pointí seo a leanas achoimre ar na hathruithe sin agus leagann siad amach na hathruithe a rinneadh ar chomhaltas an Bhoird i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2009:

- Chríochnaigh an 15ú Údarás RTÉ a théarma oifige an 31 Nollaig 2008
- Mar thoradh ar mhoil maidir le comhaltaí nua a cheapadh chuig Údarás RTÉ, bhí RTÉ gan Údarás sa tréimhse idir 1 Eanáir 2009 agus 23 Feabhra 2009, an dá lá sin san áireamh. I rith an ama seo ní dheachaigh an bhainistíocht i mbun aon cinntí a dhéanamh i réimsí a bhí forchoimeáda do bhreithniú agus do chinneadh Údarás RTÉ. Lean an gnó ar aghaidh faoi bhainistiú laistigh de pharaiméadair shoiléire arna gceadú ag Údarás RTÉ a bhí ag imeacht mar chuid de ghnáth-nósanna imeachta rialachais, go háirithe an Plean Corporáideach Straitéiseach, an Buiséad Airgeadais, an Buiséad Caipitil agus na teorainneacha údarais tarmilgthe ceadaithe. Nuair a ceapadh iad, le héifeacht ón 24ú Feabhra 2009, tugadh mionteagasc iomlán do chomhaltaí Údarás RTÉ nua maidir leis na forbairtí ar fad a bhí tarlaithe sa ghnó i rith na tréimhse eatramhaí
- Le héifeacht ón 24 Feabhra 2009, cheap an Rialtas Údarás RTÉ nua de naonúr comhalta (lena n-áirítear an Príomh-Stiúrthóir), le téarma oifige a rachaidh in éag an 31 Lúnasa 2009. Ceaptha faoi théarmaí an *Achta um Údarás Craolacháin, 1960*, bhí an tÚdarás RTÉ eatramhach seo le feidhm ar feadh tréimhse shealadach ar feitheamh ar achtú reachtaíochta craolacháin nua
- Achtaíodh an *tAcht Craolacháin 2009* an 12 Iúil 2009 agus bunaíodh comhlacht rialaithe nua, Bord RTÉ. Tháinig deireadh le hÚdarás RTÉ ag an bpointe seo agus cuireadh naonúr comhalta d'Údarás RTÉ a bhí in oifig i rith achtú an Achta ina gcomhaltaí ar Bhord nua RTÉ. Níor tháinig athrú ar bith ar dháta éaga a dtéarma oifige (31 Lúnasa 2009)
- Tar éis do théarma oifige an Bhoird dul in éag an 31 Lúnasa 2009:
 - D'athcheap an Rialtas seisear comhalta do thréimhse cúig bliana go dtí 31 Lúnasa 2014, arna n-ainmniú ón Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha:
 - Tom Savage
 - Fergus Armstrong
 - Alan Gilsonan
 - Karlin Lillington
 - Sean O'Sullivan
 - Patricia Quinn
 - Athcheapadh Príomh-Stiúrthóir RTÉ mar chomhalta ex officio
 - D'athcheap an Rialtas Emer Finnan chuig an mBord chomh maith do théarma oifige a rachaidh in éag nuair a cheap an Rialtas ceithre chomhalta breise chuig an mBord tar éis tograí ón gComhchoiste Oireachtais um Chumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha

- Tháinig deireadh le téarma oifige Joe O'Brien mar ionadaí foirne ar an mBord an 31 Lúnasa 2009 agus, tar éis toghcháin foirne, ceapadh Joe Little chuig an mBord le héifeacht ón 30 Meán Fómhair 2009. Rachaidh a théarma oifige in éag an 31 Lúnasa 2014
- Ag deireadh 2009 bhí Bord RTÉ dá bhrí sin comhdhéanta de naonúr comhalta. Tá mionsonraí beathaisnéise do chomhaltaí an Bhoird a bhí in oifig an 31 Nollaig 2009 ar leathanach 44.

Tar éis dheireadh na bliana, chríochnaigh an Rialtas a cheapacháin chuig Bord RTÉ agus tháinig ceathrar comhalta nua chuig an mBord, le héifeacht ón 16 Feabhra 2010. Rinneadh na ceapacháin seo tar éis moltaí chuig an Aire ón gComhchoiste Oireachtais um Chumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Náidúrtha. Scoir Emer Finnan de bheith ina comhalta ar Bhoird RTÉ ag an bpointe seo.

Is iad na comhaltaí Bhoird nua ná:

- Orlaith Carmody, Stiúrthóir le gnólacht comhairleachta meán agus bainistíochta
- Aileen O'Meara, Léiritheoir Raidió Neamhspleách
- Eunice O'Raw, abhcóide cleachtach agus Stiúrthóir Gnóthaí Díl d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Stuart Switzer, Léiritheoir Teilfíse Neamhspleách

Ról

Tá dualgais chomhaltaí an Bhoird leagtha amach in *Acht Craolacháin 2009*. Go hachomair, treoraíonn comhaltaí an Bhoird treo chorparáideach agus straitéis RTÉ agus léiríonn siad leasanna an lucht féachana agus éisteachta, arna chinntiú go gcomhlíonann RTÉ a fhreagrachtaí reachtúla ar shlí éifeachtúil agus éifeachtach.

Tá cúlraí, scileanna agus taithí éagsúla ag comhaltaí an Bhoird i raon leathan réimsí a bhaineann le craoltóir seirbhíse poiblí a mhaoirsiú. Cuireann gach comhalta breithiúnas neamhspleách i bhfeidhm trí dhúshlán dearfach a thabhairt don Fheidhmeannas agus trí cabhair a thabairt chun cuspóirí straitéiseacha RTÉ a fhorbairt.

Tá roinnt shoiléir ar na freagrachtaí idir seasamh Chathaoirleach an Bhoird, atá ina Chathaoirleach neamhfeidhmiúcháin agus an Príomh-Stiúrthóir.

Glacann Príomh-Stiúrthóir i gcomhar leis an mbainistíocht feidhmiúcháin, freagracht as oibríochtaí ó lá go lá in RTÉ. Áirítear ar fhreagrachtaí an Chathaoirleach ceannasaíocht a thabhairt don Bhoird, a

chláir oibre a chinneadh, a éifeachtúlacht a chinntiú agus rannpháirtíocht iomlán ó gach comhalta Bhoird a éascú.

Bíonn cruinnithe rialta ag Cathaoirleach an Bhoird agus ag an mbainistíocht feidhmiúcháin leis an Rialtas chun plé a dhéanamh ar fheidhmíocht oibríochta agus airgeadais RTÉ.

Nósanna Imeachta an Bhoird

Nuair a cheaptar iad, cuirtear cáipéisí mionteagaisc faoi RTÉ agus a chuid oibríochtaí ar fáil do gach comhalta Bhoird. Tagann an Bord le chéile de réir sceidil rialta cruinnithe agus tagann sé le chéile freisin ar ócáidí eile a mheastar a bheith riachtanach. Tá rochtain iomlán agus thráthúil ag gach comhalta boird ar an eolas atá riachtanach lena chur ar a gcumas a ndualgais a chomhlíonadh. Seoltar páipéir iomlána an Bhoird chuig gach comhalta Bhoird in am tráth roimh chruinnithe an Bhoird agus bíonn aon pháipéar nó eolas breise ar fáil go héasca do gach comhalta Bhoird arna iarraidh.

Tá rochtain ag comhaltaí an Bhoird ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí Grúpa RTÉ atá freagrach as a chinntiú go leanann nósanna imeachta an Bhoird agus go gcomhlíonann na rialacha agus na rialacháin infheidhme. Bíonn comhairleoirí gairmiúla RTÉ ar fáil le haghaidh comhairliúcháin leis an mBord de réir mar is gá. Is féidir le comhaltaí aonair an Bhoird comhairle agus oiliúint ghairmiúil a fháil, má bhíonn sin riachtanach, agus íocann RTÉ as. Tá polasaí árachais i bhfeidhm ag an mBord a shlánaíonn comhaltaí an Bhoird sa chás go dtabharfaí caingne dlí ina n-aghaidh i rith a ndualgas mar chomhaltaí an Bhoird.

Tá sceideal foirmiúil ábhair coinneithe don Bhoird lena mbreithniú agus lena gcinneadh, a chluadaíonn príomhréimsí gnó RTÉ:

- Feidhmíocht oibríochta agus airgeadais a athbhreithniú
- Pleananna straitéiseacha, an buiséad bliantúil agus na ráitis airgeadais bhliantúla a cheadú
- Infheistíochtaí ollmhóra agus tionscadail chaipitiúla a cheadú
- Polasaí Cistíochta agus polasaithe bainistíochta riosca
- Leibhéil údarais tarmilgthe
- An córas rialaithe inmheánach a athbhreithniú.

Tarmilgtear cúrsaí áirithe eile chuig coistí an Bhoird, mar atá leagtha amach thíos. Áirítear miontuairiscí ó gach cruinniú coiste a tionóladh ón gcruinniú Bhoird roimhe sin le páipéir an Bhoird a sheoltar chuig comhaltaí an Bhoird roimh gach cruinniú Bhoird agus bíonn Cathaoirleach gach coiste ar fáil chun

tuairisc a thabhairt ar imeachtaí an choiste ag cruinnithe an Bhoird, de réir mar is gá.

Coistí Bhoird

Bhunaigh an Bord trí fhochoiste bhuana chun cuidiú le forghníomhú a fhreagrachtaí. Is iad seo an Coiste Iníúchta, an Coiste Forbartha Bainistíochta agus Luach Saothair agus Coiste na gClár. Bunaítear coistí sealadacha ó am go ham chun déileáil le hábhair shonracha faoi théarmaí tagartha sainmhínithe. Bhunaigh an Bord coiste sealadach amháin den sórt sin in 2009 – an Grúpa Oibre ar an Ráiteas Straitéise.

Tá comhaltas gach coiste, chomh maith le mionsonraí freastail maidir le cruinnithe a tionóladh in 2009 ar leathanach 44.

Tá an *Coiste Iníúchta* comhdhéanta de thríúr comhalta Bhoird, agus meastar go bhfuil gach duine de na comhaltaí seo neamhspleách. I rith 2009, bhí taithí airgeadais chuí le gairid ag comhalta amháin den Choiste Iníúchta (Emer Finnan). Tar éis athrú i gcomhdhéanamh an Choiste Iníúchta i mí Feabhra 2010, is é Stuart Switzer an comhalta coiste reatha a bhfuil an taithí airgeadais iomchuí úrnu a aige.

De ghnáth, freastalaíonn an Príomh-Stiúrthóir, an Príomh-Oifigeach Airgeadais agus Ceann an Iníúchta Inmheánaigh ar chruinnithe an choiste, agus freastalaíonn na hiniúchóirí seachtracha de réir mar is gá. Bíonn rochtain dhíreach iomlán agus neamhsrianta ag Ceann an Iníúchta Inmheánaigh agus ag na hiniúchóirí seachtracha araon ar Chathaoirleach an Choiste an t-am ar fad. Chomh maith leis sin, bíonn plé ag an gCoiste Iníúchta le hiniúchóirí seachtracha agus inmheánacha uair sa bhliain ar a laghad, gan bainistíocht feidhmiúcháin i láthair, lena chinntiú nach bhfuil aon ábhair imní ann nach bhfuil socraithe.

Áirítear ar ról agus ar fhreagrachtaí an Choiste Iníúchta:

- Na hiniúchóirí seachtracha a roghnú, arna gceadú agus arna gceapadh ag an mBord, a dtéarmaí tagartha agus táillí a cheadú agus nádúr agus scóip na hoibre iníúchta a chinneadh leis na hiniúchóirí seachtracha
- Feidhmíocht, neamhspleáchas agus oibochtúlacht na n-iníúchóirí seachtracha a athbhreithniú gach bliain. Agus é sin á dhéanamh acu, déanann an coiste fiosrúcháin chuí bainistíochta agus iníúchta inmheánaigh
- Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar acmhainní, scóip agus éifeachtúlacht an iníúchta inmheánaigh (lena n-áirítear ceapadh Cheann an Iníúchta Inmheánaigh nó é/í a chur as oifig) agus an clár iníúchta inmheánaigh don chéad bhliain eile a chomhaontú

Rialachas Corporáideach (ar lean)

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009

- Na nósanna imeachta maidir le líomhaintí ó "sceithirí" a láimhseáil a athbhreithniú
- Tuarascálacha ón mbainistíocht agus ón iniúchadh inmheánach araon faoi éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh a athbhreithniú. Áirítear air sin gach tuarascáil iniúchta inmheánaigh agus freagairt na bainistíochta ar aon mholadh a bhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le haon ghníomh riachtanach. Cuireann Ceann an Iniúchta Inmheánaigh tuarascáil i láthair ag gach cruinniú de chuid an Choiste Iniúchta, ag tabhairt achoimre ar an obair a cuireadh i gcrích ón gcruinniú roimhe seo agus na torthaí chomh maith le réimsí a ndéanfar orthu sa tréimhse amach romhainn
- Buiséad bliantúil an ghrúpa a athbhreithniú, sula gcuirtear é faoi bhráid an Bhoird go foirmiúil
- Ráitis airgeadais bhliantúla an ghrúpa a athbhreithniú, sula gcuirtear iad faoi bhráid an Bhoird go foirmiúil agus, go háirithe:
 - aon saincheisteanna suntasacha a thagann chun cinn ón iniúchadh seachtrach
 - na beartais chuntasáíochta
 - aon saincheisteanna a mbíonn gné suntasach breithiúnais ag teastáil uathu
 - soiléireacht faisnéisithe
 - caighdeán chuntasáíochta agus dlí infheidhme a chomhlíonadh
 - na ráitis faoin gcóras rialaithe inmheánach.

Tá cosaintí curtha i bhfeidhm ag an gCoiste Iniúchta lena chinntiú nach gcuirfeadh isteach ar neamhspleáchas agus ar oibíochtúlacht na feidhme iniúchta seachtraigh. Athbhreithnítear na cosaintí seo ag eagraim rialta. Chomh maith leis sin, dheimhnigh na hiniúcháirí seachtracha, KPMG, leis an gCoiste Iniúchta go bhfuil siad ag leanúint ar aghaidh ag cur nósanna imeachta i bhfeidhm chun cosaint a thabhairt in aghaidh na féadachtála go gcuirfí isteach ar a neamhspleáchas agus ar a n-oibíochtúlacht.

Breithníonn an Coiste Iniúchta leibhéal na seirbhísí nach mbaineann le hiniúchadh a chuireann na hiniúcháirí seachtracha ar fáil agus na táillí bainteacha go bliantúil i gcomhthéacs neamhspleáchas na n-iniúcháirí seachtracha mar chuid d'athbhreithniú an Choiste Iniúchta ar leordhóthanacht agus ar oibíochtúlacht an phróisis iniúchta inmheánaigh. Tá mionsonraí nádúr na seirbhísí nach mbaineann le hiniúchadh agus a fuarthas ó KPMG i rith na bliana agus na táillí bainteacha i nóta 4 atá ag gabháil leis na ráitis airgeadais.

Tá téarmaí tagartha mionsonraithe ag an gCoiste Iniúchta, atá ar fáil ar láithreán gréasáin RTÉ agus atá á n-athbhreithniú faoi láthair.

Tá an *Coiste Forbartha Bainistíochta agus Luach Saothair* comhdhéanta de thriúr comhalta boird, agus meastar gach duine de na comhaltaí sin a bheith neamhspleách. Tugann ainmní ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha cúnamh don Choiste de réir mar is gá. Tá téarmaí tagartha i scríbhinn ag an gCoiste agus áirítear ar a ról agus ar a fhreagrachtaí:

- Spriocanna, feidhmíocht agus luach saothair an Phríomh-Stiúthóra a mheas agus moltaí a dhéanamh chuig an mBord roimh cead a lorg ón Rialtas maidir leis sin
- Polasaí RTÉ maidir le luach saothair feidhmiúcháin a fhorbairt
- Tuarastail agus téarmaí eile phacáiste luach saothair do bhainistíocht feidhmiúcháin a mheas agus a cheadú, agus aird á thabhairt ar pholasáí an Rialtais maidir le luach saothair bhainistíocht feidhmiúcháin na gComhlachtaí Stáit. (Déantar comhchomhairle iomlán leis an bPríomh-Stiúthóir faoi mholtaí luach saothair do bhainistíocht shinsearach eile agus lorgaítear comhairle sheachtrach de réir mar is gá)
- Polasaí maidir leis na conarthaí conraitheora "ard-tallann" a athbhreithniú.

Cinneann an Rialtas luach saothair chomhaltaí an Bhoird agus, dá bhrí sin, ní breithniú sonrach don choiste seo sin.

Tá *Coiste na gClár* comhdhéanta de cheathrar comhalta Boird, agus meastar go bhfuil gach duine de na comhaltaí seo neamhspleách. Breithníonn an coiste seo príomhfhorbairtí agus pleananna maidir le clár agus sceidil Teilifíse agus Raidió. Ag gach cruinniú, féadfaidh an coiste casadh le Bainisteoirí Stiúrtha Teilifíse, Raidió, Nuachta agus Cúrsaí Reatha agus lena gcomhghleacaithe bainistíochta sinsearacha agus le déantóirí clár neamhspleácha intí agus seachtrach chun athbhreithniú a dhéanamh ar aschur clár agus ar an straitéis agus ar na pleananna atá le teacht.

Tá *An Grúpa Oibre ar an Ráiteas Straitéise* comhdhéanta de thriúr comhalta Boird, agus féachtar ar gach duine acu sin mar chomhalta neamhspleách. Bhunaigh an Bord an grúpa seo i lár 2009 lena chinntiú go n-ullmhaítear Ráiteas Straitéise cúig bhliana lena chur faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náidúrtha de bhun Alt 99 den *Acht Craolacháin 2009*.

Neamhspleáchas Chomhaltaí an Bhoird

Tugann gach comhalta Boird breithiúnas neamhspleách, dúshlán agus grinneas chuig cainteanna an Bhoird. Mar a éilíonn an *Cód Cumaisc*, chríochnaigh an Bord meastóireacht ar neamhspleáchas a chomhaltaí trí úsáid a bhaint as na critéir neamhspleáchais atá leagtha amach sa *Chód Cumaisc*.

Trí aird a thabhairt ar ionracas, láidreacht carachtair agus oibíochtúlacht na gcomhaltaí Boird, meastar gach comhalta a bheith neamhspleách faoi na critéir sin. Is fostaí de chuid RTÉ iad Cathal Goan agus Joe Little agus, áfach, dá bhrí sin agus ar an gcúis sin amháin, ní féidir iad a mheas mar chomhalta neamhspleách den Bhoird de réir chritéir an *Chóid Cumaisc*.

Rialú Inmheánach

Tá freagracht fhoriomlán ar an mBord as córais rialaithe inmheánacha an Ghrúpa agus as a n-éifeachtúlacht a athbhreithniú. Tá na córais sin leagtha amach chun dearbhú réasúnach a thabhairt in aghaidh mhíríteas ábhartha nó cailteanas agus níl siad leagtha amach chun dearbhú absalóideach a thabhairt.

Deimhníonn an Bord go raibh próiseas leanúnach chun rioscaí suntasacha RTÉ a aithint, a mheas agus a bhainistiú i bhfeidhm i rith na bliana agus go raibh ceadú na ráiteas airgeadais cothrom le dáta.

Is iad na príomhchomhpháirteanna den chóras rialaithe inmheánach atá i bhfeidhm faoi láthair ná:

- Struchtúr eagraíochta sainmhínithe go soiléir, le teorainneacha údaráis atá sainmhínithe go foirmiúil agus sásraí a thuiriscíonn chuig leibhéil bainistíochta níos airde agus chuig an mBord
- Nósanna imeachta bunaithe chun príomhrioscaí a aithint, a rialú agus a thuariscíú
- Córais bhuiséadaithe chuimsitheacha, le buiséid airgeadais bliantúla ceadaithe ag an mBord
- Tuairiscíú míosúil tráthúil, le torthaí iarbhrí tuairiscithe in aghaidh buiséid agus breithnithe ag an mBord ar bhonn míosúil
- Polasaithe agus nósanna imeachta cuimsitheacha a bhaineann le rialuithe oibríochta agus airgeadais, lena n-áirítear gealltanais agus caiteachas caipitil. Bíonn ceadú an Bhoird riachtanach do tionscadail chaipitíúla mhóra.

Athbhreithníonn iniúchadh inmheánach na rialuithe seo go córasach, ar chur chuige rioscabhunaithe. Deimhníonn an Bord, tríd an gCoiste Iniúchta, go bhfuil athbhreithniú déanta aige ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe imheánaigh suas go dtí dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais agus an dáta sin san áireamh.

Áiríodh ar an bpróiseas ar ghlac an Bord leis chun tabhairt faoi athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh:

- Breithniú ar an údarás, ar na hacmhainní agus ar chomhordú na ndaoine atá rannpháirteach maidir leis na rioscaí suntasacha roimh RTÉ a aithint, a mheas agus a bhainistiú
- Aschur an mheasúnaithe riosca agus an phróisis bainistíochta a athbhreithniú agus a mheas
- Monatóireacht a dhéanamh ar thuarascálacha riosca ón mbainistíocht
- Clár an iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú agus na príomhthorthaí a bhreithniú
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascáil na n-iniúcháirí seachtracha, a dhéanann, mar chuid dá gnáthnósanna imeachta, scrúdú ar ghnéithe de na córais rialaithe imheánaigh agus tuairisciú siad aon laigí móra chuig an gCoiste Iniúchta.

Gnóthas Leantach

Tar éis fiosrúcháin a dhéanamh, tá ionchas réasúnta ag comhaltaí an Bhoird go bhfuil acmhainní dóthanacha ag RTÉ chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó chomh fada agus is léir dúinn amach anseo. Mar gheall air sin, leanfaidh siad ag glacadh le bonn an ghnóthais leantaigh agus na ráitís airgeadais á n-ullmhú acu.

Luach Saothair Chomhaltaí an Bhoird¹

	2009 €'000	2008 €'000
Tom Savage	27	-
Fergus Armstrong	14	-
Emer Finnan	14	18
Alan Gilsean	14	-
Cathal Goan	-	-
Karlin Lillington	14	-
Joe Little ²	4	-
Joe O'Brien ²	8	18
Sean O'Sullivan	14	-
Patricia Quinn	14	-
Íocaíochtaí le comhaltaí an 15ú Údarás RTÉ ³	-	143
	123	179

¹ Is comhaltaí neamhfheidhmiúcháin iad comhaltaí uilig an Bhoird, seachas an Príomh-Stiúrthóir, Cathal Goan, a oibríonn mar chomhalta ex-officio

² Sa bhreis ar a dtáillí Boird, íocadh Joe O'Brien agus Joe Little mar fhostaithe de chuid RTÉ

³ Tháinig deireadh le téarma oifige comhaltaí an 15ú Údarás RTÉ an 31 Nollaig 2008. Áiríodh ar an íocaíocht a rinneadh le comhaltaí an 15ú Údarás RTÉ i rith 2008 €18,000 le gach duine díobh seo a leanas: Maria Killian, Patricia King, Ian Malcolm, Paddy Marron, Úna Ní Chonaire agus Stephen O'Byrnes agus €35,000 le Mary Finan ina cáil mar Cathaoirleach.

Costais Chomhaltaí an Bhoird

Tá na costais a íoctar le comhaltaí Boird in oifig i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2009, i ndáil le seirbhís mar chomhaltaí Bhoird RTÉ, leagtha amach thíos:

	2009 ¹ €'000
Taisteal - míleáiste	4
Taisteal - eile	1
Liúntais chothabhála	1
	6

¹ Baineann costais chomhaltaí an Bhoird thuas lena seirbhísí Boird agus sin amháin agus níl costais na gcomhaltaí ina gcáil mar fhostaithe RTÉ san áireamh. Fágtha ar lár ón méid thuas chomh maith, tá costais arb ionann €3,000 san iomlán a íocadh, go luath in 2009, le comhaltaí Boird scortha (i.e. comhaltaí den 15ú Údarás RTÉ) maidir le costais fhabhráithe i leith seirbhísí i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2008.

Chomhlíon RTÉ na treoirlínte a chlúdaíonn íocaíocht na dtáillí leis na Cathaoirligh agus le Stiúrthóirí na gComhlachtaí Stáit, arna eisiúint ag an Aire Oideachais i mí Iúil 1992.

Luach Saothair an Phríomh-Stiúrthóra

	2009 €'000	2008 €'000
Cathal Goan ²		
- Tuarastal bunúsach ¹	276	298
Sochair Eile		
- Ranníoca pinsean	24	24
- Sochair Eile	26	26
	326	348

¹ Le héifeacht ó 1 Meitheamh 2009 tháinig laghdú 12.5% ar phá bunasach bliantúil an Phríomh-Stiúrthóra.

² Thabhaigh an Príomh-Stiúrthóir costais ar fiú €6,063 iad (2008: €9,867) agus dualgais an phoist á chomhlíonadh aige.

Níor tugadh nó níor íocadh aon phá de réir feidhmiúchta i ndáil le 2009 nó 2008.

Is mar seo a leanas a bhí na sochair phinsin a tuilleadh i rith na bliana agus an pinsean fabhráithe iomlán amhail ag 31 Nollaig 2009:

	€'000
Pinsean fabhráithe iomlán ag deireadh na bliana ¹	128

¹ Tá méid an phinsin fabhráithe atá taispeáinte cothrom leis an méid a d'íocfaí go bliantúil ar ghnáthdáta scoir, bunaithe ar an tseirbhís ag deireadh na bliana. Tá sé sin níos ísle ná an méid a luadh in 2008 de bharr chur i bhfeidhm laghduithe pá in 2009.

Tuairisc Chomhaltaí an Bhoird

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009

Cuireann comhaltaí Bhord RTÉ liostaithe ar leathanach 44 a dtuarascáil bhliantúil i láthair mar aon le ráitis airgeadais iniúchta an Ghrúpa don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009.

Príomhghníomhaíochtaí

Is é RTÉ Craoltóir Seirbhíse Poiblí na hÉireann a chuireann seirbhísí teilifíse agus raidió saor go haer ar fáil dá luchtanna féachana/éisteachta. Chomh maith leis sin, foilsíonn RTÉ an RTÉ Guide, oibríonn sé seirbhís teileatéacs agus cuireann raon leathan seirbhísí ar líne gréasánbhunaithe saor in aisce ar fáil. Trína fhochuideachta atá faoina lánúinéireacht, RTÉ Transmission Network Limited, soláthraíonn RTÉ tarchur líonra analógach agus saoráidí túir do chraoltóirí agus d'úsáideoirí eile. Ina theannta sin, oibríonn RTÉ Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ agus Ceolfhoireann Cheolchoirme RTÉ, mar aon le grúpaí oifide eile.

Athbhreithniú gnó

Tá athbhreithnithe mionsonraithe ar an bhfeidhmíocht i rith 2009 leagtha amach san athbhreithniú Oibriúcháin ar leathanach 10 go dtí leathanach 37 agus san athbhreithniú Airgeadais ar leathanaigh 38 go dtí 43. Cuimsíonn na hathbhreithithe sin na príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí atá os comhair an Ghrúpa comh maith le hanailís ar a phríomhtháscairí feidhmíochta, idir cinn airgeadais agus neamh-airgeadais. Tá athbhreithniú ar fheidhmíocht RTÉ maidir lena ghealltanais dá lucht féachana agus éisteachta, mar atá leagtha amach ina *Ráiteas Gealltanais 2009*, ar leathanaigh 93 go dtí 99.

Torthaí don bhliain

Tá torthaí an Ghrúpa don bhliain leagtha amach sa *Ráiteas Ioncaim* ar leathanach 53 agus sna nótaí gaolmhara.

Comhaltaí an Bhoird

Bunaíodh Bord RTÉ don chéad uair i rith 2009, tar éis achtú an *Achta Craolacháin 2009*. Tháinig sé in áit Údarás RTÉ a bhí ann ag an am. Tá ainmneacha na ndaoine a bhí mar chomhaltaí ar an mBord i rith na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2009 leagtha amach ar leathanach 44.

Rialachas corparáideach

Tá socrúithe rialachais corparáidigh RTÉ leagtha amach sa tuarascáil bhliantúil mar seo a leanas:

- Rialachas corparáideach leathanaigh 46 go dtí 49
- Próifílí chomhaltaí an Bhoird leathanach 44
- Ráiteas faoi fhreagrachtaí chomhaltaí an Bhoird leathanach 51.

Leabhair agus taifid

Tá comhaltaí Bhord RTÉ freagrach as a chinntiú go gcoimeádtar leabhair agus taifid chuntasaíochta chuí. Áirítear ar na bearta a dhéantar maidir leis sin córais agus nósanna imeachta iomchuí a úsáid, pearsanra cuntasaíochta a bhfuil cáilíochtaí gairmiúla agus saineolas iomchuí acu a fhostú agus a dhóthain acmhainní a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coimeádtar leabhair chuntasaíochta an Ghrúpa ag Domhnach Broc, Baile Átha Cliath 4.

Cuntais a íoc

Aithníonn comhaltaí an Bhoird a bhfreagracht maidir lena chinntiú, i ngach gné ábhartha, go gcomhlíonfar forálacha *Rialachán na gComhphobal Eorpach 2002 (Íocaíocht Mhall in Idirbhearta Tráchtála)* ("na Rialacháin"). Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun na dátaí ar fad ar a mbíonn sonraisc dlite a íoc a aithint agus lena chinntiú go ndéanfar íocaíochtaí faoi na dátaí sin. Cuireann nósanna imeachta mar sin dearbhú réasúnach ar fáil i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha maidir leis na rialacháin. Ba é an polasaí íocaíochta sa bhliain faoi athbhreithniú ceanglais an rialacháin a chomhlíonadh.

Cuideachtaí an Ghrúpa

Tá eolas maidir le gnóthais fochuideachta agus gnóthais ghaolmhara tugtha i nóta 10 de na ráitis airgeadais.

Iniúchóir

Leanann KPMG, Cuntasóirí Cairte, in oifig de réir Alt 160 (2) d'*Achta na gCuideachtaí, 1963*.

Síntiúis Pholaitíochta

Le tagairt don *Acht Toghcháin, 1997*, ní thugann RTÉ aon síntiúis pholaitíochta.

Thar cheann an Bhoird

Tom Savage
Cathaoirleach

25 Márta 2010

Sean O'Sullivan
Comhalta Boird agus Cathaoirleach
an Choiste Iniúchta

Cathal Goan
An Príomh-Stiúrthóir

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009

Tá comhaltaí Bhord RTÉ freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa a ullmhú de réir na ndlíthe agus na rialachán is infheidhme.

Ceanglaíonn reachtaíocht craolacháin ar Bord RTÉ ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoin reachtaíocht sin tá roghnaithe ag Bord RTÉ ráitis airgeadais an Ghrúpa a ullmhú de réir Chaighdeán Tuairisceoireachta Airgeadais Idirnáisiúnta (IFRSanna) arna nglacadh ag an AE agus mar a fheidhmítear i ndáil le forálacha na reachtaíochta agus tá roghnaithe aige ráitis airgeadais RTÉ a ullmhú ar an mbonn céanna.

Ceanglaítear ar ráitis airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ faoin dlí agus faoi IFRSanna arna nglacadh ag an AE staid airgeadais agus feidhmíocht an Ghrúpa agus RTÉ a chur i láthair go cothrom.

Ceanglaítear ar chomhaltaí Bhord RTÉ agus iad ag ullmhú ráitis airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ:

- polasaithe oiriúnacha cuntasáíochta a roghnú agus iad a fheidhmiú go comhleanúnach
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bheidh réasúnach agus críonna
- luaitear go gcloíonn ráitis airgeadais le IFRSanna mar a ghlac an AE leo agus mar a cuireadh i bhfeidhm i ndáil le forálacha na reachtaíochta craolacháin
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnó leantaigh mura mbeidh sé míchuí glacadh leis go mbeidh an Grúpa agus RTÉ ag leanúint le gnó.

Tá comhaltaí Bhord RTÉ freagrach as leabhair chearta chuntasaíochta a nochtáinn le cruinneas réasúnach tráth ar bith staid airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ a choimeád agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais fhorálacha reachtaíochta craolacháin. Tá freagracht orthu freisin cibé céimeanna a ghlacadh agus is féidir leo go réasúnach le sócmhainní an Ghrúpa a chosaint agus le calaois agus míréireachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Tá comhaltaí Bhord RTÉ freagrach as a chinntiú go léiríonn an ráiteas rialachais chorparáidigh ar leathanaigh 46 go dtí 49 comhlíonadh an Ghrúpa leis an *gCód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit*.

Tá comhaltaí Bhord RTÉ freagrach as cothabháil agus lánpháirtiú an eolais airgeadais agus chorparáide atá san áireamh ar láithreán gréasáin an Ghrúpa. D'fhéadfadh reachtaíocht i bPoblacht na hÉireann a rialaíonn ullmhú agus scaipeadh ráitis airgeadais a bheith difriúil ó reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar cheann an Bhoird

Tom Savage
Cathaoirleach

25 Márta 2010

Sean O'Sullivan
Comhalta Boird agus Cathaoirleach
an Choiste Iniúchta

Cathal Goan
An Príomh-Stiúrthóir

Turascáil an Iniúcháir Neamhspleáigh

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009

Mar Iniúcháirí arna gceapadh ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa ('na ráitis airgeadais') don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009 atá comhdhéanta de Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa, An Ráiteas Grúpa ar Ioncam Cuimsitheach, Cláir Chomhardaithe RTÉ agus an Ghrúpa, Ráitis Ghrúpa agus RTÉ ar Athruithe i gCothromas, Ráitis Sreabhadh Airgid an Ghrúpa agus RTÉ, na Beartais Chuntasaíochta agus na nótaí bainteacha. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi na polasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach iontu sin.

Tá an tuairisc seo á déanamh chuig an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha ("an tAire") agus chuige sin amháin. Rinneamar ár n-obair iniúchta le go léireoisid don Aire na nithe sin a cheanglaítear orainn a léiriú dó i dtuairisc iniúchta agus ní chun aon chríche eile. A mhéid a cheadaíonn an dlí ní ghlacaimid ná ní thabhaímid aon fhreagracht ó thaobh aon duine ach amháin RTÉ agus an tAire as ár n-obair iniúchta, as an tuairisc seo nó as na dtuairimí ar shroicheamar.

Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird agus na nIniúcháirí faoi seach

Tá freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird maidir le Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an dlí is infheidhme agus Chaighdeán Tuairisceoireachta Airgeadais Idirnáisiúnta (IFRSanna) arna nglacadh ag an AE agus leagtha amach i ráiteas faoi fhreagrachtaí bhail an Bhoird ar leathanach 51.

Táimidne freagrach as na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir riachtanais dlí agus rialála iomchuí mar aon le Caighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscímid cibé inár dtuairim ar léiriú fírinneach cóir iad na ráitis airgeadais de réir na IFRSanna arna nglacadh leo ag an AE agus, i gcás RTÉ ar cuireadh i bhfeidhm iad de réir fhorálacha reachtaíochta craolacháin iomchuí. Tuairiscímid freisin, inár dtuairim, cibé ar choimeád RTÉ leabhair chuntais chuí agus cibé an bhfuil an fhaisnéis sa Tuarascáil Bhliantúil ag teacht leis na ráitis airgeadais. Ina theannta sin, luaimid an bhfuairéamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta agus cibé an dtagann clár comhardaithe RTÉ leis na leabhair chuntais.

KPMG

Cuntasóirí Cairte
An tIniúcháir Cláraithe
Baile Átha Cliath
25 Márta 2010

Déanaimid athbhreithiú ar cibé a léiríonn nó nach léiríonn an ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánach airgeadais a éilíonn *Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit 2009* a rinneadh sa Ráiteas Rialachais Corparáideach ar leathanaigh 46 go dtí 49 comhlíonadh RTÉ le forálacha cuí an Chóid agus tuairiscímid mura léiríonn. Déanaimid athbhreithniú chomh maith, faoi réir ag ceadú ón mBord, cibé a léiríonn nó nach léiríonn an ráiteas deonach ar leathanaigh 46 go dtí 49 comhlíonadh RTÉ le naoi foráil de *Chód Cumaisc de Rialachas Corparáideach* de chuid na Comhairle Tuairiscithe Airgeadais 2008 sonraithe d'fhonn a n-athbhreithniú ag iniúcháirí, agus tuairiscímid mura léiríonn. Ní cheanglaítear orainn breithiúnas a dhéanamh ar cé acu a chlúdaíonn nó nach gclúdaíonn ráitis an Bhoird na rioscaí agus na rialuithe ar fad, ná tuairim a thabhairt ar éifeachtúlacht ghnáthaimh rialachais chorparáidigh RTÉ ná a ngnáthaimh i leith rioscaí agus rialuithe.

Léimid an t-eolas eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil agus déanaimid breithniú ar cibé an dtagann sin leis na ráitis airgeadais iniúchta. Tá an fhaisnéis eile sin comhdhéanta de Ráiteas an Chathaoirigh, athbhreithniú an Phríomh-Stiúrthóra, Athbhreithniú Oibríocháin, Athbhreithniú Airgeadais agus Ráiteas Rialachais Chorparáidigh agus Thuarascáil Chomhaltaí an Bhoird. Breithnímid na himpleachtaí dár dtuarascáil má thugaimid faoi deara aon mhírítis dhealraitheacha nó aon neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais. Ní shíneann ár bhfreagrachtaí chuig aon fhaisnéis eile.

Bunús leis an tuairim iniúchta

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir Chaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire), arna n-eisiúint ag an mBord Cleachtas Iniúcháireachta. Áirítear le hiniúchadh, scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise atá iomchuí do na méideanna agus na nochtuithe sna ráitis airgeadais. Áirítear ann freisin measúnú ar na meastacháin agus na breithiúnais shuntasacha a rinne an Bord agus iad ag ullmhú na ráitis airgeadais, agus cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca RTÉ agus an Ghrúpa, an bhfuil siad á bhfeidhmiú go comhleanúnach agus an bhfuil siad nochtaithe mar is cuí.

Leanáladh agus feidhmíodh ár n-iniúchadh le go bhféadfaí an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a breithníodh a

bheith riachtanach a fháil chun fianaise leordhóthanach a thabhairt chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhírítas ábhartha, cibé an raibh sin mar thoradh ar chalaos nó ar mhíriltacht eile nó earráid. Agus sinn ag teacht ar ár dtuairim, rinneamar measúnú ar dhóthanacht fhoriomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

Tuairim

Is é seo ár dtuairim

- gur léiriú fírinneach cóir iad ráitis airgeadais an Ghrúpa, de réir na IFRSanna arna nglacadh leo ag an AE, ar ríocht chúrsaí an Ghrúpa mar a bhí an 31 Nollaig 2009 agus ar bharrachas an Ghrúpa don bhliain dar chríoch an dáta céanna;
- tugann ráitis airgeadais RTÉ léiriú fíreannach agus cothrom de réir IFRSanna arna nglacadh leo ag an AE agus arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha reachtaíochta craolacháin ar staid chúrsaí RTÉ amháin an 31 Nollaig 2009; agus
- ullmhaíodh na ráitis airgid an Ghrúpa i gceart de réir reachtaíochta craolacháin.

Nithe Eile

Fuairéamar an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a bhreithníomar a bheith riachtanach don iniúchadh. Is é ár dtuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag RTÉ. Tá clár comhardaithe RTÉ ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil an Bhoird ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009

	Nótaí	Roimh mhir eisceachtúil 2009 €'000	Mir eisceachtúil (nóta 6) 2009 €'000	2009 €'000	2008 €'000
Oibríochtaí leanúnacha					
Ioncam	1	374,921	-	374,921	440,760
Costais oibriúcháin	2	(389,393)	(11,341)	(400,734)	(460,510)
Torthaí ó oibríochtaí leanúnacha		(14,472)	(11,341)	(25,813)	(19,750)
Ioncam airgeadais	3	1,826	-	1,826	5,363
Costas airgeadais	3	(661)	-	(661)	(764)
(Costas) / ioncam glanairgeadais a bhaineann le pinsean sochair sainithe	3	(2,814)	-	(2,814)	5,725
(Costas) / ioncam glanairgeadais		(1,649)	-	(1,649)	10,324
Easnamh roimh cháin ioncaim	4	(16,121)	(11,341)	(27,462)	(9,426)
(Costas) / creidmheas cánach ioncaim	7	(339)	-	(339)	9,459
(Easnamh) / barrachas don bhliain		(16,460)	(11,341)	(27,801)	33

Thar cheann an Bhoird

Tom Savage
Cathaoirleach

25 Márta 2010

Sean O'Sullivan
Comhalta Boird agus Cathaoirleach
an Choiste Iniúchta

Cathal Goan
An Príomh-Stiúrthóir

Ráiteas Grúpa ar Ioncam Cuimsitheach

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009

	Nótaí	2009 €'000	2008 €'000
Gnóthachan / (caillteanas) achtúireach ar scéim phinsin shochair shainithe	19	100,124	(105,264)
Cáin iarchurtha ar scéim phinsin shochair shainithe	20	(1,151)	2,192
Ioncam agus costas arna n-aithint go díreach sa chothromas		98,973	(103,072)
(Easnamh) / barrachas don bhliain		(27,801)	33
Ioncam agus costas aitheanta iomlán don bhliain		71,172	(103,039)

Clár Comhardaithe an Ghrúpa

amháil an 31 Nollaig 2009

	Nótaí	2009 €'000	2008 €'000
SÓCMHAINNÍ			
Sócmhainní neamh-reatha			
Maoin, innealra agus trealamh	8	98,286	108,931
Sócmhainní neamh-inláimhsithe	9	4,711	4,973
Sócmhainn pinsin	19	9,208	-
Sócmhainní chánach iarchurtha	20	-	923
Nithe infhaighte eile	12	503	626
Sócmhainní neamh-reatha iomlána		112,708	115,453
Sócmhainní reatha			
Fardail	11	37,156	41,314
Nithe infhaighte trádála agus eile	12	38,620	53,134
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe		14,654	11,468
Infheistíochtaí leachtacha	13	41,718	-
Airgead tirim agus cóibhéisí airgid	14	17,130	68,267
Sócmhainní reatha iomlána		149,278	174,183
Sócmhainní iomlána		261,986	289,636
COTHROMAS			
Tuillimh choinnithe		145,435	74,263
DLITEANAIS			
Dlíteanais neamh-reatha			
Sochair d'fhostaithe	18	14,879	8,806
Dlíteanas phinsin	19	-	86,617
Dlíteanais chánach iarchurtha	20	969	-
Dlíteanais neamh-reatha iomlána		15,848	95,423
Dlíteanais reatha			
Nithe iníoctha trádála agus eile	15	65,115	76,899
Cánachas agus leas sóisialach	16	10,282	9,095
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	21	184	148
Sochair d'fhostaithe	18	19,332	29,276
Soláthairtí	17	5,790	4,532
Dlíteanais reatha iomlána		100,703	119,950
Dlíteanais iomlána		116,551	215,373
Cothromas agus dlíteanais iomlána		261,986	289,636

Thar cheann an Bhoird

Tom Savage
Cathaoirleach

Sean O'Sullivan
Comhalta Boird agus Cathaoirleach
an Choiste Iniúchta

Cathal Goan
An Príomh-Stiúrthóir

25 Márta 2010

Ráiteas Grúpa ar Athruithe i gCothromas

amhail an 31 Nollaig 2009

	2009	2008
	€'000	€'000
Tuillimh choinnithe:		
larmhéid amhail an 1 Eanáir	74,263	177,302
loncam agus costas aitheanta iomlán	71,172	(103,039)
larmhéid amhail an 31 Nollaig	145,435	74,263

Ráiteas RTÉ ar Athruithe i gCothromas

amhail an 31 Nollaig 2009

	2009	2008
	€'000	€'000
Tuillimh choinnithe:		
larmhéid amhail an 1 Eanáir	22,434	134,227
loncam agus costas aitheanta iomlán	61,147	(111,793)
larmhéid amhail an 31 Nollaig	83,581	22,434

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid an Ghrúpa

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009

	Nótaí	2009 €'000	2008 €'000
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
(Easnamh) / Barrachas don bhliain		(27,801)	33
Coigeartaí maidir le:			
Muirear Athstruchtúrtha		11,341	-
Dímheas maoinne, innealra agus trealaimh	8	24,537	19,970
Sócmhainní neamh-inláimhsithe a amúchadh	9	1,488	1,052
Cailliúint ar dhiúscairt maoinne, innealra agus trealaimh		49	32
Cailliúint ar dhiúscairt sócmhainní neamh-inláimhsithe		-	16
Difríocht idir muirear phinsin agus ranníoca airgid thirim		1,485	4,613
Costas / (ioncam) glanairgeadais	3	1,649	(10,324)
Costas / (creidmheas) cánach ioncaim	7	339	(9,459)
		13,087	5,933
Athrú i bhfardail agus íocaíochtaí fardail ábhartha		(1,557)	2,581
Athrú i nithe infhaighte trádála agus eile		14,637	9,145
Athrú i réamhíocaíochtaí		(3,071)	6,910
Athrú i soláthairtí agus nithe iníochta trádála agus eile		476	259
Athrú i gcánachas agus leas sóisialach		1,588	(5,514)
Athrú i sochair d'fhostaithe		(15,837)	(877)
Glan-airgead ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		9,323	18,437
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Ús faighte		1,764	5,602
Fáltas ó dhíol maoinne, innealra agus trealaimh		64	63
Fáil maoinne, innealra agus trealaimh		(19,342)	(44,432)
Fáil sócmhainní neamh-inláimhsithe		(1,228)	(1,538)
Glan-airgead arna úsáid i ngníomhaíochtaí infheistíochta		(18,742)	(40,305)
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí airgeadaithe			
(Laghú) / méadú ar infheistíochtaí leachtacha	13	(41,718)	73,405
Glan-airgead (arna úsáid i) / ó ghníomhaíochtaí airgeadaithe		(41,718)	73,405
(Laghú) / méadú glan ar airgead tirim agus cóibhéisí airgid		(51,137)	51,537
Airgead tirim agus cóibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir		68,267	16,730
(Laghú) / méadú ar airgead tirim agus cóibhéisí airgid		(51,137)	51,537
Airgead tirim agus cóibhéisí airgid amhail an 31 Nollaig	14	17,130	68,267

Clár Comhardaithe RTÉ

amhail an 31 Nollaig 2009

	Nótaí	2009 €'000	2008 €'000
SÓCMHAINNÍ			
Sócmhainní neamh-reatha			
Maoin, innealra agus trealamh	8	41,690	59,138
Sócmhainní neamh-inláimhsithe	9	4,222	4,442
Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí	10	65,827	65,827
Sócmhainn pinsin	19	9,208	-
Sócmhainní chánach iarchurtha	20	-	1,845
Nithe infhaighte eile	12	503	626
Sócmhainní neamh-reatha iomlána		121,450	131,878
Sócmhainní reatha			
Fardail	11	35,762	40,314
Nithe infhaighte trádála agus eile	12	31,431	44,403
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe		12,197	8,667
Infheistíochtaí leachtacha	13	34,654	-
Airgead tirim agus cóibhéisí airgid	14	10,932	36,068
Sócmhainní reatha iomlána		124,976	129,452
Sócmhainní iomlána		246,426	261,330
COTHROMAS			
Tuillimh choinnithe		83,581	22,434
DLITEANAIS			
Dlíteanais neamh-reatha			
Sochair d'fhostaithe	18	14,879	8,806
Dlíteanas phinsin	19	-	86,617
Dlíteanais chánach iarchurtha	20	179	-
Dlíteanais neamh-reatha iomlána		15,058	95,423
Dlíteanais reatha			
Nithe iníochta trádála agus eile	15	113,851	101,891
Cánachas agus leas sóisialach	16	8,961	8,083
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	21	184	148
Sochair d'fhostaithe	18	19,001	28,819
Soláthairtí	17	5,790	4,532
Dlíteanais reatha iomlána		147,787	143,473
Dlíteanais iomlána		162,845	238,896
Cothromas agus dlíteanais iomlána		246,426	261,330

Thar cheann an Bhoird

Tom Savage
Cathaoirleach

25 Márta 2010

Sean O'Sullivan
Comhalta Boird agus Cathaoirleach
an Choiste IniúchtaCathal Goan
An Príomh-Stiúrthóir

Ráiteas faoi Shreachadh Airgid RTÉ

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009

	Nótaí	2009 €'000	2008 €'000
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Easnamh don bhliain		(37,826)	(8,721)
Coigeartaí maidir le:			
Muirear Athstruchtúrtha		11,341	-
Dímheas maoinne, innealra agus trealaimh	8	19,705	14,774
Sócmhainní neamh-inláimhsithe a amúchadh	9	1,356	975
Gnóthachan ar dhiúscairt maoinne, innealra agus trealaimh		(21)	(21)
Difríocht idir muirear phinsin agus ranníoca airgid thirim		1,485	4,613
Costas / (ioncam) glanairgeadais		1,996	(8,145)
Costas / (creidmheas) cánach ioncaim		533	(9,956)
		(1,431)	(6,481)
Athrú i bhfardail agus íocaíochtaí fardail ábhartha		(1,165)	2,815
Athrú i nithe infhaighte trádála agus eile		13,094	8,098
Athrú i réamhíocaíochtaí		(3,404)	7,798
Athrú i soláthairtí agus i nithe iníoctha trádála agus eile		21,835	3,970
Athrú i gcánachas agus leas sóisialach		1,216	(1,941)
Athrú i sochair d'fhostaithe		(15,712)	(407)
Glan-airgead ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		14,433	13,852
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Ús faighte		1,405	3,251
Fáltas ó dhíol maoinne, innealra agus trealaimh		44	40
Fáil maoinne, innealra agus trealaimh		(5,210)	(23,160)
Fáil sócmhainní neamh-inláimhsithe		(1,154)	(1,207)
Glan-airgead arna úsáid i ngníomhaíochtaí infheistíochta		(4,915)	(21,076)
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí airgeadaithe			
(Laghú) / méadú ar infheistíochtaí leachtacha	13	(34,654)	31,923
Glan-airgead (arna úsáid i) / ó ghníomhaíochtaí airgeadaithe		(34,654)	31,923
(Laghú) / méadú glan ar airgead tirim agus cóibhéisí airgid		(25,136)	24,699
Airgead tirim agus cóibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir		36,068	11,369
(Laghú) / méadú ar airgead tirim agus cóibhéisí airgid		(25,136)	24,699
Airgead tirim agus cóibhéisí airgid amhail an 31 Nollaig	14	10,932	36,068

Beartais Cuntasaíochta

1. Bunús na cuntasaíochta

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasta ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ.

(a) Eintiteas Tuairisceoireachta

Is corparáid reachtúil é RTÉ a bunaíodh faoin *Acht um Údarás Craolacháin, 1960* agus atá lonnaithe in Éirinn. Tá ráitis airgeadais chomhdhlúite de chuid RTÉ amháil an 31 Nollaig 2009 agus don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009 comhdhéanta den chorparáid reachtúil agus de na heinstititís go léir atá faoina rialú (dá dtagraítear i gcomhar mar an "Grúpa").

(b) Ráiteas comhlíonta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa de réir na gCaighdeán Tuairisceoireachta Airgeadais Idirnáisiúnta (IFRSanna) agus a léirmhínte de réir mar a cheadaíonn an Bord Caighdeán Cuntasaíochta (IASB) agus mar a ghlac an tAontas Eorpach (AE), a bhfuil éifeacht leo maidir leis an mbliain dar chríoch 31 Nollaig 2009 agus mar a fheidhmítear de réir fhorálacha na reachtaíochta craolacháin. Roghnaigh an Grúpa freisin a ráiteas airgeadais comhdhlúite agus ráiteas airgeadais mháthairchomhlacht RTÉ a chur i láthair de réir *Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2009* de chuid na hÉireann a mhéid agus a theastaíonn chun léargas fíor agus cothrom a thabhairt. De réir sin tá clár comhardaithe na máthairchuideachta RTÉ, ráiteas maidir le sreabhadh airgid agus ráiteas ar athruithe i gcothromas curtha i láthair leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite chomh maith, mar a d'éileodh *Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2009* de chuid na hÉireann de ghnáth.

(c) Bunús an Ullmhaithe

Ullmhaíodh ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa ar bhonn an chostais stairiúil ach amháin ionstraimí airgeadais díorthaigh a thomhastar ag luach cóir.

Ullmhaítear ráitis airgeadais an Ghrúpa in Euro tugtha go dtí an míle is gaire, arb ionann é agus airgeadra feidhme aonáin an Ghrúpa go léir.

Éilíonn ullmhúchán ráiteas airgeadais i gcomhréir le IFRSanna ar an mbainistíocht breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a mbíonn éifeacht acu ar fheidhmiú beartais cuntasaíochta agus an líon tuairiscithe sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus costais. D'fhéadfadh na torthaí fíorasacha a bheith difriúil ó na meastacháin sin.

Déantar athbhreithniú ar mheastacháin agus ar bhoinn tuisceana ar bhonn leanúnach. Aithnítear athbhreithnithe ar mheastacháin chuntasaíochta sa tréimhse ina ndéantar athbhreithniú ar na meastacháin agus in aon tréimhsí a mbíonn éifeacht orthu ina dhiaidh sin. Baineann na príomhréimsí ina mbíonn breithiúnas nó castacht suntasach, nó réimsí ina mbíonn boinn tuisceana agus meastacháin suntasach ó thaobh ráiteas airgeadais an Ghrúpa go príomha le luacháil na scéime pinsean sochair sainithe, ionstraimí airgeadais, soláthairtí agus cáin ioncaim, agus luaitear iad sna beartais chuntasaíochta iomchuí thíos agus sna nótaí a théann leo. Tá na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach thíos curtha i bhfeidhm go leanúnach ag eintiteas an ghrúpa agus ag RTÉ, nuair is infheidhme, maidir leis na tréimhsí go léir a chuirtear i láthair sna ráitis airgeadais chomhdhlúite seo agus i ráitis airgeadais RTÉ.

2. Athruithe ar bpolasaí cuntasaíochta (a) Forléargas

Le héifeacht ó 1 Eanáir 2009, d'athraigh an Grúpa a bpolasaíthe cuntasaíochta sna réimsí seo a leanas:

- Míreanna oibríochta a chinneadh agus a chur i láthair.
- Ráitis airgeadais a chur i láthair.

(b) Míreanna oibríochta a chinneadh agus a chur i láthair

Amháil an 1 Eanáir 2009 cinneann an Grúpa na míreanna oibríochta agus cuireann i láthair iad ar an eolas a chuirtear ar fáil go himmheánach do Phríomh-Stiúrthóir agus do Fheidhmeannas RTÉ, ar iad lucht déanta cinní oibríochta an Ghrúpa iad. Tharla an t-athrú sin ar an bpolasaí cuntasaíochta mar gheall gur glacadh le IFRS 8 *Míreanna Oibríochta*. Roimhe seo cinneadh agus cuireadh míreanna oibríochta i láthair ag teacht le IAS 14 *Tuairiscíú Míreanna*. Cuirtear an polasaí cuntasaíochta nua i leith nochtuithe oibríochta míreanna i láthair mar seo a leanas: Is cuid in-idirdeallaithe den Ghrúpa í an mhír oibríochta atá i mbun gníomhaíochtaí gnó ar féidir léi ioncaim a shaothrú agus costais a thabhu astu, lena n-áirítear ioncaim agus costais a bhaineann le hidirbhearta le comhpháirt ar bith de chuid an Ghrúpa.

Ag eascairt ó struchtúr eagraíochta inmheánach an Ghrúpa agus a gcóras tuairiscithe airgeadais inmheánach, is í príomh-mhír tuairiscithe an Ghrúpa, faoi *IFRS 8 Míreanna Oibríochta*, an Rannán Comhtháite Gnó (IBD). Is rannán ar leithligh é gach IBD atá eagraithe agus bainistithe de réir nádúr na seirbhísí agus na dtáirgí a sholáthraítear. Athbhreithníonn an Príomh-Stiúrthóir agus Feidhmeannas RTÉ torthaí oibríochta na míreanna oibríochta go rialta chun cinní a dhéanamh faoi na hacmhainní a leithroinntear chuig an mhír agus chun a feidhmíocht a mheas agus tá eolas airgeadais ar fáil faoi sin (féach nóta 1) thíos.

Tá eolas comparáideach faoi mhír curtha i láthair ag cloí le IFRS 8. Níl tionchar ag an athrú ar an bpolasaí cuntasaíochta ach amháin ar chur i láthair agus nochtadh.

(c) Ráitis airgeadais a chur i láthair

Cuireann an Grúpa IAS 1 *Cur i Láthair Ráitis Airgeadais (2007)* i bhfeidhm, a raibh éifeacht leis amháil an 1 Eanáir 2009. Mar thoradh air sin, cuireann an Grúpa i láthair, sa ráiteas comhdhlúithe ar athruithe i gcothromas, na hathruithe úinéireachta i gcothromas ar fad, ach cuirtear athruithe neamh-úinéara i gcothromas i láthair sa ráiteas comhdhlúithe ar ioncam cuimsitheach.

Cuireadh eolas comparáideach i láthair an athuair le go mbeidh sé ag cloí leis an gcaighdeán athbhreithnithe. Níl tionchar ag an athrú ar an bpolasaí cuntasaíochta ach amháin ar ghnéithe a bhaineann le cur i láthair.

3. Bunús Comhdhlúite

(a) Fochuideachtaí

Tugtar ráitis airgeadais RTÉ san áireamh i ráitis airgeadais an Ghrúpa agus a chuid eintiteas fochuideachta go léir go dtí 31 Nollaig gach bliain. Is eintitis arna rialú ag an nGrúpa iad fochuideachtaí. Bítear faoi rialú an Ghrúpa nuair atá de chumhacht ag an nGrúpa, beartais airgeadais agus oibriúcháin an eintitis a rialú ionas go bhfaigheann RTÉ buntáiste óna ghníomhaíochtaí. Tugtar ráitis airgeadais na bhfochuideachtaí san áireamh sna ráitis airgeadais chomhdhlúite ón dáta ar an dtagtar faoin rialú anonn go dtí an dáta a dtagann deireadh leis an rialú.

(b) Deireadh a chur le hidirbhearta ar chomhdhlúthú

Cuirtear deireadh le hiarmhéideanna agus le hidirbhearta intra-ghrúpa, agus le haon ioncam réadaithe agus costais arna n-eascairt as idirbhearta intra-ghrúpa, agus na ráitis airgeadais chomhdhlúite á n-ullmhú.

4. Pholasáí cuntasaióchta tábhachtacha**(a) Aitheantas loncaim**

Tá loncam, nach bhfuil CBL ná idirbhearta idir cuideachtaí sa Ghrúpa san áireamh ann, comhdhéanta d'ioncam a eascraíonn as Táillí Ceadúnais, díolacháin fógraíochta, urraíocht, úsáid saoráidí agus líonra tarchurtha an Ghrúpa, ioncam ciorclaíochta agus imeachtaí, agus ioncam ó ábhar, táirgí díolacháin agus ioncam gaolmhar. Bíonn ioncam luaithe glan ó aon lascainí socraíochta nó lascainí ó thaobh méid.

Aithnítear ioncam sa mhéid agus is dócha a ndéanfar aisghabháil, sa mhéid agus a bhíonn sé faoi réir tomhais iontaoifa, gur dócha go mbeidh tairbhe eacnamaíochta i ndán don Ghrúpa agus gur aistríodh rioscaí suntasacha agus luachanna saothair na húinéireachta go dtí an ceannaitheoir.

(b) Ioncam ón Táille Cheadúnais

Bailíonn an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Náúúrtha (DCENR) an t-ioncam ón Táille Ceadúnais is infíochta ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (DSFA) thar ceann daoine a bhíonn incháilithe do Cheadúnas Teilifíse "saor in aisce" ón DSFA. Déanann An Post an t-ioncam eile go léir ón Táille Cheadúnais a bhailiú agus a íoc leis an DCENR, glan ó chostais bhailiúcháin. Íocann an DCENR "deontas i gcabhair" neamh-inaisíochta le RTÉ ó na táillí ceadúnais sin a bhailítear, mar a ndéantar foráil dó in Alt 123 san *Acht Craolacháin 2009*, in áit na méideanna a bhailíonn An Post, glan ó chostais bhailiúcháin agus tobhach 5%/7% chuig an gCiste Craoltóireachta, in éineacht leis na méideanna a íocann an DSFA leis.

Aithnítear Táille Ceadúnais is infíochta ag an DSFA nuair a fhaightear í. Aithnítear ioncam ó tháille ceadúnais eile nuair a fhaightear fógra ó An Post.

(c) Ioncam fógraíochta agus urraíochta

Aithnítear ioncam fógraíochta teilifíse ar sheachadadh feachtais. Aithnítear an t-ioncam fógraíochta eile go léir ar chraoladh/ar fhoilsiú. Bíonn ioncam fógraíochta luaithe glan ó choimisiúin ghníomhairí. Aithnítear ioncam urraíochta go cothrom thar shaolré an chláir urraithe, an fhoilseacháin urraithe srl.

(d) Ioncam líonra agus saoráidí

Eascraíonn ioncam líonra agus saoráidí as líonra tarchuir an Ghrúpa a úsáid, as rochtain a dhéanamh air agus as saoráidí stiúdió a chuirtear ar fáil do thríú páirtithe. Aithnítear méideanna de réir mar a chuirtear na saoráidí ar fáil do thríú páirtithe.

(e) Ioncam ciorclaíochta agus imeachtaí

Eascraíonn ioncam ciorclaíochta ó fhoilsiú agus ciorclaíocht an RTÉ Guide agus bíonn sé luaithe glan ó tháillí dlíte don dáileoir agus don mhiondíoltóir deiridh. Aithnítear ioncam ar bhonn an ghlanmhéid cóipeanna díolta ag deireadh na tréimhse gearrtha díolacháin do gach eagrán.

Eascraíonn ioncam imeachtaí ó imeachtaí poiblí arna n-eagrú ag Grúpaí Oifide RTÉ. Aithnítear é de réir mar a thionóltar na himeachtaí agus mar a bhíonn méideanna dlíte.

(f) Ioncam ó ábhar, táirgí díolacháin agus ioncam gaolmhar

Is ionann ioncam ó ábhar, táirgí díolacháin agus ioncam gaolmhar agus méideanna a ghintear ó ábhar agus seirbhísí RTÉ a chur ar fáil do thríú páirtithe trí raon bealaí, lena n-áirítear saoráidí idirlín an Ghrúpa, teiliféacs Aertel, ábhar RTÉ a dhíol go seachtrach agus méideanna a thuilltear trí sheirbhísí tráchtála eile a chuireann an Grúpa ar fáil. Aithnítear ioncam de réir mar a chuirtear an tseirbhís ar fáil nó ar sheachadadh táirgí chuig an tríú páirtí.

5. Tuairisciú Míre

Is cuid in-idirdhealaithe den Ghrúpa í an mhír oibríochta a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí gnó ar féidir léi ioncaim a shaothrú agus costais a thabhu astu, lena n-áirítear ioncaim agus costais a bhaineann le hidirbhearta le comhpháirt ar bith de chuid an Ghrúpa.

Ag eascairt ó struchtúr eagraíochta inmheánach an Ghrúpa agus a gcóras tuairiscithe airgeadais inmheánach, is í príomh-mhír tuairiscithe an Ghrúpa, faoi IFRS 8 *Míreanna Oibríochta*, an Rannán Comhtháite Gnó (IBD). Is rannán ar leithligh é gach IBD atá eagraithe agus bainistithe de réir nádúr na seirbhísí agus na dtáirgí a sholáthraítear. Athbheithníonn an Príomh-Stiúrthóir agus Feidhmeannas RTÉ torthaí oibríochta na míreanna oibríochta go rialta chun cinntí a dhéanamh faoi na hacmhainní a leithroinntear chuig an mhír agus chun a feidhmíocht a mheas agus tá eolas airgeadais ar fáil faoi sin (féach nóta 1) thíos.

6. Idirbhearta in airgeadra coigríche

Aistrítear idirbhearta a bhíonn in airgeadra coigríche go dtí airgeadraí feidhme faoi seach de chuid eintitis an ghrúpa ag rátaí malartaithe ag dátaí na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche ag an dáta cuntasaióchta go dtí an t-airgeadra feidhme ag an ráta malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag an dáta sin. Áirítear aon ghnóthachain nó aon chailiteanais ó athrú ar rátaí malartaithe i ndiaidh dáta an idirbhirt mar ghnóthachan nó cailiteanais malartaithe sa Ráitis loncaim.

Aithnítear difríochtaí airgeadra coigríche a eascraíonn ó athaistriú sa Ráiteas loncaim.

Beartais Cuntasáíochta (ar lean)

7. Maoin, innealra agus trealamh

(a) Aitheantas agus tomhas

Léirítear maoin, innealra agus trealamh ag an gcostas stairiúil, glan ó dhímheas carntha chomh maith le haon caillteanais lagaithe.

Áirítear ar chostas caiteachas is inchurtha go díreach i leith fáil na sócmhainne. Áirítear ar chostas sócmhainní féin-tógtha costas ábhar agus costas saothair dírih, agus aon chostais eile a bhíonn inchurtha go díreach leis an tsócmhainn a chur i riocht oibre don úsáid a cheaptar di, agus na costais a bhaineann leis na nithe a bhaint óna chéile agus an láithreán ina mbíonn siad lonnaithe a athchóiriú. Déantar bogearraí atá ríthábhachtach d'fheidhmiúlacht an trealamh ghaolmhair a chaipitiliú mar chuid den trealamh sin.

Tugtar caiteachas dá éis sin san áireamh le suim charraeireachta na sócmhainne nó aithnítear ina shócmhainn ar leith é, mar is cuí, sa chás amháin gur dócha go mbeidh tairbhe eacnamaíochta a bhaineann leis an tsócmhainn i ndán don Ghrúpa agus gur féidir tomhas iontaofa a dhéanamh ar chostas na sócmhainne. Cuirtear gach deisiú agus cothabháil eile de mhuipear in aghaidh an Ráitis Ioncaim i rith na tréimhse airgeadais ina dtarlaíonn siad.

(b) Dímheas

Cuirtear dímheas ar fáil ar mhaoín, innealra agus trealamh, seachas talamh ruíse, ag rátaí a ríomhtar chun an costas a dhíscríobh, lúide iarmharluach measta, gach sócmhainn faoin modh dronlíneach thar a saol úsáideach measta.

Seo a leanas na príomhrátaí a úsáidtear:

Foirgnimh	2.5% – 25%
Innealra agus trealamh	7.5% – 20%
Fearais agus feistis	10% – 25%

Is ionann tionscadail chaipitil a bhíonn ar siúl agus an costas a bhaineann le maoin, innealra agus trealamh a cheannach agus a shuiteáil sula ndéantar a n-úsáid a choimisiúnú. Gearrtar dímheas ar shócmhainní ón dáta coimisiúnaithe.

Nuair a bhíonn saolta úsáideacha difriúla ag codanna de mhaoín, d'innealra nó de threalamh, tugtar cuntas orthu mar nithe maoin, innealra agus trealamh ar leithligh (comhpháirteanna móra), agus déantar iad a dhímheas dá réir.

(c) Lagú

De réir IAS 36 *Lagú Sócmhainní* déantar athbhreithniú ar mhéid carraeireachta foirgneamh, innealra agus trealamh ag dáta gach cláir chomhardaithe lena chinneadh cibé an bhfuil aon léiriú ar lagú agus bíonn siad faoi réir thástáil lagaithe sa chás go léiríonn imeachtaí nó athruithe ar imthosca gur féidir nach mbeidh na luachanna carraeireachta in-aisghabhála. Má bhíonn léiriú den sórt sin ann, déantar méid na sócmhainní in-aisghabhála a mheas.

8. Sócmhainní neamh-inláimhsithe

(a) Aitheantas agus tomhas

Aithnítear sócmhainn neamh-inláimhsithe, ar shócmhainn neamh-airgeadais so-aitheanta gan substaint fisciúil í, sa mhéid is gur dócha go mbeidh tairbhe eacnamaíochta a bhaineann leis an tsócmhainn i ndán don Ghrúpa agus gur féidir tomhas iontaofa a dhéanamh ar a costas. Meastar an tsócmhainn a bheith so-aitheanta sa chás go n-eascraíonn sí ó chearta conarthacha nó ó chearta dlíthiúla eile, cibé acu an mbíonn na cearta sin inaistrithe nó indeighilte ón nGrúpa nó ó chearta agus oibleagáidí eile, nó nach mbíonn.

Iompraítear sócmhainní neamh-inláimhsithe ag costas lúide aon amúchadh carntha agus aon chaillteanais lagaithe carntha.

Baineann sócmhainní neamh-inláimhsithe an Ghrúpa go hiomlán le bogearraí.

Ní dhéantar caiteachas ina dhiaidh sin a chaipitiliú ach amháin má chuireann sé leis an tairbhe eacnamaíochta na sócmhainne ar leith lena mbaineann sé.

(b) Amúchadh

Sócmhainní neamh-inláimhsithe, a bhfuil saolta eacnamaíochta úsáideacha teoranta acu, amúchta go dtí an ráiteas ioncaim faoin modh dronlíneach thar a saolta úsáideacha measta ón dáta a mbíonn siad ar fáil le húsáid. I gcás bogearraí ríomhaire, is 3 go 5 bliana de ghnáth a bhíonn sna saolta eacnamaíochta úsáideacha.

(c) Lagú

De réir IAS 36 *Lagú Sócmhainní* déantar suim carraeireachta shócmhainní neamh-inláimhsithe a athbhreithniú ag dáta gach cláir chomhardaithe lena chinneadh cibé an bhfuil aon léiriú ar lagú agus bíonn siad faoi réir thástáil lagaithe sa chás go léiríonn imeachtaí nó athruithe ar imthosca nach mbeidh na luachanna carraeireachta in-aisghabhála. Má bhíonn léiriú den sórt sin ann, déantar méid na sócmhainní in-aisghabhála a mheas.

9. Ionstraimí Airgeadais

(a) Ionstraimí Airgeadais Neamh-Dhíorthaigh

Bíonn ionstraimí airgeadais neamh-dhíorthaigh comhdhéanta de infheistíocht i bhfochuideachtaí, nithe infhaighte trádála agus eile, infheistíochtaí leachtacha, airgead tirim agus cóibhéisí airgid agus nithe iníochta trádála agus eile.

Aithnítear ionstraimí airgeadais neamh-dhíorthaigh don chéad uair ag luach cóir. Tar éis iad a aithint don chéad uair déantar ionstraimí airgeadais neamh-dhíorthaigh a thomhas mar a léirítear thíos.

Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí

Déantar infheistíochtaí RTÉ i bhfochuideachtaí ina chlár comhardaithe a aithint ag costas, lúide caillúintí lagaithe.

Nithe infhaighte trádála agus eile

Luaitear nithe infhaighte trádála agus eile ag costas, a thagann a bheag nó a mhór le luach cóir de bharr nádúr gearr-dátaithe na sócmhainní sin. Iompraítear nithe infhaighte trádála agus eile ag an tsuim bhunaidh a bhí ar sonrasc lúide aon lagú do shuimeanna a d'fhéadfadh a bheith in-aisghabhála. Aithnítear lagú má bhíonn fianaise neamhchlaonta ann tar éis a aithint i dtús báire gur féidir nach bhfuil iarmhéid in-aisghabhála ina iomláine nó i bpáirt.

Infheistíochtaí Leachtacha

Bíonn infheistíochtaí leachtacha comhdhéanta de thaisc gearrthéarmacha agus d'infheistíochtaí sócmhainní reatha lena mbíonn dáta aibíochta níos mó ná 3 mí ón dáta fála ach níos lú ná 12 mí ó dháta an chlár chomhardaithe. De bharr go dtiteann aibíocht na n-infheistíochtaí sin lasmuigh den chreat ama do rangú airgid thirim agus cóibhéisí airgid faoi IAS 7 *Ráitis faoi Shreabhadh Airgid*, caitheadh leis na hiarmhéideanna gaolmhara mar shócmhainní airgeadais agus tá siad ráite ag luach cóir ag dáta gach cláir chomhardaithe. Aithnítear ioncam ar na sócmhainní sin ar bhonn ráta úis éifeachtúil.

Airgead tirim agus cóibhéisí airgid

Tá airgead tirim agus cóibhéisí airgid comhdhéanta d'iarhmhéideanna airgid tirim a choimeádtar chun críocha tiomantais airgid tirim agus infheistíochtaí gearrtearma, a bhíonn inchomhshóite go héasca go dtí méideanna airgid tirim ar fios fúthu ag a luachanna carraireachta nó gar dóibh agus a bhíonn faoi réir riosca neamhshuntasach ó thaobh athruithe ar luach a chomhlíonadh. Sa chás go rangaítear infheistíochtaí mar chóibhéisí airgid, bíonn aibíocht de thrí mhí nó níos lú ón dáta fála ag na hiarmhéideanna gaolmhara. Aithnítear ioncam ar na sócmhainní sin ar bhonn ráta úis éifeachtúil.

Nithe iníochta trádála agus eile

Luaitear nithe iníochta trádála agus eile ag costas, a thagann a bheag nó a mhór le luach cóir de bharr nádúr gearr-dátaithe na sócmhainní sin.

(b) Ionstraimí airgeadais díorthaigh

Úsáidtear ionstraimí airgeadais díorthaigh go príomha chun nochtadh an Ghrúpa d'athruithe ar rátaí malartaithe airgeadra coigríche, lena n-áirítear Dollar na Stát Aonaithe agus Steirling, a bhainistiú. Ní hiontrálann an Grúpa conarthaí amhantracha.

Is ar a luach cóir a aithnítear ionstraimí airgeadais díorthaigh don chéad uair agus déantar iad a ath-thomhas ina dhiaidh sin chuig luach cóir ag gach dáta cláir chomhardaithe. Aithníodh athruithe ar an luach cóir gan mhoill sa Ráiteas Ioncaim de bharr gur roghnaigh an Grúpa gan an cuntas a fháil maidir le haon díorthaigh i 2009 nó 2008.

10. Fardail**(a) Fardail Chláir**

Luacháiltear fardail chláir ag an gcostas nó ag an nglanluach réadaithe, cibé acu is lú.

Is éard is fardail chláir de dhéantús Éireannach ann cláir a léiríonn RTÉ go himmheánach nó cláir a dhéanann RTÉ a choimisiúnú ó léiritheoirí neamhspleácha. Áirítear ar chostais do stoc clár intí costais chláir dhíreacha lena n-áirítear saoráidí léiriúcháin agus costais saothair do chláir. Bunaítear costais do stoic chláir choimisiúnaithe ar an bpraghas conartha. Cuirtear fardail chláir de dhéantús Éireannach de mhúirear go hiomlán in aghaidh an Ráitis Ioncaim an chéad uair a chraoltar iad.

Is éard is fardail chláir cheannaithe ann cláir agus scannáin a cheannaíonn RTÉ ó stiúideonna agus ó chraoltóirí tríú páirtí. Sainmhínítear costais d'fhardail chláir cheannaithe mar an praghas conartha ceadúnais tríú páirtí a íocann RTÉ leis an stiúideo nó leis an gcráoltóir. Cuirtear fardail chláir cheannaithe de mhúirear in aghaidh an Ráitis Ioncaim bunaithe ar luach measta gach craolta mar seo a leanas:

Gnéchláir: 75% ar an gcéad chraoladh, 25% ar an dara craoladh

Sraitheanna: 99% ar an gcéad chraoladh, 1% ar an dara craoladh

Is éard is fardail spóirt ann na cearta chun imeachtaí spóirt a chraoladh. Sainmhínítear costais d'fhardail chearta spóirt mar an praghas conartha a chomhaontaíonn an Grúpa leis an eagraíocht spóirt iomchuí nó le sealbhóir na gcearta. Cuirtear fardail chearta spóirt de mhúirear in aghaidh an Ráitis Ioncaim ar chraoladh na n-imeachtaí spóirt a bhaineann leis na cearta.

(b) Fardail Eile

Tá fardail eile comhdhéanta de stoic mionpháirteanna breise agus luaitear iad ag an gcostas nó ag an nglanluach réadaithe, cibé acu is lú. Cuirtear fardail eile de mhúirear in aghaidh an Ráitis Ioncaim de réir mar a úsáidtear iad do dheisiúcháin agus do chothabháil.

11. Soláthairtí

Aithnítear soláthar sa chás: go mbíonn oibleagáid reatha ar an nGrúpa (oibleagáid dlí nó tógála) mar thoradh ar imeacht san am a caitheadh; go bhféadfadh sé tarlú go mbeadh eis-sreabhadh de shochair eacnamaíochta riachtanach chun an oibleagáid a shocrú; agus gur féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide. Déantar soláthairtí a thomhas ag an meastachán is fearr de chuid comhaltaí an Bhoird i leith an chaiteachais atá riachtanach chun an oibleagáid a shocrú ag dáta an chláir chomhardaithe agus déantar lascainiú go dtí luach reatha sa chás go mbíonn tionchar ábharthach ann.

Sa chás go measann Grúpa go n-aisíocfar soláthar, aithnítear an soláthar mar shócmhainn ar leithligh nuair a bhítear beagnach céad faoin gcéad cinnte go n-eascróidh an aisíocaíocht.

12. Sochair d'fhostaithe**(a) Dualgas sochair scoir**

Déanann an Grúpa ranníocaíochtaí pinsin do roinnt mhaith fostaithe trí Scéim Aoisliúntais RTÉ, trí Scéim Phinsin Ranníocaíochtaí Sainithe RTÉ agus trí scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe eile.

Maidir leis na scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe, bíonn ranníocaíochtaí ag fabhrú agus aithnítear iad sa ráiteas ioncaim sa tréimhse ina dtuilleann na fostaithe ábhartha iad.

Maidir le Scéim Aoisliúntais RTÉ, scéim mhaoinithe shochair shainithe ranníocaíochtaí, déantar an difríocht idir luach margaidh shócmhainní na scéime agus luach reatha dhliteanas na scéime de réir measúnú achtúire, ríofa agus modh chreidmheas aonaid teilgthe á úsáid, a nochtadh mar shócmhainn/dhliteanas sa chlár comhardaithe, glán ó cháin iarchurtha (sa mhéid is gur féidir í a aisghabháil). Is ionann an méid a ghearrtar ar an Ráiteas Ioncaim, de réir chinneadh achtúire, na sochar pinsin a ghealltar d'fhostaithe a thuilltear i rith na bliana móide aon fheabhsúcháin sochair a dheonaítear ar fhostaithe i rith na bliana.

Léirítear toradh measta shócmhainní na Scéime Aoisliúntais i rith na bliana agus an méadú ar dhliteanas na scéime mar gheall ar an lascaine a chealú i rith na bliana mar chostais airgeadais sa Ráiteas Ioncaim. Aithnítear aon athruithe idir toradh measta shócmhainní agus an toradh a bhaintear amach go hiarbhír agus aon athruithe ar na dliteanas de bharr athruithe ar bhoinn tuisceana nó de bharr go raibh an méid a tharla go hiarbhír i rith na bliana difriúil ón méid a rabhthas ag súil leis, aithnítear iad mar ghnóthachain agus cailteanas achtúireacha sa ráiteas grúpa ar ioncam cuimsitheach.

Beartais Cuntasaíochta (ar lean)

(b) Sochair Scoir

Aithnítear sochair scoir mar chostas nuair atá an Grúpa tiomanta go soiléir, gan deis réalaíoch aistarraingt a dhéanamh, do phlean mionsonraithe foirmiúil chun fostaíocht a fhoirceannadh roimh an ngnáthdháta scoir, nó chun sochair scoir a chur ar fáil de bharr thairiscint a rinneadh chun iomarcaíocht dheonach a chur chun cinn. Aithnítear sochair scoir d'iomarcaíochtaí deonacha mar chostas sa chás go mbíonn tairiscint déanta ag an nGrúpa chun iomarcaíocht dheonach a chur chun cinn, más dócha go nglacfar leis an tairiscint, agus más féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar an líon daoine a ghlacfar léi.

(c) Sochair ghearrthréimhseacha

Déantar oibleagáidí sochair fostaithe gearrthréimhseacha a thomhas ar bhonn neamh-lascainithe agus déantar iad a chostasú ar sholáthar na seirbhíse gaolmhaire.

13. Cáin Ioncaim

(a) Aitheantas

Tá cáin ioncam comhdhéanta de cháin reatha agus de cháin iarchurtha. Aithnítear costas cháin ioncaim sa Ráiteas Ioncaim ach amháin sa mhéid agus a bhaineann sé le míreanna a aithnítear go díreach i gcothromas, agus sa chás sin aithnítear i gcothromas é.

(b) Cáin Reatha

Is éard is cáin reatha ann an cháin mheasta is iníochta ar an ioncam incháinithe don bhliain, agus na rátaí cánach achtaithe nó achtaithe go suntasach ag an dáta tuairiscithe, agus aon choigeartú ar cháin iníochta i ndáil le blianta roimhe sin. Tá ioncam incháinithe an Ghrúpa faoi réir cháin chorparáideach na hÉireann. Bhí ioncam an Ghrúpa ón Táille Cheadúnais a tuilleadh roimh 31 Nollaig 2006 díolúinte ó cháin chorparáideach.

(c) Cáin Iarchurtha

Aithnítear cáin iarchurtha agus modh an chláir chomhardaithe a úsáid, rud a dhéanann solathar do dhifríochtaí sealadacha idir méid carraeireachta sócmhainní agus dliteanas chun críocha tuairiscithe airgeadais agus na méideanna a úsáidtear chun críocha cánach. Ní bhíonn sócmhainní agus dliteanas cháin iarchurtha faoi réir lascainithe agus déantar iad a thomhas ag na rátaí cánach a mheastar a bheidh i bhfeidhm sa tréimhse ina réadófar an tsócmhainn nó ina socrófar an dliteanas bunaithe ar na rátaí cánach agus ar na dlíthe cánach atá achtaithe nó achtaithe go suntasach ar dháta an chláir chomhardaithe.

Aithnítear dliteanas chánach iarchurtha do gach difríocht sealadach incháinithe ach amháin aitheantas don chéad uair ó thaobh sócmhainn nó dliteanas in idirbheart nach teaghlaim ghnó é agus nach mbíonn éifeacht aige ar an mbrabús cuntasaíochta ná ar an mbrabús nó cailteanas incháinithe ag tráth an idirbhirt a aithint don chéad uair.

Aithnítear sócmhainn chánach iarchurtha sa mhéid is gur dócha go mbeidh brabús incháinithe sa todhchaí ar fáil lenar féidir an difríocht sealadach a úsáid ina n-aghaidh. Déantar sócmhainní cánach iarchurtha a athbheithniú ag gach dáta tuairiscithe agus laghdaítear iad sa mhéid is nach dócha níos mó go mbainfeadh an sochar cánach gaolmhar amach.

Déantar sócmhainní agus dliteanas chánach iarchurtha a fhritháireamh má bhíonn ceart infhorfeidhmithe le dlí ann maidir le dliteanas agus sócmhainní cánach reatha a fhritháireamh, agus má bhaineann siad le cánacha ioncaim a ghearrann an t-údarás cánach céanna ar an eintiteas incháinithe céanna.

14. Ioncam agus caiteachais airgeadais

Tá ioncam airgeadais comhdhéanta d'ioncam úis ar airgead tirim agus infheistíochtaí leachtacha agus de ghnóthachain ar ionstraimí airgeadais díorthaigh a aithnítear tríd an Ráiteas Ioncaim.

Tá caiteachais airgeadais comhdhéanta de chealú na lascaine ar sholáthairtí agus cailteanas ar ionstraimí airgeadais díorthaigh a aithnítear tríd an Ráiteas Ioncaim.

15. Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear focaíochtaí a dhéantar ó léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim faoin modh dronlíneach thar théarma an léasa.

16. Caighdeán agus léirmhínte nua (a) Glactha i rith na bliana

Ghlac an Grúpa leis na caighdeáin seo a leanas i rith na bliana nach raibh aon tionchar acu ar ráitis airgeadais 2009 an Ghrúpa.

- Chuir IAS 23 *Costais Iasachtaí* athbhreithnithe deireadh leis an rogha maidir le costas a ghearradh ar chostais iasachtaí agus d'éiligh go ndéanfadh aonán caipitliú ar chostais iasachta go díreach inchurtha d'fháil, do thógáil nó táirgeadh shócmhainn cháilitheach mar chuid de chostas na sócmhainne. Bhí IAS 23 athbhreithnithe éigeantach do ráitis airgeadais 2009 an Ghrúpa ach ní raibh aon tionchar aige sin ar RTÉ toisc nach bhfuil aon iasachtaí ag an nGrúpa.
- Thug IFRIC 13 *Cláir Dhílseachta Chustaiméara* aghaidh ar chuntasaíocht aonán a oibríonn nó a bhíonn rannpháirteach ar shlí eile, i gcláir dhílseachta chustaiméara faoinar féidir leis an gcustaiméir creidiúintí a fhuascailt ó thaobh earraí nó seirbhísí saor in aisce nó lascainithe. Ní raibh aon tionchar ag IFRIC 13, a bhí éigeantach do ráitis airgeadais 2009 an Ghrúpa, ar na ráitis airgeadais.
- Leasuithe ar IAS 32 *Ionstraimí Airgeadais: Cur i láthair* agus IAS 1 *Cur i Láthair na Ráitis Airgeadais - Ionstraimí Airgeadais Indíola agus Oibleagáidí a Eascraíonn ó Leachtú* a chuir iachall ar ionstraimí indíola agus ionstraimí a fhorchuireann oibleagáid ar aonán sciar *pro rata* de ghlan-sócmhainní an aonáin a sheachadadh chuig páirtí eile le linn leachtaithe, a rangú mar chothromas má chomhlíontar coinníollacha ar leith. Ní raibh aon tionchar ag na leasuithe, a bhí éigeantach do ráitis airgeadais 2009 an Ghrúpa, le feidhmiú siarghabhálach riachtanach, ar na ráitis airgeadais.
- Shainmhínigh an leasú ar IFRS 2 *Íocaíocht Scair-bhunaithe – Coinníollacha agus Cealuithe Dílseacháin* an míniú atá le coinníollacha dílseacháin, thug isteach coincheap na gcoinníollacha neamh-dhílsithe, d'éiligh go ndéanfaí coinníollacha neamh-dhílsithe a léiriú i luach cóir an dáta bhronnta agus sholáthair siad an chóireáil chuntasaíochta do choinníollacha agus do chealuithe neamh-dhílsithe. Bhí na leasuithe ar IFRS 2 éigeantach do ráitis airgeadais 2009 an Ghrúpa, le feidhmiú siarghabhálach riachtanach ach ní raibh aon tionchar astu.

(b) Eisithe ach gan éifeacht fós

Níl na caighdeáin agus na léirmhínte a leanas atá eisithe ach nach bhfuil éifeacht leo fós curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa fós:

- Ionchorpraíonn IFRS 3 *Comhcheangail Ghnó* (2008) athbhreithnithe na hathruithe seo a leanas ar dhóigh a mbeidh baint acu le hoibríochtaí an Ghrúpa:
 - Rinneadh an sainmhíniú ar ghnó a leathnú, agus is é an toradh is dóchúla a bheidh air sin ná caitheamh le héadálacha mar chomhcheangail ghnó
 - Déanfar breithniú teagmhasach a thomhas ag luach cóir, le hathruithe ina dhiaidh sin á n-aithint i mbrabús nó i gcaillteanas
 - Gearrfar costais idirbheartaíochta, seachas costais eisithe sciar agus fiachais, mar chostais a tabhaíodh
 - Déanfar aon ús a bhí ann roimhe seo a thomhas ag luach cóir, nó ag a n-ús comhréireach i sócmhainní agus dliteanais aitheanta an fhaighteora, ar bhonn idirbheart ar idirbheart.
 Déanfar IFRS 3 athbhreithnithe, a bheith éigeantach do ráitis airgeadais 2010 an Ghrúpa, a chur i bhfeidhm go ionchasach agus dá bhrí sin ní bheidh aon tionchar aige ar thréimhsí roimhe seo i ráitis airgeadais 2010 an Ghrúpa.
- Éilíonn IAS 27 *Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite agus Ar Leithligh* (2008) go ndéanfaí cuntas a choinneáil ar athruithe i leasanna úinéireachta a dhéanann an Grúpa i bhfochuideachtaí, agus smacht á choinneáil, a aithint mar idirbheart cothromais. Nuair a chailleann an Grúpa smacht ar fochuideachta, déanfar aon leas a choinnítear san iar-fochuideachta a thomhas ag luach cóir leis an gnóthachain nó caillteanas á n-aithint i mbrabús nó caillteanas. Ní mheastar go mbeidh tionchar suntasach ag leasuithe IAS 27, a bhí éigeantach do ráitis airgeadais 2010 an Ghrúpa, ar na ráitis airgeadais.
- Míreanna Fálaithe Incháilithe – Leasú ar IAS 39 *Ionstraimí Airgeadais: Aitheantas agus Tomhas*, a shoiléiríonn na príonsabail atá ann cheana a chinneann cibé an bhfuil rioscaí nó codanna de shreabhadh airgid incháilithe lena n-ainmiú mar chaidreamh fálaithe nó nach bhfuil. Ní mheastar go mbeidh tionchar suntasach ag an leasú, a bheidh éigeantach do ráitis airgeadais 2010 an Ghrúpa, ar na ráitis airgeadais chomhdhlúite.

Nótaí

atá ina gcuid de ráitis airgeadais an ghrúpa

1 Príomhghníomhaíochtaí agus eolas faoi mhíreanna

(a) Príomhghníomhaíochtaí

Is eagraíocht neamhbhrabúis é RTÉ agus is é a phríomhghníomhaíocht seirbhísí poiblí raon cuimsitheach cainéal agus sceideal teilifíse agus raidió saor go haer a chraoladh. Freastalaíonn na seirbhísí sin ar gach catagóir déimeagrafach i sochaí na hÉireann le réimse leathan aschuir agus seánraí, gan baint le lucht féachana tráchtála a mhealladh, agus le béim faoi leith ar chlár de dhéantús Éireannach. Áirítear ar ghníomhaíochtaí seirbhíse poiblí eile de chuid RTÉ Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ, Ceolfhoireann Cheolchoirme RTÉ agus grúpaí oifide eile a oibríú. Soláthraíonn RTÉ raon fairsing seirbhísí Ar líne, gréasán-bhunaithe saor in aisce, a dhíríonn den chuid is mó ar lucht féachana na hÉireann, laistigh dá rannán Foilsitheoireachta. Tá seirbhís súil siar san áireamh sa tseirbhís Ar líne, gréasán-bhunaithe, saor in aisce via an RTÉ Player agus bíonn sé níos éasca féachaint ar chlár éagsúla tar éis a gcrail ar RTÉ One agus RTÉ Two.

Bíonn an costas bliantúil do RTÉ maidir leis na gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí sin a sholáthar agus a airgeadú cuid mhór sa bhreis ar an maoiniú poiblí a fhaightear mar ioncam ón Táille Cheadúnais. Dá reir sin téann RTÉ i mbun go leor gníomhaíochtaí tráchtála coimhdeacha, go príomha laistigh de Phoblacht na hÉireann, chun tacú lena ghníomhaíochtaí seirbhíse poiblí. Áirítear orthu sin díolachán fógraíochta agus urraíochta, foilsitheoireacht an RTÉ Guide, cheadúnú/díolachán ábhair, díolachán earraí a bhaineann le clár, saoráid léiriúcháin a fháil ar cíos agus scaireanna ioncaim ó theileachumarsáid/téacsanna. Ina theannta sin oibríonn RTÉ Transmission Network Limited (RTÉNL) líonra tarchuradóireachta craolacháin náisiúnta laistigh de Phoblacht na hÉireann, a chuireann sé ar fáil do chraoltóirí áitiúla agus náisiúnta araon, lena n-áirítear seirbhísí RTÉ féin, ar bhonn neamhthuilleamaíoch. Ligeann RTÉNL spás túir/crainn breise ar cíos do raon úsáideoirí neamh-chraolta tríú páirtí.

Tá oibríochtaí agus bainistíocht RTÉ eagraithe i sé Rannán Comhtháite Gnó (IBDanna): Teilifís, Raidió, Nuacht agus Cúrsaí Reatha, Grúpaí Oifide, Foilsitheoireacht agus Líonra. I gcás gach IBD déanann an Príomh-Stiúthóir agus Feidhmeannas RTÉ athbhreithniú ar thuarascálacha bainistíochta inmheánacha ar bhonn míosúil. Tá IBD Líonra lonnaithe go hiomlán laistigh d'fhochuideachta atá faoi lán-úinéireacht agus faoi bhainistiú ar leithligh RTÉ, RTÉ Transmission Network Limited (féach thuas). Tá liosta sonracha de ghníomhaíochtaí RTÉ, mar aon leis an IBD ina ndéantar iad agus leis an eintiteas dlíthúil ina dtuairiscítear iad, a chaitear a thuiscint chun an t-eolas seo ar mhíreanna a léirmhíniú, leagtha amach i nóta 10 leis na ráitis airgeadais seo.

Chomh maith leis na sé IBD feidhmíonn RTÉ An Ceannáras Corparáideach agus na Seirbhísí Roinnte Lárnacha. Tá Ceannáras Corparáideach comhdhéanta de ghníomhaíochtaí riaracháin ghinearálta agus de ghníomhaíochtaí eile a eascraíonn ag an leibhéal eintitis a bhaineann le rialachas RTÉ mar Chraoltóir Seirbhíse Poiblí. Cuimsíonn Seirbhísí Roinnte Lárnacha gníomhaíochtaí a dhéantar go lánach thar ceann na IBDanna. Ní tuairiscítear costais ag leibhéal IBD, cainéil nó seirbhíse ach amháin na costais a bhaineann le gníomhaíochtaí na Seirbhísí Roinnte Lárnacha, agus a thabhaítear, mar sin, go lánach thar ceann na IBDanna. Ní dhéantar costais an Cheannárais Chorporáidigh a leithroinnt ar IBDanna, agus tuairiscítear é mar mhír réitithe idir costais na míreanna tuairiscithe agus an costas iomlán.

(b) Eolas míre

Tá anailís míre, a ullmhaítear de réir IFRS 8 *Míreanna Oibríochta*, leagtha amach i sceidil ag 1(d) agus 1(e). Is iad príomh-mhíreanna tuairiscithe RTÉ ná a gcuid IBDanna, a míreanna gnó.

Anailís míre de réir IBD

Cuirtear anailís míre de réir IBD i láthair sna sceidil 1(d) agus 1(f). Sna sceidil atá leagtha amach ag 1(d), tuairiscítear ioncam tráchtála san IBD ina dtuilltear é. Seachas an IBD Nuacht agus Cúrsaí Reatha, is feidhm é tuairisciú ioncaim ón Táille Cheadúnais laistigh de gach IBD dá leithdháileadh ar gach cainéal agus seirbhís ar leithligh (féach thíos). I gcás an IBD Nuacht agus Cúrsaí Reatha, tá na costais go léir, seachas luach an aschuir nuachta a chuirtear ar fáil do RTÉ 2fm, clúdaithe ag ioncaim ón Táille Cheadúnais leithdháilte.

Tuairiscítear costais a thabhaítear go díreach ag IBD agus ar son IBD laistigh den IBD sin. Sa chás go dtabhaítear costais ag Seirbhísí Roinnte Lárnacha thar ceann IBD, nó ag IBD amháin thar ceann IBD eile, úsáidtear bonn leithdháilte glactha/úsáide costais iomlán iomchuí chun costais coir agus réasúnta maidir leis na seirbhísí idir-rannáin a úsáideann na IBDanna sin a chur i bhfeidhm. Bunaítear na leithdháiltí ar phrionsabail chuntasaíochta costais a bhíonn curtha i bhfeidhm go leanúnach agus inchosanta go hoibiachtúil.

Tabhaítear costais léiriúcháin, choimisiúnaithe agus ghnóthaithe na gclár teilifíse agus raidió chun cainéil teilifíse agus raidió saor-go-haer RTÉ a sholáthar. Gearrtar na táillí sin ar IBDanna Teilifíse, Raidió agus Nuacht agus Cúrsaí Reatha mar is cuí. Le gur féidir costais iarbhrí a bhaineann le cainéil teilifíse agus raidió saor-go-haer a léiriú ní chionroinntear na costais sin ar IBD Foilsitheoireachta áit a sothláthraítear deiseanna breise rochtaine ar an ábhar via seirbhísí Ar líne, gréasán-bhunaithe, saor in aisce RTÉ. Sa chás go dtabhaítear costais shainiúla chun cearta Ar líne a fháil nó chun aidhm an ábhair a athrú gearrtar iad sin ar IBD Foilsitheoireacht. Nuair a fhaightear ábhar le cur isteach i gclár chraolta nó le húsáid go díreach i seirbhísí Ar líne leithroinntear an costas a bhaineann leis an ábhar sin a fháil ag baint úsáide as bunús ionsú lánchostais / leithdháilte úsáid chuí chuig na IBDanna Craolta agus Foilsitheoireachta.

Chun críocha anailís na míre IBD, (na sceidil a leagtar amach ag 1(d)), nochtáitear costais an IBD Nuacht agus Cúrsaí Reatha ar leithligh ó Theilifís agus Raidió.

Tugann RTÉNL sonraisc do gach IBD, do sheirbhísí tarchuir agus dáilte, ar bhonn na samhla taraife foilsithe, agus corrlach san áireamh. Sonraiscítear seirbhísí eile RTÉNL ag rátaí tráchtála iomchuí.

Sonraiscéann IBD Teilifíse agus Raidió, IBD Foilsitheoireachta d'fhógraíocht ama craolta ag rátaí margaidh oscailte.

Áirítear ar an eolas a thugtar i ndáil leis na IBDanna Teilifís agus Nuacht agus Cúrsaí Reatha na costais agus muirir i dtaca le hoibleagáid reachtúil RTÉ clár a sholáthar do TG4 de réir pholasáí an Rialtais (féach 1(e) thíos).

Luaitear sócmhainní agus dliteanais de réir IBD tar éis deireadh a chur le sócmhainní agus dliteanais idirchuideachta agus aon bhrabús idirchuideachta de bharr aistrithe inmheánacha, ag 1(f) thíos.

1 Príomhghníomhaíochtaí agus eolas faoi mhíreanna (ar lean)

(c) Anailís eile

Anailís ar ioncam, costais agus barrachas/(easnamh) de réir cainéil, seirbhíse agus seánra craoltóireachta agus idir gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí agus gníomhaíochtaí seirbhíse neamhphoiblí

Sna sceidil atá leagtha amach ag 1(e), tuairiscítear costais agus ioncam tráchtála laistigh de chainéil, seirbhísí agus seánraí craoltóireachta ar bhealach a thagann leis na príonsabail chéanna a úsáidtear chun ioncam agus costais IBD a thuairisciú.

Chun críocha na hanailíse míre cainéil, seirbhíse agus seánra craoltóireachta seo, tá costais an IBD Nuacht agus Cúrsaí Reatha leithdháilte go hiomlán ar na cainéil iomchuí Teilifíse agus Raidió ar bhonn na húsáide iomchuí agus de réir phríonsabail chuntasáochta costais a bhíonn curtha i bhfeidhm go leanúnach agus inchosanta go hoibiachtúil.

Seachas na costais leithdháilte an aschuir nuachta a sholáthraítear do RTÉ 2fm, clúdaíonn ioncam ón Táille Cheadúnais leithdháilte costais iomlán an IBD Nuacht agus Cúrsaí Reatha.

Déantar ioncam ón Táille Cheadúnais a leithdháileadh go comhuaineach ar na cainéil seirbhíse poiblí agus ar na seirbhísí sin lena mbaineann cumas teoranta chun ioncam tráchtála a ghiniúint ina gceart féin agus a dhéantar a mhaoiniú ag ioncam ón Táille Cheadúnais, mar atá riachtanach, d'fhonn seachadadh leanúnach na seirbhíse poiblí a éascú. Tá na seirbhísí faoi shaincheist comhdhéanta de Ghrúpaí Oirfide RTÉ, RTÉ Raidió na Gaeltachta agus RTÉ lyric fm.

Ní bhíonn aon ioncam ón Táille Cheadúnais leithdháilte ar RTÉ 2fm. Gineann an tseirbhís poiblí ioncam tráchtála dóthanach chun a gcostas a chlúdach go hiomlán agus chun ioncam tráchtála dóthanach a ghineadh chun a gcostas a chlúdach go hiomlán agus chun barrachas a ghineadh. Baineadh é sin amach in 2008. Tharla laghdú tobann de 28% in ioncam tráchtála agus easnamh de €1.7 milliún ar fheidhmiú an chainéil in 2009 mar gheall ar dhorch-choinníollacha eacnamaíocha.

Tá maoiniú chostais RTÉ Radio 1 comhdhéanta de:

- fógraíocht agus urraíocht RTÉ Radio 1;
- barrachais arna nginiúint ag gníomhaíochtaí tráchtála IBD Raidió neamhchainéil;
- barrachais arna nginiúint in 2008 ag RTÉ 2fm;

leis an iarmhéid déanta as leithdháileadh ioncaim ón Táille Cheadúnais a bhíonn comhdhéanta de dhá ghné:

- suim comhionann le costas leithdháilte na seirbhísí a sholáthraítear do RTÉ Radio 1 tríd an IBD Nuacht agus Cúrsaí Reatha; agus
- ranníocaíocht chomhardaithe i dtreo chostais léiriúcháin na gclár de dhéantús Éireannach a chraoltar ar RTÉ Radio 1.

Tar éis na leithdháilte a bhfuil tuairisc thuas orthu a aisbhaint, déantar fuíollach an ioncaim ón Táille Cheadúnais a leithdháileadh mar ranníocaíocht i dtreo chostais léiriúcháin na gclár de dhéantús Éireannach ar an dá chainéal teilifíse seirbhíse poiblí de chuid RTÉ, is iad sin RTÉ One agus RTÉ Two. Déantar an méid a leithdháiltear ar gach cainéal a ríomh faoi threoir chostais chomhréireacha na gclár de dhéantús Éireannach do gach cainéal. Ní leithdháiltear aon ghné

d'ioncam ón Táille Cheadúnais ar chostais na gclár ceannaithe a mhaoiniú nó ar chostais oibriúcháin na seirbhísí poiblí neamh-chláir a thabhaíonn na cainéil.

Ní bhíonn ioncam ón Táille Cheadúnais leithdháilte go díreach ar Fhoilsitheoireacht RTÉ, Líonra RTÉ, Ceannáras Corparáideach nó ar aon gníomhaíocht nó seirbhís neamh-chainéil eile. Mar thoradh air sin, ní leithdháiltear aon ghné den ioncam ón Táille Cheadúnais ar sheirbhísí poiblí Ar líne, gréasán-bhunaithe, saor in aisce RTÉ, a ndéantar a mhaoiniú faoi láthair ag barrachais ó gníomhaíochtaí tráchtála agus sin amháin.

Cuirtear na gníomhaíochtaí iarmharacha neamh-chainéil agus neamh-sheirbhíse le chéile faoin gcatagóir "Eile" agus áirtítear orthu IBD Líonra RTÉ, IBD Foilsitheoireachta RTÉ (gan gníomhaíochtaí "Ar líne" san áireamh), gníomhaíochtaí neamh-chainéil laistigh de IBD Teilifíse RTÉ nó de IBD Raidió RTÉ.

Tá na sceidil a leagtar amach ag 1(e) curtha in ord a dhéanann na costais agus ioncam a bhaineann le gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí agus neamh-phoiblí éagsúla a léiriú agus a dheighilt go soiléir chun críocha tuairiscithe. Mar a luadh níos tús sa tuarascáil seo, de bharr go bhfuil an costas do RTÉ maidir leis an raon iomlán gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí a sholáthar go mór os cionn an méid ioncaim ón Táille Cheadúnais, ní féidir a sheachaint go maoiniú ioncam tráchtála seachas maoiniú poiblí cion mhór de gníomhaíocht seirbhíse poiblí RTÉ. Tá seirbhísí poiblí ar líne, gréasán-bhunaithe, saor in aisce á mhaoiniú go hiomlán faoi láthair ag ioncam tráchtála a ghintear trí gníomhaíochtaí eile agus mar sin ní tharraingíonn siad aon leithdháileadh ioncaim ón Táille Cheadúnais.

Eolas Geografach

Freastalaíonn seirbhísí poiblí RTÉ ar shochaí na hÉireann agus tá a gníomhaíochtaí tráchtála coimhdeacha laistigh de Phoblacht na hÉireann den chuid is mó.

Agus eolas á chur i láthair ar bhonn mhír tíreolaíoch, tá ioncam míre bunaithe ar an suíomh tíreolaíoch ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil nó ina soláthraítear na hearraí. Tá sócmhainní míre bunaithe ar shuíomh tíreolaíoch na sócmhainní.

Anailís ar mhuirir líonra ar sheirbhísí RTÉ go léir

In alt 1(g) thíos, déantar na suimeanna arna ngearradh ag RTÉNL ar gach ceann de sheirbhísí RTÉ a aithint go haonair.

Nótaí (ar lean)

atá ina gcuid de ráitis airgeadais an ghrúpa

1 Príomhghníomhaíochtaí agus eolas faoi mhíreanna (ar lean)

(d) Ioncam, costais agus barrachas/(easnamh) de réir IBD (oibríochtaí leanúnacha) ag teacht le struchtúr eagraíochtúil RTÉ, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009:

	MÍREANNA TUAIRISCITHE						EILE			Iomlán don Ghrúpa €'000
	IBD Teilifíse €'000	IBD Raidió €'000	IBD Nuacht & Cúrsaí Reatha €'000	IBD Grúpaí Oifige €'000	IBD Líonra €'000	IBD Folsítheoireachta €'000	Ceannáras Corparáideach €'000	Mír Eisceachtúil €'000	Coigeartuithe Comhdháilthacháin €'000	
Ioncam										
Ioncam ó Fhógraíochta	99,411	29,811	-	3	-	4,104	-	-	(1,658)	131,671
Ioncam ó Úrraíocht	5,888	2,040	-	113	-	910	-	-	-	8,951
Ioncam ó Shaoaráidí	1,663	242	-	304	-	-	-	-	(436)	1,773
Ioncam ó chiorclaíocht agus imeachtaí	-	-	-	1,979	-	4,644	-	-	-	6,623
Ioncam ó tharchur, crann agus túir	-	-	-	-	27,862	-	-	-	(12,802)	15,060
Díolachan ábhair, earraí agus nithe gaolmhara	4,748	1,831	-	48	-	5,702	-	-	(1,905)	10,424
Ioncam tráchtála eile	133	-	-	-	-	69	40	-	(40)	202
Ioncam tráchtála	111,843	33,924	-	2,447	27,862	15,429	40	-	(16,841)	174,704
Leithdháileadh ioncaim ón Táille Cheadúnais	99,740	34,563	52,520	13,394	-	-	-	-	-	200,217
	211,583	68,487	52,520	15,841	27,862	15,429	40	-	(16,841)	374,921
Costais de réir chatagóir aschuir										
Costais clár - de réir foinse										
Léirithe intí	(100,086)	(55,547)	(54,682)	-	-	-	-	-	1,149	(209,166)
Coimisiúin reachtúla	(37,222)	-	-	-	-	-	-	-	-	(37,222)
Coimisiúin neamh-reachtúla	(22,863)	-	-	-	-	-	-	-	6	(22,857)
Cláir a dhéantar in Éirinn	(160,171)	(55,547)	(54,682)	-	-	-	-	-	1,155	(269,245)
Cláir cheannaithe - Éire	(391)	-	-	-	-	-	-	-	-	(391)
Cláir cheannaithe - thar lear	(24,975)	-	-	-	-	-	-	-	-	(24,975)
	(185,537)	(55,547)	(54,682)	-	-	-	-	-	1,155	(294,611)
Costais chraolacháin agus tarchuir ghinearálta	(23,837)	(3,772)	(261)	-	(19,859)	-	-	-	1,636	(46,093)
Muirir tarchuir agus chumhachta RTÉNL	(6,833)	(4,940)	-	-	-	-	-	-	11,773	-
Costais dhíolacháin	(6,590)	(2,742)	-	-	-	(2,810)	-	-	2,738	(9,404)
Costais eile a bhaineann le haschur	(4,717)	(762)	(4)	(15,841)	-	(14,258)	-	-	175	(35,407)
	(227,514)	(67,763)	(54,947)	(15,841)	(19,859)	(17,068)	-	-	17,477	(385,515)
Ioncam agus costais neamhdháilte										
Muirear Athstruchtúrtha	-	-	-	-	-	-	-	(11,341)	-	(11,341)
Ceannáras Corparáideach	-	-	-	-	-	-	(3,769)	-	(145)	(3,914)
Ús iníochta	-	-	-	-	-	-	(625)	-	-	(625)
Ús infhaighte	16	-	-	-	347	-	1,463	-	-	1,826
Barrachas/(easnamh) IBD	(15,915)	724	(2,427)	-	8,350	(1,639)	(2,891)	(11,341)	491	(24,648)
Glan-costas airgeadais a bhaineann le pinsean sochair sainithe										(2,814)
Easnamh roimh cháin ioncaim										(27,462)
Cháin ioncaim										(339)
Easnamh don bhliain										(27,801)

*Deireach a chur le hioncam idirghrúpa agus costais

Nochtadh Deighilteach Breise

Tá ioncam tráchtála comhdhéanta de:

Custaiméirí Seachtracha	108,302	33,466	-	2,447	15,060	15,429	-	-	-	174,704
Ioncam ó mhíreanna oibríochta eile	3,541	458	-	-	12,802	-	-	-	(16,801)	-
	111,843	33,924	-	2,447	27,862	15,429	-	-	(16,801)	174,704

Is ionann custaiméir amháin ar na míreanna tuairiscithe agus €205 milliún d'ioncam iomlán an ghrúpa.

Áirítear ar na míreanna ábhartha nach míreanna airgid iad i gcostais mhíreanna:

Difríocht idir muirear phinsin agus ranníoca airgid thirim	646	358	315	111	40	15	-	-	-	1,485
--	-----	-----	-----	-----	----	----	---	---	---	-------

1 Príomhghníomhaíochtaí agus eolas faoi mhíreanna (ar lean)

(d) Ioncam, costais agus barrachas/(easnamh) de réir IBD (oibríochtaí leanúnacha) ag teacht le struchtúr eagraíochtúil RTÉ, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008:

	MÍREANNA TUAIRISCITHE						EILE			Iomlán don Ghrúpa Mar stá athluaithe** €'000
	IBD Teilifíse Mar stá athluaithe** €'000	IBD Raidió Mar stá athluaithe** €'000	IBD Nuacht & Cursai Reatha €'000	IBD Grúpaí Oifige €'000	IBD Linnra Folsítheoireachta Mar stá athluaithe** €'000	IBD Folsítheoireachta Mar stá athluaithe** €'000	Ceannáras Corparáideach Mar stá athluaithe** €'000	Mir Eisceachtúil Comhdhúlracháin* €'000	Coigeartuithe Comhdhúlracháin* Mar stá athluaithe** €'000	
Ioncam										
Ioncam ó Fhógraíochta	149,110	41,105	-	11	-	5,861	-	-	(484)	195,603
Ioncam ó Úrraíocht	6,168	1,989	-	274	-	945	-	-	-	9,376
Ioncam ó Shaoráidí	1,846	233	-	434	-	-	-	-	(419)	2,094
Ioncam ó chiorclaíocht agus imeachtaí	-	-	-	2,039	-	5,041	-	-	-	7,080
Ioncam ó tharchur, crann agus túir	-	-	-	-	27,599	-	-	-	(12,444)	15,155
Díolachan ábhair, earraí agus nithe gaolmhara	5,053	1,851	-	64	-	4,789	-	-	(1,451)	10,306
Ioncam tráchtála eile	16	-	-	-	-	278	40	-	(40)	294
Ioncam tráchtála	162,193	45,178	-	2,822	27,599	16,914	40	-	(14,838)	239,908
Leithdháileadh ioncain ón Táille Cheadúnais	94,036	32,609	58,739	15,468	-	-	-	-	-	200,852
	256,229	77,787	58,739	18,290	27,599	16,914	40	-	(14,838)	440,760
Costais de réir chatagóir aschuir										
Costais clár – de réir foinse										
Léirithe intí	(120,301)	(64,122)	(61,345)	-	-	-	-	-	761	(245,007)
Coimisiúin reachtúla	(35,868)	-	-	-	-	-	-	-	-	(35,868)
Coimisiúin neamh-reachtúla	(44,025)	-	(1)	-	-	-	-	-	-	(44,026)
Clár a dhéantar in Éirinn	(200,194)	(64,122)	(61,346)	-	-	-	-	-	761	(324,901)
Clár cheannaithe - Éire	(426)	-	-	-	-	-	-	-	-	(426)
Clár cheannaithe - thar lear	(24,695)	(3)	-	-	-	-	-	-	-	(24,698)
	(225,315)	(64,125)	(61,346)	-	-	-	-	-	761	(350,025)
Costais chraolacháin & tarchuir ghinearálta	(28,985)	(1,751)	(142)	-	(21,485)	-	-	-	726	(51,637)
Muirir tarchuir agus chumhachta RTÉNL	(6,557)	(5,184)	-	-	-	-	-	-	11,741	-
Costais dhíolacháin	(7,549)	(3,099)	-	-	-	(2,538)	-	-	524	(12,662)
Costais eile a bhaineann le haschur	(5,621)	(869)	(3)	(18,290)	-	(16,436)	-	-	1,682	(39,537)
	(274,027)	(75,028)	(61,491)	(18,290)	(21,485)	(18,974)	-	-	15,434	(453,861)
Ioncam agus costais neamhdháilte										
Muirear Athstruchtúrtha	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Ceannáras Corparáideach	-	-	-	-	-	-	(5,813)	-	-	(5,813)
Ús iníochta	-	-	-	-	-	-	(752)	-	-	(752)
Ús infhaighte	187	-	-	-	2,178	-	2,150	-	-	4,515
Barrachas/(easnamh) IBD	(17,611)	2,759	(2,752)	-	8,292	(2,060)	(4,375)	-	596	(15,151)
Glan-ioncam airgeadais a bhaineann le pinsean sochair sainithe										5,725
Easnamh roimh cháin ioncain										(9,426)
Cháin ioncain										9,459
Barrachas don bhliain										33

*Deireadh a chur le hioncam idirghrúpa agus costais

**Athluaithe toisc gur glacadh don chéad uair le IFRS 8 *Míreanna Oibríochta* (féach Athrú i bpolasaí cuntasáiochta 2 (b) ar leathanach 60).

Nochtadh Deighilteach Breise

Tá ioncam tráchtála comhdhéanta de:

Custaiméirí Seachtracha	161,973	45,019	-	2,822	15,155	14,939	-	-	-	239,908
Ioncam ó mhíreanna oibríochta eile	220	159	-	-	12,444	1,975	-	-	(14,798)	-
	162,193	45,178	-	2,822	27,599	16,914	-	-	(14,798)	239,908

Is ionann custaiméirí amháin ar mhíreanna Teilifíse, Raidió agus Folsítheoireachta agus €53 milliún d'ioncam iomlán an ghrúpa agus is ionann custaiméirí amháin ar na míreanna tuairiscithe ar fad agus €206 milliún d'ioncam iomlán an ghrúpa.

Áirítear ar na míreanna ábhartha nach míreanna airgid iad i gcostais mhíreanna:

Difríocht idir muirear phinsin agus ranníoca airgid thirim	2,055	1,176	937	325	111	9	-	-	-	4,613
--	-------	-------	-----	-----	-----	---	---	---	---	-------

Nótaí (ar lean)

atá ina gcuid de ráitis airgeadais an ghrúpa

1 Príomhghníomhaíochtaí agus eolas faoi mhíreanna (ar lean)

(e) Anailís ar ioncam, costais agus barrachas/(easnamh) de réir cainéil, seirbhíse agus seánra craoltóireachta agus idir gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí agus gníomhaíochtaí seirbhíse neamhphoiblí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009:

	RTÉ One €'000	RTÉ Two €'000	RTÉ Radio 1 €'000	RTÉ 2fm €'000	RTÉ lyric fm €'000	RTÉ RnaG €'000	Tacaíocht do TG4 €'000	Grúpaí Oifige Corparáideach €'000	Ceannáras €'000	Seirbhísí Ar Line €'000	Eile €'000	Mír Eisceachtúil €'000	Coigeartuithe Cmhhdh- lúthcháin €'000	Iomlán don Ghrúpa €'000
GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEIRBHÍSE POIBLÍ														
Costais chlár a dhéantar in Éirinn														
Léiriú intí	(80,621)	(55,398)	(36,241)	(12,583)	(6,710)	(11,533)	(7,108)	-	-	(121)	-	-	1,149	(209,166)
Coimisiúin reachtúla	(29,493)	(6,543)	-	-	-	-	(1,186)	-	-	-	-	-	-	(37,222)
Coimisiúin Neamh-reachtúla	(17,305)	(2,923)	-	-	-	-	(2,232)	-	-	(403)	-	-	6	(22,857)
	(127,419)	(64,864)	(36,241)	(12,583)	(6,710)	(11,533)	(10,526)	-	-	(524)	-	-	1,155	(269,245)
Costais clár – de réir seánra														
Ealaíona	(1,065)	-	(2,223)	-	(322)	(56)	-	-	-	-	-	-	95	(3,571)
Oideachas	(1,176)	-	-	(9)	(69)	(69)	-	-	-	-	-	-	2	(1,321)
Creideamh	(3,725)	-	(675)	-	-	(86)	-	-	-	-	-	-	26	(4,460)
Clár fíorasacha eile	(33,676)	(1,076)	(2,139)	-	(201)	(2,416)	(1,634)	-	-	-	-	-	96	(41,046)
Fíorasach	(39,642)	(1,076)	(5,037)	(9)	(592)	(2,627)	(1,634)	-	-	-	-	-	219	(50,398)
Drámaíocht	(31,555)	(420)	(540)	-	-	(65)	(426)	-	-	(403)	-	-	17	(33,392)
Siamsaíocht	(19,634)	(6,156)	(3,264)	(2,112)	(412)	(538)	(1,605)	-	-	-	-	-	46	(33,675)
Ceol	(1,194)	(761)	(7,042)	(6,506)	(5,108)	(1,535)	-	-	-	-	-	-	92	(22,054)
Nuacht, Cúrsaí Reatha agus Aimsir	(34,601)	(3,189)	(16,056)	(3,847)	(558)	(5,000)	(5,954)	-	-	-	-	-	706	(68,499)
Spórt	(793)	(39,413)	(4,302)	(108)	-	(1,237)	(9)	-	-	-	-	-	21	(45,841)
Clár do Dhaoine Óga	-	(13,849)	-	(1)	(40)	(531)	(898)	-	-	(121)	-	-	54	(15,386)
Eile	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Clár a dhéantar in Éirinn	(127,419)	(64,864)	(36,241)	(12,583)	(6,710)	(11,533)	(10,526)	-	-	(524)	-	-	1,155	(269,245)
Costais aschuir neamh-chraolacháin a dhéantar in Éirinn														
	(127,419)	(64,864)	(36,241)	(12,583)	(6,710)	(11,533)	(10,526)	(15,841)	-	(4,653)	-	-	19	(20,475)
	(127,419)	(64,864)	(36,241)	(12,583)	(6,710)	(11,533)	(10,526)	(15,841)	-	(5,177)	-	-	1,174	(289,720)
Maoiniú poiblí														
Ioncam ón Táille Cheadúnais a leithdháileadh	87,796	44,693	23,495	-	7,482	12,758	10,599	13,394	-	-	-	-	-	200,217
	(39,623)	(20,171)	(12,746)	(12,583)	772	1,225	73	(2,447)	-	(5,177)	-	-	1,174	(89,503)
Costais gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí eile de réir chatagóir aschuir														
Clár cheannaithe	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
- Éire	(306)	(85)	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	(391)
- thar lear	(14,402)	(10,573)	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	(24,975)
Infheistítear airgead tirim agus taiscí bainc gearrthearma le hinstiúidí a bhfuil rátáil chreidmheasa inghlactha acu le teorainneacha ar mhéideanna a choimeádtar i mbainc nó in instiúidí aonair ag aon am amháin. Léiríonn suim charraeireachta na sócmhainní airgeadais sa chlár chomhardaithe an nochtadh uasta do riosca creidmheasa.

Riosca leachtachta

Is éard is riosca leachtachta ann an riosca nach mbeidh an Grúpa ábalta a chuid oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlíthe. Is é cur chuige RTÉ maidir le leachtacht a bhainistiú a chinntiú, a mhéid agus is féidir, go mbeidh a dhóthain leachtachta aige i gcónaí a chuid oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlíthe, faoi ghnáthchoinníollacha agus faoi choinníollacha struis, gan cailliúintí nach féidir glacadh leo a thabhtú nó gan dul i mbaol damáiste do cháil an Ghrúpa.

Is é polasaí an Ghrúpa airgead breise a infheistiú, i gcuntais taisce téarma go príomha, leata ar roinnt instiúidí.

Riosca margaidh

Is éard is riosca margaidh ann an riosca go mbeidh éifeacht ag athruithe i bpraghsanna margaidh, mar rátaí malartaithe coigríche nó rataí úis, ar ioncam an Ghrúpa nó ar luach a shealúchas ionstraimí airgeadais. Is é cuspóir bhainistiú riosca margaidh ná nochtuithe riosca margaidh a bhainistiú agus a rialú laistigh de pharaméadair is féidir glacadh leo, fad a bhaintear an leas is fearr as an aschur.

Déantar móramh de ghnó na cuideachta in Éirinn. Mar thoradh air sin, bíonn sreabhadh airgid oibríochta agus infheistíochta ainmnithe i Euro den chuid is mó. Eascraíonn nochtuithe airgeadra coigríche go príomha as íocaíochtaí do chlár a cheannaithe agus do chearta spóirt i ndollar na Stát Aontaithe agus i Steirling.

Is é polasaí RTÉ formhór a phríomh-nochtuithe airgeadra coigríche tiomanta a fháil go tráchtáil ag tús gach bliana airgeadais trí dul i mbun réamhchonartháí i ndollar na Stát Aontaithe agus i Steirling. Bíonn aibíocht níos lú ná 18 mí ag gach réamhchonaradh ó dháta an chlár chomhardaithe.

Cinneann RTÉ cibé an gcuirfidh sé cuntasáíocht fhálaithe i leith a chuid ionstraimí airgeadais díorthaigh de réir an idirbhearta nó nach gcuirfidh. Níl cuntasáíocht fhálaithe curtha i leith aon cheann d'ionstraimí airgeadais díorthaigh an Ghrúpa amháin an 31 Nollaig 2009 ná an 31 Nollaig 2008.

(b) Riosca creidmheasa

(i) Nochtadh do riosca creidmheasa

Is ionann suim carraeireachta sócmhainní airgeadais agus an nochtadh creidmheasa uasta. Ba é an nochtadh uasta do riosca creidmheasa amháin an dáta tuairiscithe:

Nóta	Suim carraeireachta		
	2009 €'000	2008 €'000	
Nithe infhaighte trádála	12	38,485	52,803
Airgead tirim agus cóibhéisí airgid	14	17,130	68,267
Infheistíochtaí leachtacha	13	41,718	-

Ba é an nochtadh uasta do riosca creidmheasa maidir le nithe infhaighte trádála amháin an dáta tuairiscithe de réir réigiúin gheografaigh:

	Suim carraeireachta	
	2009 €'000	2008 €'000
Éire	37,128	49,403
An Ríocht Aontaithe	1,320	3,316
Réigiúin eile	37	84
Coinnítear na sócmhainní airgeadais eile go léir le contrapháirtithe in Éirinn.		

Ba é an nochtadh uasta do riosca creidmheasa maidir le nithe infhaighte trádála amháin an dáta tuairiscithe de réir cinéal custaiméir:

Nóta	Suim carraeireachta		
	2009 €'000	2008 €'000	
Féichiúnaithe neamh-ghníomhaireachta	6,525	11,335	
Féichiúnaithe eile - gníomhaireachta	31,960	41,468	
Nithe infhaighte trádála	12	38,485	52,803

Déanann féichiúnaí gníomhaireachta ionadaíocht ar ghníomhaire nó ar ghníomhaireacht fógraíochta, is é sin duine, gnólacht nó cuideachta a roghnaíonn nó a chuireann spás fógraíochta in áiríthint thar ceann an fhógróra.

21 Ionstraimí Airgeadais (Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

Déanann an féichiúnaí is mó atá ag an nGrúpa, cuideachta Éireannach, cuntasaíocht do €6.2 milliún (16%) de shuim carraeireachta na nithe infhaighte trádála amhail an 31 Nollaig 2009 (2008: €6.2 milliún).

(ii) Cailliúintí lagaithe

Ba é aosú nithe infhaighte trádála amhail an dáta tuairiscithe:

	Comhlán 2009 €'000	Lagú 2009 €'000	Comhlán 2008 €'000	Lagú 2008 €'000
Gan thar a bheith dlite	19,123	630	26,675	-
Thar a bheith dlite 0-30 lá	19,492	626	26,059	1,325
Thar a bheith dlite 31-120 lá	1,737	611	1,761	775
Níos mó ná 120 lá	370	370	666	258
	40,722	2,237	55,161	2,358

Mar seo a leanas a bhí an ghluaiseacht sa cheadú do lagú i ndáil le nithe infhaighte trádála i rith na bliana:

	2009 €'000	2008 €'000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	2,358	4,171
Cailliúint lagaithe aitheanta	(121)	(14)
Drochfhíacha díscríobhtha i rith na bliana	-	(1,799)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	2,237	2,358

(c) Riosca leachtachta

Seo a leanas aibíochtaí conartha dhliteanais airgeadais:

31 Nollaig 2009

	Suim carraeireachta €'000	Sreabhadh airgid conartha €'000	6 mí nó níos lú €'000	6-12 mí €'000	> 1-2 bliain €'000
Dlíteanais airgeadais neamh-dhíorthaigh					
Nithe iníoctha trádála	6,309	6,309	6,309	-	-
Fabhruithe	51,258	51,258	51,258	-	-
Sochair d'fhostaithe	34,211	34,211	13,813	5,519	14,879
Dlíteanais airgeadais díorthaigh					
Réamhchonarthaí malartaithe:					
Eisreabhadh	184	17,704	8,875	8,829	-
	91,962	109,482	80,255	14,348	14,879

31 Nollaig 2008

	Suim carraeireachta €'000	Sreabhadh airgid conartha €'000	6 mí nó níos lú €'000	6-12 mí €'000	> 1-2 bliain €'000
Dlíteanais airgeadais neamh-dhíorthaigh					
Nithe iníoctha trádála	9,257	9,257	9,257	-	-
Fabhruithe	60,720	60,720	60,720	-	-
Sochair d'fhostaithe	38,082	38,082	24,618	4,658	8,806
Dlíteanais airgeadais díorthaigh					
Réamhchonarthaí malartaithe:					
Eisreabhadh	148	22,775	10,671	8,510	3,594
	108,207	130,834	105,266	13,168	12,400

(d) Riosca airgeadra**(i) Nochtadh do riosca airgeadra**

Luaitear airgeadra feidhmiúil na n-eintiteas go léir de chuid an Ghrúpa i Euro.

De bharr nádúr ghnéithe áirithe a ghnó, go háirithe cláir theilifíse a cheannaítear agus cearta ó thar lear, bíonn RTÉ nochtaithe d'éifeacht athruithe i rátaí malartaithe airgeadra coigríche. Is iad na hairgeadraí as a eascraíonn an riosca sin Dollair na Stát Aontaithe agus Steirling.

Nótaí (ar lean)

atá ina gcuid de ráitis airgeadais an ghrúpa

21 Ionstraimí Airgeadais (Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

Úsáideann an Grúpa conarthaí malartaithe ar aghaidh, go príomha, chun a riosca airgeadra a fháil. Aithnítear athruithe i luach cóir conarthaí malartaithe coigríche ar aghaidh sa ráiteas ioncaim. Tá luach cóir conarthaí malartaithe ar aghaidh bunaithe ar an bpraghas margaidh liostaithe.

€184,000 bhí luach cóir conarthaí ar aghaidh amhail an 31 Nollaig 2009 (2008: €148,000).

Briseadh síos ar nithe iníoctha trádála de réir Airgeadra

	2009 €'000	2008 €'000
Euro	5,868	8,703
GBP	361	442
USD	8	83
Eile	72	29
	6,309	9,257

Bhí feidhm leis na rátaí malartaithe suntasacha seo a leanas i rith na bliana:

	Meánráta		Dáta tuairiscithe spotráta	
	2009 Euro	2008 Euro	2009 Euro	2008 Euro
USD 1	1.3948	1.4708	1.4406	1.3917
GBP 1	0.8909	0.7963	0.8881	0.9525

(ii) Anailís iogaireachta

Agus rioscaí airgeadra á mbainistiú aige, is é aidhm an Ghrúpa a tionchar a bhíonn ag athruithe gearrtéarma ar thuillimh an Ghrúpa a laghdú. Úsáideann an Grúpa conarthaí ceannaithe ar aghaidh maidir le hairgeadra coigríche chun athraitheacht a eascraíonn as na nochtuithe sin d'airgeadra coigríche a laghdú. Mar thoradh air sin níl nochtuithe suntasacha ag an nGrúpa do ghluaiseachtaí i rátaí malartaithe coigríche.

(e) Rioscaí rátaí úis

Ar an dáta tuairiscithe b'ionann próifíl ráta úis na n-ionstraimí airgeadais faoi ualach úis an Ghrúpa agus:

	Suim carraireachta	
	2009 €'000	2008 €'000
Ionstraimí Ráta Seasta		
Sócmhainní airgeadais	58,514	56,176
Ionstraimí Ráta Inathraithe		
Sócmhainní airgeadais	334	12,091

Bheadh athrú de 100 bonnphointe i rátaí úis tar éis an easnamh a laghdú €0.7 milliún (laghdaigh an easnamh €0.4 milliún in 2008).

(f) Luachanna córa

(i) Luachanna córa i gcomparáid le suimeanna carraireachta

Seo a leanas luachanna córa shócmhainní agus dhliteanais airgeadais, mar aon leis na suimeanna carraireachta a léirítear ar an gclár comhardaithe:

	31 Nollaig 2009		31 Nollaig 2008	
	Suim carraireachta €'000	Luach cóir €'000	Suim carraireachta €'000	Luach cóir €'000
Nithe infhaighte trádála	38,485	38,485	52,803	52,803
Airgead tirim agus cóibhéisí airgid	17,130	17,130	68,267	68,267
Infheistíochtaí leachtacha	41,718	41,718	-	-
Réamhchonarthaí malartaithe:				
Sócmhainní	-	-	-	-
Dlíteanais	(184)	(184)	(148)	(148)
Nithe iníoctha trádála	(6,309)	(6,309)	(9,257)	(9,257)
Fabhruite	(51,258)	(51,258)	(60,720)	(60,720)

(ii) Luacháil ar ionstraimí airgeadais

Tomhaiseann an Grúpa luachanna cothroma ag úsáid an t-ordlathas luachála cothroime a léiríonn tábhacht na n-ionchur a úsáideadh chun na tomhais a dhéanamh.

21 Ionstraimí Airgeadais (Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

Leibhéal 2: Tá luach cothrom na gconarthaí malartaithe ar aghaidh bunaithe ar a spotphraghas.

Déanann an tábla thíos anailís ar ionstraimí airgeadais, a tomhaiseadh ag luach chothrom ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, ag an leibhéal san ordlathas luachála cothroime ina ndéantar an tomhas luachála cothroime a chatagóiriú:

	31 Nollaig 2009 Leibhéal 2 €'000	31 Nollaig 2008 Leibhéal 2 €'000
Réamhchonarthaí malartaithe: Dliteanais	(184)	(148)

(iii) Rátaí úis arna n-úsáid chun teacht ar luach cóir

Bhí aibíocht níos lú ná 18 mí ó dháta an chláir chomhardaithe ag na hionstraimí airgeadais go léir amhail an 31 Nollaig 2009 agus an 31 Nollaig 2008, agus mar sin níl lascaine déanta ar ghlanluach reatha na n-ionstraimí airgeadais díorthaigh agus a luach cóir á gcinneadh mar ní mheastar go bhfuil tionchar an lascainithe ábhartha.

22 Gealltanais airgeadais agus teagmhais**(a) Gealltanais chaipitil**

	Grúpa		RTÉ	
	2009 €'000	2008 €'000	2009 €'000	2008 €'000
Faoi chonradh ach gan soláthar déanta dó	2,244	12,545	35	1,474
Údaraithe ach gan conradh déanta dó	1,010	4,206	-	248
	3,254	16,751	35	1,722

(b) Gealltanais cheannaigh clár/cearta

	Grúpa		RTÉ	
	2009 €'000	2008 €'000	2009 €'000	2008 €'000
Faoi chonradh ach gan soláthar déanta dó	74,164	84,479	74,164	84,479

(c) Gealltanais léasa oibríochta

Gealltanais bhliantúla faoi léasanna oibríochta, go príomha i ndáil le mótarfheithiclí, a rachaidh in éag:

	Grúpa		RTÉ	
	2009 €'000	2008 €'000	2009 €'000	2008 €'000
Laistigh de bhliain amháin	31	52	10	34
Ildir dhá bhliain agus cúig bhliana	-	7	-	7
	31	59	10	41

23 Idirbhearta pháirtithe gaolmhara

Is corparáid reachtúil é RTÉ a bunaíodh faoin *Acht um Údarás Craolacháin, 1960*. Is é an Rialtas, a cheapann comhaltaí Bhord RTÉ.

Soláthraíonn an Grúpa seirbhísí fógraíochta agus seirbhísí comhchosúla eile, agus ceannaíonn earraí agus seirbhísí, le linn a ghnáthghnó chuig ranna Rialtais agus uathu, agus chuig eintitis faoi rialú Rialtas na hÉireann. Bailíonn An Post an Táille Ceadúnais Teilifíse thar ceann na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

Chun críocha cheanglais nochtaithe IAS 24 tá an téarma "príomh-phearsanra bainistithe" (i.e. na daoine sin a bhfuil údarás acu i leith agus freagracht orthu as gníomhaíochtaí na cuideachta a phleanáil, a stiúradh agus a rialú) comhdhéanta de Bhord RTÉ, an Príomh-Stiúrthóir, an Príomhoifigeach Airgeadais, Cinn na Rannán Comhtháite Gnó agus na bpríomhfheidhmeanna corparáide, lena n-áirítear an fhoireann ar fad a thuariscíonn go díreach chuig an bPríomh-Stiúrthóir. B'ionann an méid iomlán luach saothair a íocadh le príomh-phearsanra bainistithe agus €3.7 milliún (2008: €4.1 milliún) agus bhí formhór an mhéid sin comhdhéanta de shochair fhostaithe gearrtéarma.

B'ionann iomlán na nithe iníoctha le gnóthais fhochuideachtaí RTÉ agus €64.30 milliún (2008: €43.93 milliún), amhail an 31 Nollaig 2009.

Cairt

Sa cháipéis *Cairt um Chraolacháin Seirbhíse Poiblí*, a d'fhoilsigh an Rialtas i mí an Mheithimh 2004, aithnítear na treoirphrionsabail do RTÉ agus áirítear ann roinnt riachtanas tuairiscithe ar leith. Pléadh na riachtanais tuairiscithe sin in áit eile sa tuarascáil seo, seachas mar a leagtar amach thíos.

COMHAIRLE LUCHT FÉACHANA

Thionóil an Iar-Chomhairle Lucht Éisteachta a cruinniú deiridh an 13 Samhain 2008 agus chríochnaigh a téarma oifige an 31 Nollaig 2008. Ag tús 2009, cuireadh ceapadh Chomhairle Lucht Éisteachta nua siar go dtí go dtiocfadh reachtaíocht craolacháin nua isteach. Tá RTÉ, an Craoltóir Seirbhíse Poiblí náisiúnta, tiomanta tús áite a thabhairt don lucht éisteachta agus tá sé tiomanta Comhairle Lucht Éisteachta nua a cheapadh.

Forálann Alt 96 den *Acht Craolacháin 2009* do bhunú Chomhairle Lucht Éisteachta. Cuirfear tús le roghnú na Comhairle Lucht Éisteachta faoin *Acht Craolacháin 2009* nuair a chríochnófar gach ceapachán chuig Bord RTÉ.

Ag am a scríofa, tá an Bord i mbun roghnaithe don Chomhairle Lucht Éisteachta nua.

RÁITEAS GEALLTANAS 2009

Sa chéad ráithe den bhliain, d'fhoilsigh RTÉ a *Ráiteas Gealltanais, 2009*. Scaipeadh cóipeanna den doiciméad go forleathan agus foilsíodh ar RTÉ.ie. é, áit ar fhan sé ar feadh na bliana. Bhí gealltanais chainníochtúla sa ráiteas maidir le gníomhaíochtaí corparáideacha agus aschuir agus déantar measúnú orthu gach bliain, thar ceann an Aire Chumarsáide, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha.

Gealltanais Raidió RTÉ

Gealltanais RTÉ Radio 1	Íos-Sprioc		Torthaí
Nuacht agus Cúrsaí Reatha Cláir Nuachta	1,145 uair	Leanúint leis na príomhchláir ar fad - <i>Morning Ireland, News at One, This Week</i> agus <i>World Report</i>	Sáraíodh an gealltanais 1%
Nuacht	50 uair	Builitíní Nuachta	Sáraíodh an gealltanais 24%
Craoladh Seachtrach	40 uair	Ba chóir go gcríoftaí príomhseónna lae agus deireadh seachtaine ó shuíomh réigiúnach ar bhonn rialta	Sáraíodh an gealltanais 35%
Clúdach ar Imeachtaí Speisialta (sna Réigiúin)	15 uair	Sraith speisialta de thairneadtaí agus craoltaí seachtracha ó himeachtaí náisiúnta (m. sh. An Chraobhchomórtas Náisiúnta Treafa, Féilte Ealaíon & Dramaíocht, Cuairt Rás Áigéin Volvo i nGaillimh).	Sáraíodh an gealltanais 6%
Rialtas Áitiúil	6 uair	<i>Grassroots</i> – sraith 12 clár roimh Thoghcháin Rialtais Áitiúil 2009	Níor baineadh amach é seo mar gheall ar shrianta buiséid
Iomlán	1,256 uair		
Spórt	25 uair	Clúdach beo ar rugbaí ó Chorn Heineken	Sáraíodh an gealltanais 44%
	12 uair	Clúdach beo ar rugbaí na Sé Náisiún	Sáraíodh an gealltanais 25%
	20 uair	Clúdach beo ar Chluichí Peile na hÉireann – baile agus as baile	Sáraíodh an gealltanais 30%
Iomlán	57 uair		
Fíorasach			
Cláir Ghaeilge	6.5 uair	Sraith 13 páirt nua de <i>Scríobhnóirí Faoi Chaibidil</i>	Gealltanais comhlíonta
	12 uair	<i>Buille Faoi Thuairim</i> /sraith nua siamsaíochta	Níor comhlíonadh an Gealltanais
	15 uair	<i>Philip King Show</i>	Sáraíodh an gealltanais 140%
Iomlán	33.5 uair		
Fócas Réigiúnach (tras-seánra)	8 uair	Seachtain speisialta de chláir ó Chill Chainnigh chun ceiliúradh a dhéanamh ar Chomóradh 400 bliain na cathrach	Níor comhlíonadh an Gealltanais - 3 uair
Ceol	20 uair	Clúdach iomlán ar fhéilte ceoil in Éirinn a chinntiú lena n-áirítear Fleadh Cheoil na hÉireann, Scoil Samhraidh Willie Clancy, An tOireachtas agus féilte ceoil comhaimseartha	Gealltanais comhlíonta
	8 uair	Líon na léirithe beo i gcláir ghinearálta RTÉ Radio 1 a chothabháil	Sáraíodh an gealltanais 138%
	2 uair	Tionscadal Ceoil Pobail	Níor baineadh amach é seo mar gheall ar shrianta buiséid
Iomlán	30 uair		
Ealaíne	8 uair	Ceiliúradh ar bhreithlaethanta ollmhóra ceathrar pearsa liteartha lena n-áirítear craoladh ar Seamus Heaney ag léamh a chnuasach filíochta ar fad agus foilsíú an bhoscra DLúthdhioscaí den chnuasach sin.	Gealltanais comhlíonta

Cairt (ar lean)

Gealltanais Raidió RTÉ (ar lean)

Gealltanais RTÉ 2fm	Íos-Sprioc		Torthaí
Daoine Óga agus Oideachas	9 uair	Fócas ar scrúduithe	Sáraíodh an gealltanais 78%
	12 uair	Sraith cláir a rinne daoine óga iad féin faoi rudaí atá ábhartha do shaol daoine óga	Níor comhlíonadh é seo de bharr athruithe sa sceideal agus mar gheall gur díríodh ar phróifíl aoise lucht féachana de 25+
Spórt	50 uair	Aschur 2008 a chothabháil	Sáraíodh an gealltanais 4%
Nuacht agus Cúrsaí Reatha	365 uair	Na leibhéil nóiméadaíocht reatha nuachta agus cúrsaí reatha a chothabháil	Gealltanais comhlíonta
Réigiúnach (tras-seánra)	250 uair	Craoltóireacht réigiúnach	Sáraíodh an gealltanais 106%
Siamsaíocht	N/A	Ar thóir tallainne don <i>School of Rock</i> – babhtaí réigiúnacha agus babhta ceannais beo ar an raidió	Gealltanais comhlíonta
Ceol Léiriúchán Ceoil Nua agus Bhunaidh	20 uair	Clúdach ar fhéilte ceoil an tsamhraidh trí Chraoladh Seachtach: Féilte <i>Oxygen</i> agus <i>Electric Picnic</i>	Gealltanais comhlíonta
	8 uair	Clúdach ar imeacht ceoil beo aon lae amháin – <i>Life Festival</i>	Gealltanais comhlíonta
	30 uair	<i>2fm2Moro2our</i> - 10 seó beo ag tacú le tallann na hÉireann	Níor comhlíonadh é seo -athruithe sa sceideal agus díríodh ar lucht féachana 25+
	80 uair	Coimisiúin craolacháin mheascán damhsa bhunaidh	Níor comhlíonadh an Gealltanais
	240 uair	Seisiúin bhannaí i stiúideo fhuaimiúil a taifeadadh i Stiúideo 8 (seisiúin lae) – 30 seisiúin	Sáraíodh an gealltanais 103%
	140 uair	Aschur ceoil bheo 3.5 uair in aghaidh na seachtaine lena n-áirítear ceol damhsa/ <i>Oxygen</i> 10 uair in aghaidh an lae/ <i>Hifi</i> 10 uair in aghaidh an lae Soláthar aschuir ceoil bheo do RTÉ 2XM (RTÉ Digiteach)	Sáraíodh an gealltanais 45%
	50 uair	Ceol taifeadta beo	80% den ghealltanais comhlíonta
EBU	20 uair	30 tairiscint	Sáraíodh an gealltanais 53%
	N/A	Ag tacú le dhá bhanna Éireannacha ag Féile Eurosonic 2009	Gealltanais comhlíonta
Ceol Nua Éireannach	1,000 uair	20 uair sa tseachtain – ceol nua Éireannach, ag tacú le cumadóirí, amhránaithe agus ceoltóirí	Gealltanais comhlíonta
lomlán	1,588 uair		

Gealltanais Raidió RTÉ (ar lean)**Gealltanais RTÉ Raidió na Gaeltachta**

Gealltanais RTÉ Raidió na Gaeltachta	Íos-Sprioc		Torthaí
Dramaíocht	3 uair	Sraith drámaíochta nua ó Darach Ó Scolaí – 3 x 60 nóiméad	Níor comhlíonadh an Gealltanais Comhlíonadh 2 as 3 – in aghaidh mhaoiniú BCI Fuaim & Fís
Fiorasach	10 uair	Clár cócaireachta sainiúil seachtainiúil 40 x 15 nóiméad	61% den ghealltanais comhlíonta – bhí tionchar ag na hathruithe ar sceideal an Fhómhair ar an easnamh.
	6.75 uair	Cláir Fhaisnéise/gnéchláir - 9 gclár x 45 nóiméad	
	5.25 uair	Sraith nua faoi stair na hÉireann, <i>Scéala Éireann</i> , 26 clár x 12 nóiméad	
	40 uair	<i>Cois Laoi</i> - 40 clár x 60 nóiméad	
	18 uair	<i>Blas</i> - 40 clár x 28 nóiméad	
	40 uair	<i>Oideas agus Oidhreacht</i> - 40 clár x 60 nóiméad	
Iomlán	120 uair		
Oideachas	30 uair	Clár Oideachais <i>Céim ar Chéim</i> – 40 clár x 45 nóiméad	50% den ghealltanais comhlíonta mar gheall ar na hathruithe ar sceideal an Fhómhair
Daoine Óga	30 uair	<i>iClub</i> – Clár don Aos Óg – 40 clár x 45 nóiméad	50% den ghealltanais comhlíonta mar gheall ar na hathruithe ar sceideal an Fhómhair
Ceol Réigiúnach (tras-seánra)	40 uair	<i>Thar Tír Isteach</i> – clár ceoil ó Bhéal Feirste 40 clár x 60 nóiméad	50% den ghealltanais comhlíonta
Nuacht agus Cúrsaí Reatha	870 uair	Seirbhísí nuachta reatha a chothabháil	Sáraíodh an gealltanais 2%
	120 uair	Irishclár ó Bhaile Átha Cliath - 4 chlár in aghaidh na seachtaine x 45 nóiméad x 40 seachtain	Sáraíodh an gealltanais 45%
	30 uair	Clár díospóireachta seachtainiúil ó Bhaile Átha Cliath faoi chúrsaí reatha - 36 clár x 50 nóiméad	60% den ghealltanais comhlíonta mar gheall ar na hathruithe sa sceideal
Iomlán	1,020 uair		

Cairt (ar lean)

Gealltanais Raidió RTÉ (ar lean)

Gealltanais RTÉ lyric fm	íos-Sprioc		Torthaí
Ealaíne	25 uair	Builitín eolais ealaíne seachtainiúil, <i>Culture File</i> . Eolas ar fhéilte agus imeachtaí ar fud oileán na hÉireann	Sáraíodh an gealltanais 8%
Nuacht agus Cúrsaí Reatha	180 uair	Nuacht RTÉ lyric fm a leathnú arna soláthar ag an rannán Nuachta agus Cúrsaí Reatha agus ábhar dá mbuilitíní féin	Sáraíodh an gealltanais 7%
Ceol, lena n-áirítear seo a leanas:	Gealltanais iomlán 392 uair:		
Seónna Beo	6 uair	The <i>JK Ensemble Sessions</i> : Ó tharla gur éirigh chomh maith leis na <i>JK Ensemble Sessions</i> sa Button Factory i bhFómhar 2008, beidh imeacht ann faoi dhó sa bhliain as seo amach, a cheadóidh taifeadadh agus cur chun cinn ar 5 x 2 léirithe ceoil ó cheol clasaiceach agus snagcheol go ceol comhaimseartha, traidisiúnta agus nua	Níor comhlíonadh an Gealltanais - athruithe ar sceideal an Fhómhair – faoin sprioc de 50%
Taifeadadh Stiúideo	6 uair (12 seisiún x 0.5 uair)	Craolfaidh RTÉ lyric fm ceol beo ar an aer le 12 seisiún stiúideo acu i rith na bliana a bheidh dírithe ar cheoltóirí Éireannacha agus idirnáisiúnta agus beidh ceol comhaimseartha agus clasaiceach le cloisteáil chomh maith, nach mbíonn le cloisteáil ar stáisiún raidió in Éirinn de ghnáth	Gealltanais comhlíonta
EBU	50 uair (40 tairiscint 1.25 uair)	Tairiscintí maidir le Grúpaí Oirfide agus ábhar Éireannach chuig an EBU a chothabháil	Gealltanais comhlíonta
	330 uair	Ábhar ceolchoirme a fháil ón EBU agus é a chraoladh	Sáraíodh an gealltanais 11%
Oideachas agus For-rochtan	45 cuairt	Oideachas & For-rochtain a chothabháil lena gcuirfead scoileanna & institiúidí 3ú leibhéal san áireamh (cuairteanna, ní craoltaí), agus beidh an Cumadóir Cónaithe nuacheaptha rannpháirteach ann	Rinneadh 43 cuairt – cuireadh 2 chuairt siar go dtí 25 Eanáir 2010
Foilsitheoireacht CD	3 CD	Is é aidhm lipéad Dhlúthdhiosca RTÉ lyric fm ná, i measc nithe eile, ceoltóir Éireannach ón am a caitheadh nó an lae inniu, a chur chun cinn & cúnaimh a thabhairt do Chumadóir Éireannach lucht féachana níos leithne a aimsiú. Chun na críocha sin, foilseoidimid 3 Dhlúthdhiosca ar ardchaighdeán in 2009	Gealltanais comhlíonta
Cumadóir Cónaithe	3 chumadóireacht	Cumadóir Cónaithe: Do 2008 - 2009 tá Cumadóir Cónaithe ceaptha againn, Elaine Agnew (www.rte.ie/lyricfm/composer), do théarma dhá bhliain	Gealltanais comhlíonta

Gealltanais Theilifís RTÉ**Gealltanais Bhuaicuaire RTÉ One**

	Íos-Sprioc (uair)	Torthaí
Fíorasach (Áraithear seánra na healaíona, oideachas, reiligiún agus seánra fíorasach eile sa chatagóir seo)	304	Sáraíodh an gealltanais 24%
Drámaíocht	108	Sáraíodh an gealltanais 21%
Nuacht agus Cúrsaí Reatha agus Aimsir	595	Sáraíodh an gealltanais 1%
Siamsaíocht agus Ceol	273	Cailleadh amach ar an sprioc de 7% (Mar gheall gur chríochnaigh <i>Tubridy Tonight</i> i mBealtaine 2009)
Iomlán	1,280	Sáraíodh gealltanais iomlán RTÉ One 7%

Gealltanais Bhuaicuaire RTÉ Two

	Íos-Sprioc (uair)	Torthaí
Fíorasach (Áraithear reiligiún agus fíorasach eile sa chatagóir seo)	11	Sáraíodh an gealltanais 245%
Drámaíocht	8	Sáraíodh an gealltanais 1%
Nuacht agus Cúrsaí Reatha agus Aimsir	80	99% den ghealltanais comhlíonta. Cailleadh amach ar sprioc de 1% mar gheall gur cuireadh <i>News on Two</i> sa sceideal lasmuigh den bhuaic-am
Siamsaíocht agus Ceol	101	Sáraíodh an gealltanais 8%
Iomlán	200	Sáraíodh gealltanais iomlán RTÉ Two 17.5%

Teilifís RTÉ – ar an dá chainéal, i gcónaí

	Íos-Sprioc (uair)	Torthaí
Daoine Óga	788	Sáraíodh an gealltanais 3%
Spórt	527	Sáraíodh an gealltanais 33%
Nuacht agus Cúrsaí Reatha agus Aimsir	1,151	Sáraíodh an gealltanais 8.5%
Fotheidealú	7,300	Sáraíodh an gealltanais 9.5%
Iomlán	9,766	Sáraíodh gealltanais iomlán RTÉ 10%

Cairt (ar lean)

Gealltanais Foilsitheoireachta RTÉ

Foilsitheoireacht RTÉ

An RTÉ Player a sheoladh

Cur le líon cuairteoirí ar-líne trí mhéadú 15% ar a laghad in aghaidh na míosa ar an lucht úsáide

An tseirbhís téacs RTÉ Aertel Digiteach a sheoladh ar ardáin teilifíse

Seirbhís fheabhsaithe maidir le faisnéis na haimsire a sheoladh ar an idirlíon, ar teilithéacs agus ar chóras fón póca

Cur le freastal RTÉ ar Éireannaigh thar lear

Torthaí

D'éirigh go geal le seoladh an RTÉ Player í mí Aibreán 2009

B'ionann na húsáideoirí míosúla in 2009 agus 2.68 milliún cé gurbh ionann na meánúsáideoirí míosúla in 2008 agus 2.23 milliún. Bliain ar bhliain léiríonn sé seo ardú de 20%.

Níor seoladh Téacs Digiteach RTÉ Aertel ar ardáin Teilifíse in 2009 ó tharla gur cuireadh siar an dáta seolta DTT go dtí 2010. I rith na bliana forbraíodh RTÉ Aertel Digiteach soghluaiste agus rinne Foilsitheoireacht tástáil air.

Sa timpeallacht eacnamaíoch atá ag éirí níos measa ní raibh ciall tráchtála an tseirbhís aimsire fheabhsaithe a sheoladh mar a bhí beartaithe.

In 2009 d'fhorbair Foilsitheoireacht RTÉ leagan idirnáisiúnta den RTÉ Player a seoladh go rathúil in Eanáir 2010. I rith 2009 lean Foilsitheoireacht RTÉ ar aghaidh ag cur le tionchar RTÉ ar phobail de bhunadh na hÉireann thar lear trí réimse agus méid an ábhair atá ar fáil ar láithreáin gréasáin RTÉ a leathnú.

Gealltanais Ghrúpaí Oirfide RTÉ

Grúpaí Oirfide RTÉ

I rith 2009, tabharfaidh Grúpaí Oirfide RTÉ iomlán de 190 de léiriú poiblí. Ar na léirithe seo beidh:

63 – Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ (RTÉ NSO)

5 – RTÉ NSO le Cór Fiolarmónach RTÉ

80 – Ceolfhoireann Cheolchoirme RTÉ (RTÉ CO)

30 – Ceathairéad Vanbrugh RTÉ

9 – Cór na nÓg RTÉ

3 – Aoí-Ensemble.

Rachaidh Grúpaí Oirfide RTÉ i mbun iomlán de 84 sheinn, de cheardlanna agus de chainteanna oideachais agus beidh siad gafa le Teilifís, le Raidió agus le Taifeadh.

Torthaí

Chuir siad 60 léiriú i láthair

5 – Gealltanais comhlíonta

Chuir siad 78 léiriú i láthair

30 - Gealltanais comhlíonta

9 - Gealltanais comhlíonta

Chuir siad 2 léiriú i láthair

77 - 92% den ghealltanais comhlíonta

TUARASCÁIL AR CHLÁIR GHAELGE

Teilifís RTÉ

In 2009 thug Rannóg na gClár Gaeilge roinnt sraitheanna nua ar an aer ar RTÉ One. Rinne *Cloch le Carn* comóradh ar bhás Conor Cruise O'Brien, Tony Gregory, Nuala O'Faolain agus Joe Dolan, a rinne léiriú cuiditheach ach criticiúil uaireanta ar dhaoine i mbéal an phobail.

Nocht *CSÍ*, sraith nua clár faisnéise ar scéalta coireachta stairiúla in Éirinn ó na 1880idí go dtí na 1970idí, castaí nach raibh súil leo, le hanailís fhóirínseach nua-aimseartha agus athbhreithniú ar fhuarchásanna. Tharla díospóireacht sna meáin náisiúnta mar gheall ar *CSÍ – Cork's Bloody Secret*. Fuair an tsraith ainmniúchán do IFTA agus bhí ar ghearrliosta na Féile Meán Ceilteach.

Bhí an paisean a bhaineann le rásaíocht capall de chineál neamhghnách sa chlár *Gioddaíup* ag 'rásaí slapper' sa Daingean, i nGaoth Sáile agus i mBaile an Bheileogaigh.

Rinne an dara sraith den chlár *Garda ar Lár* cur síos ar chúig chás inar maraíodh comhalta den Gharda Síochána agus iad i mbun dualgais. Bhí *Scannal* ar ais in 2009 ag cur síos ar eachtraí suntasacha agus ar údair iontais le blianta beaga anuas.

Rinne RTÉ coimisiúnú ar chlár faisnéise do Lá Nollag a lean na deartháireacha Mulkerrins ó Oileáin Árann tar éis dóibh an *The All-Ireland Talent Show* a bhuachaint.

Mar is gnách rinne RTÉ iarracht speisialta feadh na heagraíochta do Sheachtain na Gaeilge. Rinne clár, lucht leanúnachais, láithreoirí nuachta agus lucht aimsire fud raidió agus teilifíse iarracht an méid Gaeilge agus ab fhéidir a úsáid ar an aer le linn na hócáide. Chabhraigh cainteoirí Gaeilge i ngach réimse de RTÉ trí chomhairle agus aistriúcháin a sholáthar. Rinne Teilifís RTÉ coimisiúnú ar sraith nua *An bhFuil Cead Agam?* a bhí ar an aer le linn na hócáide agus lean grúpa daoine fásta a d'fhreastail ar choláiste Gaeilge agus a raibh orthu cloí leis na rialacha ar nós gur Gaeilgeoirí óga a bhí iontu. D'éirigh go han-mhaith leis an tsraith agus fuair sé léirmheasanna maithe.

Nuacht

In Iúil 2009 sheol Tom Savage, Cathaoirleach RTÉ, agus Peter Quinn, Cathaoirleach TG4, seirbhís Nuacht Theilifís RTÉ ón ionad tarchuir nua i gCeanncheathrú TG4 i mBaile na hAbhann, Conamara.

Ó 1996 i leith tá RTÉ ag soláthar seirbhís nuachta laethúil do TG4 ag an gceanncheathrú i mBaile na hAbhann. Ciallaíonn athlonnú sheirbhís Nuacht RTÉ chuig an láthair chéanna éifeachtachtaí agus sineirgíochtaí níos fearr idir an dá sheirbhís. Rinne an Taoiseach Brian Cowen cur síos ar an bhforbairt mar "loighciúil" agus dúirt sé gurbh í "Gaeltacht Chonamara baile nádúrtha sheirbhís Nuacht RTÉ".

Craoltar Nuacht ar RTÉ One gach lá ag 17.45 ó Bhaile na hAbhann.

Raidió RTÉ

Ba bhliain thábhachtach a bhí inti d'aschur Gaeilge ar Raidió RTÉ.

Rinne RTÉ Raidió na Gaeltachta ceiliúradh ar thorthaí shuirbhé TNSMRBI (Ipsos MRBI anois) in 2009 a léirigh go raibh an sroicheadh is airde bainte amach ag an stáisiún ó cuireadh tús le suirbhéanna. Thuairisc 60% díobh sin a ndearnadh suirbhé orthu sna croí-réigiúin gur éist siad le RTÉ Raidió na Gaeltachta. Thuairisc an stáisiún ráta sástachta iomlán de 91% chomh maith, agus chuir sé fáilte roimh an nuacht sin i ndiaidh dó Stáisiún Raidió na Bliana 08/09 a bhaint amach ag an bhFéile Meán Ceilteach. I measc na ngradam eile a bhain an stáisiún amach bhí *Admhaidin* an Clár Raidió is Fearr ag Gradaim an Oireachtais 2009 agus bhain Rónán Mac Aodha Bhuí amach Pearsantacht Raidió na Bliana ag an ócáid chéanna. Idir an dá linn, ainmníodh Gearóid Mac Donncha mar Iriseoir na Bliana ag Gradaim na Meán Náisiúnta 2009.

Bhí páirt lárnach ag RTÉ Raidió na Gaeltachta ag Seoladh an tSéasúir Nua de sceidil Raidió RTÉ i Lúnasa 2009. Ba é sin an chéad chomhsheoladh dá chineál de sheirbhísí FM RTÉ Raidió, le pearsantachtaí Raidió na Gaeltachta ag glacadh páirte le taobh a gcomhghleactaithe ó RTÉ Radio 1, RTÉ Lyric agus RTÉ 2fm.

Ar RTÉ Radio 1, tharraing tráth na gceist ginearálta Gaeilge *Buille Faoi Thuairim* clubanna de gach cineál ón gceithre chúige. Eagraíodh tráth na gceist uile oileáin i gcomhar le Gael-Linn. Idir an dá linn, tugadh aird arís ar bhéaloideas Ghorta Mór na 1840idí sa chlár *Glórtha ón Ghorta* le Cathal Póirtéir agus rinneadh ceiliúradh arís, mar is gnách, ar Sheachtain na Gaeilge, ar RTÉ Radio 1 agus ar RTÉ Raidió na Gaeltachta.

ROCHTAIN UILÍOCH AR SHEIRBHÍSÍ

Teilifís RTÉ


In 2009 leagadh an bhéim ar fad ar leathnú amach infrastruchtúr DTT. Áiríodh air sin na láithreacha tarchuir nua i gCill Mhantáin, Port Láirge, Loch Garman agus Gaillimh a shuiteáil.

Raidió RTÉ


In 2008 leathnaíodh an tseirbhís raidió Cluas-Chraoladh Digiteach (DAB) a bhí ag feidhmiú i gCúige Laighean feadh chóstaí Bhaile Átha Cliath agus Dhún Dealgan chuig cathair Chorcaí agus cathair Luimnigh. In 2009 leathnaíodh na seirbhísí go dtí an láthair tarchuradóireachta i gCipiúr a chlúdaíonn Co. Chill Dara agus páirteanna de Cho. Chill Mhantáin, Co. Laoise agus Co. Uíbh Fhailí. Iompraíonn seirbhís DAB aon déag seirbhís raidió RTÉ.

Eolas Staitisticiúil Eile


Aonad eolais RTÉ - fiosrúcháin a láimhseáladh



Iarratais ar Shaoráil Faisnéise chuig RTÉ (gan STnaG san áireamh)



Breithnithe an BCC ar ghearáin maidir le haschur RTÉ



* Seasadh le dhá ghearán ar fhorais chaoibhéasa agus chuibhis in aghaidh an chláir teilifíse *This is Nightlive*, gearán amháin in aghaidh *The Late Late Show* mar gheall ar fhorhuiniú polaitíochta ó rannpháirtí agus gearán eile in aghaidh an chláir raidió, *Colm and Jim-Jim's Breakfast Show*, ar fhorais chaoibhéasa agus chuibhis.

Gradaim RTÉ 2009

Bhain RTÉ 139 gradam agus 218 ainmiúchán amach in 2009, an dara toradh is airde go dtí seo. Ghlac Raidió RTÉ, Teilifís RTÉ, Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ agus RTÉ.ie páirt i ngach seánra clár sna comórtais mhóra ag an baile agus thar lear.

Bhain Raidió RTÉ amach gradam Prix Europa mór le rá agus déirigh leis bonn óir agus ceithre bhonn airgid domhanda a bhaint amach ag Féilte Nua Eabhrac. Bhuaigh Raidió RTÉ 24 gradam ar fad ag Gradaim PPI.

Lean Teilifís RTÉ ar aghaidh ag feidhmiú go láidir. Bhain Drámaíocht RTÉ gradam idirnáisiúnta ollmhór ag Gradaim Theilifíse Monte Carlo, agus bhí os cionn 22 tír san iomaíocht. Bhain na foirne Bolscaireachta agus Dearadh Clár intí gradaim thionscail shuntasacha.

Ag an bhFéile Meán Ceilteach, bhí RTÉ in iomaíocht le os cionn 400 iontráil agus bhain sé ceithre ghradam catagóire amach.

Gradaim RTÉ 2009

Comórtas	Iontráil	Catagóir
Age Action Awards	RTÉ Pensioners' Newsletter: Charles Byrne	Cumarsáidí Grúpa na Bliana
AIB (Assoc. International Broadcasters) Award	Prime Time Investigates: Travellers	An Clár Faisnéise Inscrúdaithe is Fearr: Molta go hArd
Anney International Film Festival	The Secret Of Kells	Gradam an Lucht Féachana
Cartoon Movie	The Secret Of Kells	Léiritheoir na Bliana
Cartoon Movie	The Secret Of Kells	Stiúrthóir na Bliana
Celtic Media Festival	Patrick McCabe: Blood Relations	Na hEalaíona
Celtic Media Festival	RTÉ Raidió na Gaeltachta	Stáisiún Raidió na Bliana
Celtic Media Festival	Whistleblower	Drámaíocht
Celtic Media Festival	In The Name Of The Fada	Siamsaíocht Fhíorasach
Chartered Institute of Logistics and Transport	Paul Murphy	Iriseoir Iompair na Bliana
Chicago Irish Film Festival	Granny O' Grimm	Gradam an Lucht Éisteachta, An Gearrscannán is Fearr
Cine Gael Montreal	Granny O' Grimm	Gradam an Lucht Éisteachta, An Gearrscannán is Fearr
CIRCOM	Pobal	Irishclár
CIRCOM	Red	Gréasán
Cork Film Festival	Film From My Parish	An Ghearrbheochan Éireannach is Fearr- Tagairt Ghradamach
Cork Film Festival	Film From My Parish	Gearrbheochan Eorpach Is Fearr- Tagairt Ghradamach
Cork Film Festival	Free Chips Forever!	An Gearrscannán is Fearr
DAM Short Film Festival, USA	Granny O' Grimm	Beochan is fearr (An Dara hÁit)
Dance Music Awards	The Spring Sessions	An Seó Raidió is Fearr
Denver Starz Festival, USA	Granny O' Grimm	An Gearrscannán is Fearr
Dublin International Film Festival	The Secret Of Kells	An Scannán Éireannach is Fearr
Dubliner Of The Year	Ryan Tubridy	Baile Átha Cliathach na Bliana
Edinburgh International Film Festival	The Secret Of Kells	Gradam an Lucht Éisteachta
EBU INAP Awards	Olympic Games 2008	Cur Chun Cinn Spóirt is Fearr
European Reporter's Cup	Seán Mac an tSithigh	Príomhghradam
Evening Standard British Film Awards	Garage: Pat Shortt	An tAisteoir is Fearr
Fastnet Film Festival	Of Best Intentions	An Ceol is Fearr
Filmare, Rome	Of Best Intentions	An Ghearrbheochan Idirnáisiúnta Is Fearr
Filmare, Rome	Of Best Intentions	Cineamatagrafaíocht is Fearr
Filmfest Emden-Norderney	The Wednesdays	An Gearrscannán is Fearr
GAA McNamee Awards	Spórt An Domhnaigh	Catagóir na Gaeilge
Golden Spider Awards	Morning Ireland	Láithreán Gréasáin Meán Digiteach is Fearr
Gradaim Cumarsáide an Oireachtas	Admhaidin (RTÉ Raidió na Gaeltachta)	Clár Raidió na Bliana
Gradaim Cumarsáide an Oireachtas	In The Name Of The Fada	Sraith Teilifíse is Fearr
Gradaim Cumarsáide an Oireachtas	Rónán MacAodha Bhuí	Pearsa Raidió is Fearr
Gradaim Cumarsáide an Oireachtas	Seán Bán Breathnach (RTÉ Raidió na Gaeltachta)	Gradam Saoil
Grand OFF International, Warsaw	The Door	Cineamatagrafaíocht is Fearr
Heart Of Gold, Australia	Granny O' Grimm	An Bheochan is Fearr
Heart Of Gold, Australia	New Boy	An Scannán is Fearr
Heart Of Gold, Australia	New Boy	An Ghearrscannán is Fearr
HSE Community Games Media Awards	Six One News: Ciaran Mullooly	Duais Meán
HSE Community Games Media Awards	Pobal: Joe Reddington	Duais Meán
IFTA Awards	32A: PJ Dillon	Stiúrthóir Grianghrafadóireachta
IFTA Awards	Bertie	Sraith Faisnéise is Fearr
IFTA Awards	Cromwell in Ireland	Clár Aonair Faisnéise is Fearr
IFTA Awards	Eden: Eileen Walsh	Ban-Aisteoir is Fearr i bPríomhról, Scannán
IFTA Awards	Granny O' Grimm	Beochan is Fearr
IFTA Awards	In The Name Of The Fada	Fíorasach
IFTA Awards	In The Name Of The Fada	Gradam Éireannach Speisialta
IFTA Awards	Prime Time Investigates: Cocaine	Cúrsaí Reatha
IFTA Awards	Raw: Charlene McKenna	Ban-aisteoir is Fearr i bPríomhról, Teilifís
IFTA Awards	Whistleblower	Dráma Aonair is fearr
IFTA Awards	The Door	An Gearrscannán is Fearr
IFTA Awards	Outside The Box	Duais Meán
Inclusion Ireland Media Awards	Beijing Olympic Games:RTÉ Graphics	Dearadh Léiriúcháin Teilifís/Scannán/Amharclann
Institute Of Designers In Ireland	Late Late Show:RTÉ Graphics	Dearadh Seit Teilifís/Scannán
Institute Of Designers In Ireland	Late Late Toy Show:RTÉ Graphics	Dearadh Seit Teilifís/Scannán
Institute Of Designers In Ireland	New Season TV Launch:RTÉ Graphics	Dearadh Léiriúcháin Teilifís/Scannán/Amharclann: RTÉ Graphics
Institute Of Designers In Ireland	On The Street Where You Live:RTÉ Graphics	Dearadh Teidil agus Brandáil Teilifís/Scannán : Stephen Mac Devitt agus Conor Cassidy
Institute Of Designers In Ireland	T.O.A.S.T: RTÉ Graphics	Dearadh Léiriúcháin Teilifís/Scannán/Amharclann
Institute Of Designers In Ireland	The Late Late Toy Show:RTÉ Graphics	Dearadh Seit Léiriúcháin Teilifís/Scannán/Amharclann: Darragh Treacy
International Shark Advertising Awards	Phone Book	Script is Fearr: Gradam Cré-umha
International Shark Advertising Awards	Premier Soccer Saturday	Stiúradh is Fearr: Gradam Cré-umha
International Shark Advertising Awards	Prime Time Investigates: Vicious Circle	Nuacht/Fíorasach is Fearr: Gradam Cré-umha
International Shark Advertising Awards	The Lucy Kennedy Show	Siamsaíocht is Fearr: Gradam Cré-umha
International Shark Advertising Awards	Tuffy	Stiúrthóir Éireannach Nua: Jason Butler; Brendan Butler
Irish Medical Media Awards	How Long Will You Live?/The Party's Over	Iriseoirí Liachta na Bliana
Irish Medical Media Awards	News: Richard Dowling Reports	Na Meáin Chraolta Tomhaltóra: Nuacht
Irish Medical Media Awards	Outbreak: Surviving Tuberculosis	Na Meáin Chraolta Tomhaltóra: Clár Faisnéise
Irish Web Awards	www.rte.ie	Láithreán Gréasáin is Usáid in Éirinn
Irish Web Awards	www.rte.ie/sport	Suíomh Spóirt is Fearr in Éirinn
Irish Web Awards	www.rte.ie	Láithreán Gréasáin is Fearr in Éirinn

Stair Airgeadais

	IFRS 2009 €'000	IFRS 2008 €'000	IFRS 2007 €'000	IFRS 2006 €'000	GAAP na hÉireann 2005 €'000
RÁITEAS IONCAIM					
Táille Cheadúnais Teilifíse	200,217	200,852	195,699	182,835	170,131
Ioncam tráchtála	174,704	239,908	245,453	222,186	199,757
Ioncam iomlán	374,921	440,760	441,152	405,021	369,888
Costais oibriúcháin	(389,393)	(460,510)	(430,189)	(403,660)	(366,764)
(Easnamh)/ barrachas roimh airgeadú agus cáin	(14,472)	(19,750)	10,963	1,361	3,124
Ioncam airgeadais	1,826	5,363	3,970	2,392	1,597
Costas airgeadais	(661)	(764)	(1,534)	(1,227)	(445)
(Costas) / ioncam glanairgeadais a bhaineann le pinsean sochair sainithe	(2,814)	5,725	16,184	14,485	12,185
Cáin	(339)	9,459	(3,154)	937	-
(Easnamh)/barrachas roimh Mhír Eisceachtúil	(16,460)	33	26,429	17,948	16,461
Mír Eisceachtúil (muirear athstruchtúrtha)	(11,341)	-	-	-	-
(Easnamh)/barrachas don bhliain	(27,801)	33	26,429	17,948	16,461
CLÁR COMHARDAITHE					
Sócmhainní neamh-reatha agus reatha					
Maoin, innealra agus trealamh	98,286	108,931	79,096	80,012	91,690
Sócmhainní neamh-inláimhsithe	4,711	4,973	4,515	3,346	-
Sócmhainn pinsin	9,208	-	17,535	13,872	3,253
Fardail	37,156	41,314	44,387	41,453	-
Sócmhainní eile	112,625	134,418	175,922	154,855	130,168
Sócmhainní iomlána	261,986	289,636	321,455	293,538	225,111
Dlíteanais neamh-reatha agus reatha					
Sochair d'fhostaithe – soláthar athstruchtúrtha	24,150	16,343	17,439	20,510	26,994
Dlíteanais chánach iarchurtha	969	-	10,365	11,471	-
Deontais chaipitil	-	-	-	-	13,370
Dlíteanas pinsin	-	86,617	-	-	-
Dlíteanais eile	91,432	112,413	112,922	100,487	89,200
Dlíteanais iomlána	116,551	215,373	140,726	132,468	129,564
Cothromas	145,435	74,263	180,729	161,070	95,547
Cothromas agus dlíteanais iomlána	261,986	289,636	321,455	293,538	225,111
SREABHADH AIRGID					
Glan airgead ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	9,323	18,437	31,224	25,611	20,690
Glan sreabhadh airgid ó (fháil)/diúscairt maoin, innealra agus trealamh agus sócmhainní neamh-inláimhsithe	(20,506)	(45,907)	(22,689)	(13,612)	(10,710)
ÁIREAMH FOSTAITHE					
RTÉ (gan TG4)	2,214	2,351	2,307	2,283	2,239
TG4	-	-	-	-	107
Iomlán ar 31 Nollaig	2,214	2,351	2,307	2,283	2,346

Notáí



Raidió Teilifís Éireann
Domhnach Broc
Baile Átha Cliath 4

T: 01 208 3111
F: 01 208 3080

www.rte.ie